An Roinn Gnó,
Fiontar agus Nuálaíochta
Department of Business,
Enterprise and Innovation

# Tuarascáil Bhliantúil 2019

Mí Meán Fómhair 2020
dbei.gov.ie

# Clár Ábhar

Réamhfhocal 3

Fís, Misean, Luachanna 6

Réamhrá faoin Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta 7

Bord Bainistíochta 9

Cairt Eagrúcháin 10

Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta 11

Sonraí Fostaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh 12

Áirítear leis na príomh-éachtaí sa bhliain 2019: 14

**Ráiteas Straitéise 2018-2021 19**

Sprioc 1: Fiontraíocht agus fostaíocht ardchaighdeáin a chruthú agus a chothú i ngach réigiún sa tír 19

Sprioc 2: Ceannas a thabhairt do chur chuige uile-rialtais maidir leis an timpeallacht is iomaíche a fhorbairt d'infheistíocht, táirgiúlacht agus poist inbhuanaithe 33

Sprioc 3: Éire a Chur Chun Cinn mar Cheannródaí Nuálaíochta Domhanda 45

Sprioc 4: Tacaíochtaí caidrimh dhearfaigh san áit oibre, sásraí réitigh díospóidí a fheidhmíonn go maith, forfheidhmiú fónta na gceart fostaíochta agus timpeallacht oibre shábháilte a chur ar fáil 60

Sprioc 5: A chinntiú go n-éascaíonn rialáil gnó infheistíocht agus forbairt gnó, iomaíochas sa mhargadh, ardchaighdeáin i dtaca le cosaint tomhaltóirí agus rialachas corparáideach 67

Sprioc 6: Oibriú go huaillmhianach lenár gComhpháirtithe AE agus Idirnáisiúnta chun dul chun cinn a dhéanamh thar raon leathan leasanna, an Breatimeacht ina measc 76

Sprioc 7: Infheistiú inár bhfoireann agus an leas is fearr a bhaint as ár gcuid acmhainní 91

Aguisín 1 Billí a Foilsíodh nó a Achtaíodh sa bhliain 2019 104

Aguisín 2 Ionstraimí Reachtúla a rinneadh sa bhliain 2019 105

# Réamhfhocal

Fáiltím roimh fhoilsiú Thuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2019, ina dtugtar achoimre ar na gníomhaíochtaí agus tionscnaimh a tugadh fúthu in 2019 ar fud mhandáid fhorleathan na Roinne agus faoi Chlár an Rialtais. Níl sé i bhfad ó ceapadh mé i mo Thánaiste agus i mAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus táim ag tnúth le bheith ag obair leis na páirtithe leasmhara agus leis an bhfoireann ar fud na Roinne d'fhonn na réimsí tábhachtacha beartais atá faoinár gcúram a chur chun cinn.

Seoladh *Future Jobs Ireland* in 2019, trína leagtar amach bealach chun a chinntiú go bhfuil geilleagar na hÉireann in áit mhaith chun bheith faoi bhláth sa todhchaí. Tiocfaimid ar ais chuige seo i bhfianaise COVID-19 chun a chinntiú go mbeidh éifeacht mhór aige. Lean an Roinn de bheith ag díriú ar fhorbairt réigiúnach, ós rud é gur tugadh naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnaí chun críche agus gur foilsíodh iad i rith na bliana.

Leanann an Roinn de ról tábhachtach a ghlacadh i dtreo a bheith ag ullmhú do na dúshláin a bhaineann leis an mBreatimeacht agus chuir go mór le réimsí tacaíochtaí Breatimeachta agus pleanáil teagmhais do ghnóthaí Éireannacha a fheabhsú i rith na bliana 2019. Leanann na gníomhaireachtaí fiontair agus na hOifigí Fiontair Áitiúil de bheith ag obair le gnóthaí agus le fiontraithe ar fud na tíre d'fhonn tacaíochtaí ríthábhachtacha a chur ar fáil.

Ghlac Airí Rialtais agus an Roinn ceannaireacht ar roinnt misean trádála thar lear le linn na bliana 2019 agus bhíodar rannpháirteach maidir le réimse leathan saincheisteanna a bhain le trádáil agus le comhaontuithe trádála AE.

Tá ról suntasach glactha ag an Roinn le míonna beaga anuas chun cuidiú le gnóthaí aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le COVID-19, dúshláin nach bhfacthas a leithéid riamh cheana, agus chun gnóthaí a chur i mbun a gcuid oibre arís ar bhealach sábháilte. Leantar leis an obair seo agus beimid ag leanúint dár straitéisí agus tacaíochtaí a athbhreithniú chun tionchar mór a chinntiú.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do thiomantas agus do thacaíocht na foirne thar réimse leathan freagrachtaí na Roinne, ina cuid Oifigí agus ina cuid Gníomhaireachtaí i rith na bliana. Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Aire a tháinig romham, an tAire Heather Humphreys, T.D., agus leis an Aire Stáit Pat Breen, T.D., agus le John Halligan, T.D., as a dtreallús agus a dtiomantas mar aon lena dtacaíocht in éachtaí na bliana 2019 a sheachadadh. Is mian liom freisin buíochas a ghlacadh leis an Dr. Orlaigh Quinn as a cuid ceannaireachta ar an Roinn le linn na bliana.

**LEO VARADKER, T.D.**
**TÁNAISTE AGUS AIRE FIONTAR, TRÁDÁLA AGUS FOSTAÍOCHTA**

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil na Roinne don bhliain 2019 a chur i láthair. Leagtar amach sa tuarascáil an iliomad éacht faoi shainchúraimí ar fad na Roinne i rith na bliana. Leanamar, sa bhliain 2019, de na gealltanais inár Ráiteas Straitéise 2018 – 2021 agus sa Chlár do Rialtas Comhpháirtíochta a sheachadadh.

Leanamar freisin, i rith 2019, de thosaíocht a thabhairt do thacaíochtaí a sholáthar do ghnólachtaí, go háirithe iad sin a raibh tionchar ag an mBreatimeacht orthu. Rinneamar forléargas ar na tacaíochtaí Rialtais ar fad atá ar fáil do ghnólachtaí san fhoilseachán *Tacaíochtaí Rialtais do Ghnólachtaí Dúchasacha*.

Forbraíodh agus foilsíodh líon beartas agus straitéisí tábhachtacha faoi cheannaireacht na Roinne i rith na bliana. I mí an Mhárta, seoladh *Future Jobs Ireland*, creat uile-Rialtais a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar sách athléimneach le suaitheadh amach anseo a sheasamh agus sách solúbtha le leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn. Ar na beartais agus straitéisí eile dár gcuid bhí naoi b*Plean Fiontraíochta Réigiúnach*, a *Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar* agus *Prótacal Náisiúnta na hÉireann um Maoin Intleachtúil 2019*. Sheolamar an Straitéis Tionscal 4.0 i mí na Nollag, straitéis atá ceaptha tacú le claochlú digiteach a chur ar an earnáil déantúsaíochta agus ar a slabhra soláthair. Rinneamar athbhreithniú lártéarma ar *Nuálaíocht 2020* chomh maith.

Dhírigh an Roinn go mór, i rith 2019, ar phlé lenár iliomad páirtithe leasmhara agus d'eagraigh agus ghlac páirt in imeachtaí ollmhóra faoinár sainchúraimí ar fad. Tá ardmheas ar bplé sin le páirtithe leasmhara agus is acmhainn ollmhór iad d'obair na Roinne. Is mian liom mo bhuíochas a ghabháil leis na páirtithe leasmhara as a gcuid ama agus ionchur a thabhairt don phlé sin.

Bunaíodh Grúpa Comhairliúchán FBM nua in 2019 chun ardán a chur ar fáil do phlé struchtúrtha idir an rialtas, gníomhaireachtaí, comhlachtaí ionadaíocha agus gnólachtaí beaga, maidir leis na moltaí in *Athbhreithniú an OECD ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn*, a choimisiúnaigh an Roinn.

Bhí an Roinn i gceannas ar 13 mhisean trádála thar lear i rith 2019 agus bhí sí rannpháirteach i raon leathan saincheisteanna a bhain le trádáil agus comhaontuithe trádála an AE. I measc chinn scríbe na misean trádála bhí: an Astráil agus Singeapór; an Ríocht Aontaithe; Ceanada; an Nua-Shéalainn; an Spáinn; an Pholainn; Stáit Aontaithe Mheiriceá; an tSeapáin; an Ísiltír; an Afraic Theas agus an Chéinia; Cuáit, AEA agus Bairéin; an tSín agus an Ghearmáin.

Ritheadh roinnt píosaí reachtaíochta tábhachtacha i rith na bliana freisin, lena n-áirítear an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2019.

Bhí bróid orm a bheith i mo chomh-óstach, in éineacht leis an Aire Humphreys ar an gcomhdháil *Countess Markievicz Conference – Celebrating Women Leaders in Ireland,* a tionóladh i Seomra Theach na dTiarnaí, Faiche an Choláiste i mí na Samhna 2019.

Laistigh de Roinn, leanamar de dhíriú ar bhealaí nuálacha de bheith ag obair, bealaí a chabhróidh linn bheith níos éifeachtúla agus timpeallacht oibre níos fearr a chruthú dár mbaill foirne. Chuir Grúpa Nuálaíochta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, grúpa atá i gceannas ar an gclár oibre seo sa Roinn, líon beart agus tionscnamh chun críche.

Mar fhocal scoir, is mian liom buíochas a ghabháil le foireann na Roinne agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí as a dtiomantas ó thaobh ár seirbhísí a sholáthar i rith na bliana. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt go háirithe don fhoireann as an tsolúbthacht agus freagrúlacht a léirigh siad le roinnt míonna anuas, nuair a bhí orainn sinn féin a atheagrú go mór agus go tobann, mar thoradh ar na dúshláin a chruthaigh COVID-19.

**AN DR ORLAIGH QUINN, AN tORD RÚNAÍ**
**AN ROINN GNÓ, FIONTAR AGUS NUÁLAÍOCHTA**

# Fís

CINNTEOIMID GURB Í ÉIRE AN ÁIT IS FEARR DÁ BHFUIL ANN LE RATH A BHEITH AR GHNÓ AGUS SOLÁTHRÓIMID LÁNFHOSTAÍOCHT INBHUANAITHE AGUS CAIGHDEÁIN NÍOS AIRDE MAIREACHTÁLA I nGACH RÉIGIÚN SA TÍR.

# Misean

CRUTHÚ AGUS COTHABHÁIL LÁNFHOSTAÍOCHTA ARDCHAIGHDEÁIN AGUS INBHUANAITHE A SPREAGADH I nGACH RÉIGIÚN SA TÍR, TRÍNA BHEITH INÁR gCRANN TACA AR SON NA FIONTRAÍOCHTA AGUS NA NUÁLAÍOCHTA AR FUD AN RIALTAIS, TACÚ LE BONN GNÓ IOMAÍOCH CHUN DAOINE A DHREASÚ I dTREO NA hOIBRE, NA FIONTRAÍOCHTA, NA TRÁDÁLA, NA NUÁLAÍOCHTA AGUS NA hINFHEISTÍOCHTA, AGUS FOSTAÍOCHT AGUS MARGAÍ ATÁ CÓIR AGUS IOMAÍOCH A CHUR CHUN CINN CHOMH MAITH LE DEA-CHLEACHTAS GNÓ TRÍ OBAIR RIALÁLA AGUS FORFHEIDHMIÚCHÁIN NA ROINNE, A hOIFIGÍ AGUS A GNÍOMHAIREACHTAÍ.

# Luachanna

MAR ROINN, COTHAÍMID CULTÚR AR CUID LÁRNACH DE IAD FREAGRACHT, ÉIFEACHTÚLACHT AGUS LUACH AR AIRGEAD, ATÁ FRÉAMHAITHE IN ÉITEAS SEIRBHÍSE POIBLÍ LENA mBAINEANN NEAMHSPLEÁCHAS, IONRACAS, NEAMHCHLAONTACHT, OSCAILTEACHT, DÍNIT AGUS MEAS.

MAR STÁTSEIRBHÍSIGH, SEASAIMIDNE LEIS NA CAIGHDEÁIN IS AIRDE GAIRMIÚLACHTA, MACÁNTACHTA, OIBIACHTÚLACHTA AGUS CÁILÍOCHTA, ATÁ DEN RIACHTANAS INÁR RÓIL AG TACÚ LEIS AN

# Réamhrá faoin Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta

Tá ról lárnach ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta chun beartais an Rialtais a chur i bhfeidhm maidir le hacmhainn táirgiúlachta an gheilleagair a spreagadh agus timpeallacht a chruthú a thacaíonn le cruthú agus cothú post. Tá sainchúram ar an Roinn freisin maidir le hiomaíocht chóir sa mhargadh a chinntiú agus tomhaltóirí agus oibrithe a chosaint.

Trína hOifigí agus Gníomhaireachtaí, tá raon leathan gníomhaíochtaí i gceist le sainchúram na Roinne, lena n-áirítear:

- Tosú agus fás fiontar dúchasach a éascú;
- Infheistíocht dhíreach choigríche a mhealladh;
- Deiseanna onnmhairithe a fhás agus a neartú;
- Beartais trádála idirnáisiúnta na hÉireann a shainaithint, a cheapadh agus a fhorbairt;
- Feabhas a chur ar iomaíochas agus táirgiúlacht;
- Nuálaíocht agus fás a chur chun cinn le hinfheistíocht i dtaighde agus forbairt cuideachtaí;
- Iomaíocht chóir a chur chun cinn do ghnólachtaí agus do thomhaltóirí;
- Dlí na gcuideachtaí atá oiriúnach don fheidhm agus nua-aimseartha a chinntiú;
- Cearta oibrithe a chosaint lena n-áirítear a dteidlíocht ar shábháilteacht agus ar shláinte cheirde;
- Tacú le timpeallacht dhearfach chaidrimh thionsclaíoch agus í a éascú;
- Beartas a dhéanamh atá bunaithe ar fhianaise agus a mbeidh taighde, anailís agus cultúr láidir measúnaithe ina lón eolais faoi;
- Scileanna a bheidh riachtanach don fhiontraíocht amach anseo a shainaithint;
- Cumas neamhspleách agus cuí rialála agus forfheidhmiúcháin a sholáthar; agus
- Ionadaíocht agus idirbheartaíocht a dhéanamh do leasa na hÉireann i bhfóraim ábhartha an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear:
    - An Chomhairle Iomaíochais (a chuimsíonn an Margadh Inmheánach, Tionscal agus Taighde),
    - An Chomhairle Gnóthaí Eachtracha (ag teacht le chéile ina foirmíocht Ghnó)


  agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha;
    - An Eagraíocht Dhomhanda Trádála,
    - An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair,
    - An Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD),

- An Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil.

# Bord Bainistíochta

## STRUCHTÚR NA ROINNE

Tá an Roinn comhdhéanta de na seacht Rannóga seo a leanas:




## AN BORD BAINISTÍOCHTA

Tá Bord Bainistíochta na Roinne comhdhéanta den Ard-Rúnaí, seachtar Rúnaithe Cúnta agus Ceann an Aonaid Tacaíochta Bainistíochta.

Bhuail an Bord Bainistíochta le chéile gach seachtain i rith 2019.

## AN BORD BAINISTÍOCHTA AIREACHTA

Tionóladh cruinnithe den Bhord Bainistíochta Aireachta gach mí sa bhliain 2019. D'fhreastail an tAire, na hAirí Stáit agus Comhairleoirí Speisialta don Aire ar na cruinnithe sin, chomh maith le comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

## OIFIGÍ AGUS GNÍOMHAIREACHTAÍ

Tá seacht nOifig agus ocht nGníomhaireacht ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Cairt Eagrúcháin




# Oifigí agus Gníomhaireachtaí na Roinne Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta







# Sonraí Fostaíochta ón bPríomh-Oifig Staidrimh





Fionse: An Phríomhoifig Staidrimh




Ráta Dífhostaíochta amhail an 31/12/2019: ▲ 4.7%

## Rátaí Réigiúnacha Dífhostaíochta (R4 2019)




Fionse:  An Phríomhoifig Staidrimh

# Áirítear leis na príomh-éachtaí sa bhliain 2019:

### BEARTAIS / STRAITÉISÍ

Seoladh Future Jobs Ireland i mí an Mhárta 2019, ag eascairt as Fiontraíocht 2025: Athnuaite. Is creat uile-Rialtais é a bhfuil mar aidhm leis a chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar sách athléimneach le suaitheadh amach anseo a sheasamh agus sách solúbtha le leas a bhaint as deiseanna nuair a thagann siad chun cinn.

Go luath sa bhliain 2019, sheol an tAire Humphreys naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnach nua, amach go 2020, mar thoradh ar an athnuachan agus an athdhíriú a rinneadh ar na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist roimhe seo.

Tugadh an tAthbhreithniú lártéarma ar Nuálaíocht 2020 chun críche, thug an Rialtas ar aird é agus foilsíodh i mí an Mheithimh é. Foilsíodh an Ceathrú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn Chur i bhFeidhm Nuálaíocht 2020 i mí Iúil 2019.

D'fhoilsigh an Roinn an chéad Straitéis Náisiúnta Spáis d'Fhiontar in Éirinn.

I mí na Nollag 2019, seoladh an Straitéis Tionscal 4.0 2020-2025, an príomhtháirge insolártharta faoi Future Jobs 2019. Tá 18 gníomh straitéiseach sa Straitéis, faoi 5 sprioc, agus tacóidh sí le claochlú na hearnála déantúsaíochta, le spreagadh ón ráig teicneolaíochtaí nua TFC.

Bunaíodh Grúpa Comhairleach FBM nua sa bhliain 2019 chun ardán a chur ar fáil do phlé struchtúrtha idir an rialtas, gníomhaireachtaí, comhlachtaí ionadaíocha agus gnólachtaí beaga maidir leis na moltaí in Athbhreithniú an OECD ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn, arna choimisiúnú ag an Roinn sa bhliain 2018.

I mí an Mhárta 2019, sheol an Roinn Prótacal Náisiúnta na hÉireann um Maoin Intleachtúil 2019 - Creat um Thráchtáil Taighde Rathúil agus Treoir Acmhainní a théann leis.

### TACAÍOCHTAÍ DO GHNÓLACHTAÍ

Bliain an-mhaith a bhí sa bhliain 2019 maidir le cruthú post i measc chliaint Fiontraíocht Éireann (FÉ). Cruthaíodh 16,971 post nua comhlán ar feadh na réigiún ar fad. Cruthaíodh 4,706 post nua, i ndiaidh poist a cailleadh a chur san áireamh, agus bhí fás ar fhostaíocht i ngach réigiún. Sa bhliain 2019, thuairiscigh cliantchuideachtaí FÉ an fhostaíocht ab airde i stair na gníomhaireachta, agus tá 221,895 duine fostaithe anois i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó FÉ. Bhí os cionn 99 láithreacht nua sa mhargadh i limistéar an euro sa bhliain 2019 agus rinne cliantchuideachtaí 1,554 chonradh nua thar lear.

Bhí feidhmíocht láidir ag GFT Éireann sa bhliain 2019. Chruthaigh cliantchuideachtaí 21,844 phost nua comhlán ar an talamh. 13,867 bpost breise an méadú glan ar phoist. Tá cliantchuideachtaí GFT Éireann freagrach as beagnach 11% den fhostaíocht sa Stát anois. 245,096 an líon iomlán post ó infheistíocht dhíreach choigríche in Éirinn amhail dheireadh 2019, an líon ab airde duine riamh arna fhostú san earnáil ilnáisiúnta, líon a sháraigh spriocanna an Rialtais arna leagan amach i Straitéis GFT Éireann – *Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019*. Cruthaíodh 54,868

bpost taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath le cúig bliana anuas faoi Straitéis GFT Éireann – *Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019*, as a lean 33,118 bpost díreach breise (glan) ar an talamh i réigiúin ag deireadh na straitéise sin.

I rith 2019, chruthaigh cliaint Oifigí Fiontair Áitiúla líon iomlán de 7,408 bpost nua lánaimseartha agus páirt-aimseartha (comhlán). Má chuirtear caillteanais i bpunann cliantchuideachtaí san áireamh, bhí méadú glan 3,149 bpost ann (lánaimseartha agus páirt-aimseartha). Bhí 7,400 cliantchuideachta, agus líon iomlán de 38,535 duine fostaithe (poist lánaimseartha agus páirt-aimseartha) ag baint le , punann Oifigí Fiontair Áitiúla sa bhliain 2019.

Fógraíodh an cúigiú Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair mar chuid de Bhuiséad 2019 agus leithdháileadh €175 milliún eile thar shaolré na scéime nua, 2019-2024. Seoladh an chéad ghlao faoin scéim i mí Feabhra 2019.

D'fhorbair agus d'fhoilsigh an Roinn 'Tacaíochtaí Rialtais do Ghnólachtaí Dúchasacha'. Tugtar breac-chuntas ann ar an raon tacaíochtaí Rialtais atá ar fáil do ghnólachtaí dúchasacha Éireannach.

Is éard atá sa Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí, a seoladh i mí an Mhárta 2019, ciste iasachta €300m atá ar fáil do ghnólachtaí Éireannacha incháilithe agus do na hearnálacha príomhúla talmhaíochta agus bia mara, chun tacú le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach.

Tugadh isteach an Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh den chéad uair sa bhliain 2017 agus rinneadh an tríú glao, arbh fhiú €45m é in 2019. Chríochnaigh sí in 2019 freisin agus ceadaíodh 26 thionscadal réigiúnacha breise le haghaidh maoinithe.

I mí Iúil 2019, seoladh Ciste Iomaíoch na nOifigí Fiontair Áitiúla de €2.5M. Tá an scéim dírithe ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide atá bunaithe cheana féin. Fógraíodh an Ciste um an Dúshlán Táirgiúlachta, arbh fhiú €500k é, an 12 Iúil, ar bhonn píolótach, trí na hOifigí Fiontair Áitiúla. Is éard atá sa Dúshlán Táirgiúlachta, clár náisiúnta a thacaíonn le gnólachtaí beaga agus fiontair bheaga na hÉireann trí bhíthin an chomhairle cheart a chur orthu agus na hacmhainní oiliúna cearta a thabhairt dóibh chun táirgiúlacht agus éifeachtúlacht a fheabhsú.

Sa bhliain 2019, cheadaigh Microfinance Ireland maoiniú €6.02m do 451 ghnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 856 phost a chruthú nó a chothabháil. Tugadh 76% de na hiasachtaí do mhicrifhiontair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Is do cheannairí mná mhicrifhiontair a thugtar 27% de na hiasachtaí MFI.

Sa bhliain 2019, ceadaíodh 80 saoráid faoi Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na FBM, arbh fhiú €19.2m iad. Leis sin, cruthaíodh 274 phost agus coinníodh 1,057 bpost. Tá mar aidhm leis an scéim seo cabhrú le FBManna inmharthana nach bhfuil in ann faoi na gnáthchritéir iasachta iasachtaí a fháil óna mbanc, teacht ar chaipiteal. Oibrítear an scéim trí bhíthin ráthaíocht 80% a thabhairt do sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha (AIB, Banc na hÉireann agus Banc Uladh) maidir le hiasachtaí cáilitheacha do FBManna.

Tugadh dhá athbhreithniú ar na liostaí scileanna criticiúla agus gairmeacha neamh-incháilithe le haghaidh ceadanna fostaíochta chun críche sa bhliain

2019. Mar thoradh ar na hathbhreithnithe, rinneadh athruithe ar an gcóras Ceadanna Fostaíochta chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais oibrithe i bpríomh-earnálacha den gheilleagar, lena n-áirítear foirgníocht, iompar, agraibhia, fáilteachas agus spóirt ardfheidhmíochta. Chomhaontaigh an Roinn agus An Roinn Dlí is Cirt agus Comhionannais próiseas sruthlínithe nua a thugann deis do chéilí/pháirtithe shealbhóirí Ceadanna Fostaíochta le haghaidh Scileanna Criticiúla rochtain láithreach a fháil ar an margadh saothair gan ghá le cead fostaíochta .

Lean An Fóram Comhairliúcháin Miondíola de bhéim a chur ar riachtanais forbartha na hearnála sa bhliain 2019 agus threisigh a cuid oibre ar ullmhacht don Bhreatimeacht, lena n-áirítear sna hiarrachtaí maolaithe a theastaíonn chun aon chur isteach ar shlabhraí soláthair bia a íoslaghdú.

## NUÁLAÍOCHT

Rinneadh an dara glao faoi Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, (Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha ) an Rialtas, arbh fhiú €500m é. Leis sin, leithdháileadh maoiniú €65 milliún ar 16 thionscadal comhoibritheacha ardtionchair maidir le taighde, forbartha agus nuálaíochta leis an earnáil FBM.

Rinneadh gnóthachtáil shuntasach i ngach réimse de ghníomhaíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann sa bhliain 2019. Ceadaíodh 317 ngradam ilbhliantúla nua sa bhliain 2019 ar feadh 32 chlár, agus ba é €448.5m luach iomlán an ghealltanais ina leith. €188m ab ea an líon iomlán íocaíochtaí le comhlachtaí agus forais taighde sa bhliain 2019.

I rith 2019, thug Fiontraíocht Éireann tacaíocht do 1,084 thionscadal chomhoibritheacha idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais Éireannacha mar chuid d'iarracht béim níos mó a chur ar fhorbairt ghnó.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an Roinn an chéad Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar 2019-2025. Tacóidh an straitéis náisiúnta le tionscal a bheidh inbhuanaithe go heacnamaíoch agus gníomhach ó thaobh an spáis de, a mhéadú in Éirinn.

## AN BREATIMEACHT

Lean an Roinn, sa bhliain 2019, lena hobair fhairsing chun cur chuige comhordaithe agus comhtháite ar an mBreatimeacht a chinntiú ar feadh na Roinne, a hoifigí agus a Gníomhaireachtaí. Áiríodh air sin dlúth-idirchaidreamh le Ranna Rialtais eile agus gníomhaireachtaí Stáit, lena n-áirítear ullmhú do Bhreatimeacht gan mhargadh.

I mí an Mhárta 2019, síníodh an Brexit Omnibus Act isteach sa dlí. Dhréachtaigh an Roinn Cuid 3 den Omnibus Act, rud a chuir ar chumas Fhiontraíocht Éireann tuilleadh tacaíochta a thabhairt do ghnólachtaí. Níor tosaíodh an reachtaíocht sin de bharr gur seachnaíodh Breatimeacht gan mhargadh. Mar sin féin, bhí na tograí reachtacha i gCuid 3 e dhíth chun foráil a dhéanamh do gach chás maidir leis an mBreatimeacht, agus ní maidir le Breatimeacht gan mhargadh agus sin amháin, agus ghlac an Roinn gníomh chun plé le leasuithe FÉ mar Bhille as féin. Dá bharr sin, síníodh an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019 isteach sa dlí i mí na Nollag 2019.

Rinne an tAire Humphreys teagmháil le breis is 220,000 cuideachta ar chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí chun iad a chur ar an eolas faoin raon tacaíochtaí agus eagraíochtaí a bhí ar fáil chun cabhrú leo lena gcuid ullmhúcháin don Breatimeacht.

Rinneadh dhá Shuirbhé ar an mBreatimeacht in 2019, agus thug na torthaí uathu léargais mhóra ar thionchar an Bhreatimeachta ar FBManna agus ar an méid ullmhúcháin don Bhreatimeacht atá á dhéanamh ag FBManna.

## TRÁDÁIL

Stiúir an tAire Humphreys agus an tAire Breen 13 Mhisean Trádála thar lear i rith 2019. Ar na háiteanna ar tugadh cuairt orthu bhí: an Astráil agus Singeapór; an Ríocht Aontaithe; Ceanada; an Nua-Shéalainn; an Spáinn; an Pholainn; Stáit Aontaithe Mheiriceá; an tSeapáin; an Ísiltír; an Afraic Theas agus an Chéinia; Cuáit, AEA agus Bairéin; an tSín agus an Ghearmáin.

- Tháinig feidhm leis an gComhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin an 1 Feabhra 2019.
- An 30 Meitheamh 2019, shínigh an AE agus Vítneam an Comhaontú Saorthrádála agus an Chomhaontú Cosanta Infheistíochta.
- Tháinig feidhm le Comhaontú Saorthrádála an AE-Singeapóir an 20 Samhain 2019.
- Tugadh idirbheartaíochtaí trádála AE-Mercosur chun críche agus tá na téacsanna dlí á ndréachtú faoi láthair. Eisíodh iarraidh ar thairiscint maidir le Measúnú Tionchair Eacnamaíochta agus Inbhuanaitheachta ar margadh trádála AE-Mercosur d'Éirinn agus do thíortha is comhpháirtithe.

Tháinig éifeacht le hAchtú Rialachán an Aontais Eorpaigh maidir le Scagadh Infheistíochta i mí Aibreáin 2019. Tá Aonad tiomnaithe um Scagadh Infheistíochta bunaithe ag an Roinn agus feidhmeoidh sé mar Phointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann.

Sa bhliain 2019, riar an Roinn 630 ceadúnas onnmhairithe le haghaidh earraí rialaithe, lenar bhain luach iomlán os cionn €3.5bn.

## PRÍOMHREACHTAÍOCHT A RITHEADH

- an tAcht um Shainmharcáil (Leasú) 2019
- Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2019
- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019
- Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2019
- An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019
- An tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019

## SAINCHEISTEANNA TÁBHACHTACHA EILE

Bhunaigh an Oifig um Chlárú Cuideachtaí an Clár um Úinéireacht Thairbhiúil.

Le héifeacht ón 2 Nollaig 2019, d'athraigh Oifig na bPaitinní i gCill Chainnigh a hainm go "Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann". Athraíodh an teideal Rialtóir Paitinní, Dearaí agus Trádmharc freisin go "Rialtóir Maoine Intleachtúla".

Fuair Lárionad SOLVIT na hÉireann scór an-ard i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh as feidhmíocht lárionad náisiúnta sa Líonra SOLVIT (líonra neamhfhoirmiúil chun fadhbanna a réiteach a chabhraíonn le saoránaigh agus le gnólachtaí an AE a gcearta Margadh Aonair a fhorfheidhmiú i mBallstát eile).

Fuair Seirbhís Breithnithe an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre 20,939 ngearán shonracha sa bhliain 2019.

Fuair An Chúirt Oibreachais 1,182 ábhar arna dtarchur in 2019, arbh ionann iad agus ardú 1% ar an líon ábhar arna dtarchur (1,169) in 2018.

Bliain mhór a bhí in 2019 don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus céad bliain ar an bhfód á chéiliúradh aici. Chun é sin a chomóradh, d'óstáil an Roinn, i gcomhpháirtíocht le hOllscoil na hÉireann agus na comhpháirtithe sóisialta Comhdháil Náisiúnta Chuimhneacháin Chéad Bliain i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2019. An tUachtarán Ó hUigínn a d'oscail an Chomhdháil agus labhair Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, an tUas. Guy Ryder agus buaiteoir dhuais Nobel, an tUas. Kailash Satyarthi, ag an gcomhdháil.

Tuairiscíodh 46 bhás san áit oibre chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta in 2019, i gcomparáid le 39 in 2018. San earnáil talmhaíochta a tharla 18 de na básanna sin, agus is ar fheirmeacha a tharlaíonn an líon is airde timpistí agus básanna san áit oibre fós. Tháinig ardú ar líon na mbásanna san earnáil foirgníochta, ó 5 bhás 5 in 2018 go 12 in 2019. Tharla 75% de na díobhálacha marfacha sna sé mhí dheireanacha sa bhliain.

I rith 2019, thug an Roinn faoi fheachtais chumarsáide saindírithe ar an mBreatimeacht, Pleananna Forbartha Fiontraíochta Réigiúnachas, An Straitéis Spáis, Future Jobs Ireland.

D'óstáil an tAire Humphreys agus an Ard-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, an chomhdháil *Countess Markievicz Conference – Celebrating Women Leaders in Ireland,* a tionóladh i Seomra Theach na dTiarnaí, Faiche an Choláiste i mí na Samhna 2019.

Tugadh Athbhreithniú ar Inniúlacht na Roinne chun críche i mí na Nollag 2018 agus thug an Rialtas dá aire é, chomh maith le Plean Feidhmithe na Roinne, i mí Aibreáin 2019. Tá an dá dhoiciméad sin foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne. Rinneadh roinnt moltaí san Athbhreithniú agus thug an Roinn aghaidh ar go leor díobh i rith 2019. Déanfar tuilleadh dul chun cinn ar chinn eile díobh i rith 2020.

Bhí an Roinn rannpháirteach i nGradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís agus cuireadh trí thionscadal ar an ngearrliosta. Bhuaigh 'An tSeachtain Nuálaíochta' an duais sa chatagóir "Feabhas sa Nuálaíocht". Ba é sin an chéad uair a bhain an Roinn duais ag na gradaim. Chruthaigh agus shínigh ceann gach eagraíochta Dearbhú na hÉireann faoi Nuálaíocht na Seirbhíse Poiblí, inar dearbhaíodh gealltanas na heagraíochta cultúr nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn.

# Ráiteas Straitéise 2018-2021

### RÁITEAS STRAITÉISE 2018-2021

Leagtar amach i Ráiteas Straitéise na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta 2018-2021 seacht sprioc ardleibhéil uileghabhálacha a léiríonn tosaíochtaí straitéiseacha thar raon leathan na réimsí a bhfuil an Roinn freagrach astu.

Tá sé d'aidhm leis an Straitéis tógáil ar an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas agus leagtar amach inti fís d'Éirinn a thiontú go dtí an áit is fearr dá bhfuil ann le rath a bheith ar ghnó, le agus lánfhostaíocht inbhuanaithe agus caighdeáin níos airde maireachtála a sholáthar i ngach réigiún sa tír.

## Sprioc 1: BHEITH CHUN TOSAIGH MAIDIR LE FIONTAIR AGUS FOSTAÍOCHT ARDCHAIGHDEÁIN A CHRUTHÚ AGUS A CHOTHÚ I RÉIGIÚIN UILE NA TÍRE ACH TACAÍOCHT A THABHAIRT DO BHONN LÁIDIR FIONTRAÍOCHTA DÚCHAIS, LEANÚINT D'INFHEISTÍOCHT DHÍREACH CHOIGRÍCHE A MHEALLADH AGUS LE CULTÚR LÁIDIR FIONTRAÍOCHTA

D'oibrigh an Roinn ar feadh an rialtais agus le geallsealbhóirí gnó chun leanúint d'fheabhas a chur ar an timpeallacht d'fhás fiontraíochta in Éirinn.

### CRUTHÚ POST AR AN IOMLÁN

Sa bhliain go dtí an Ceathrú Ráithe 2019, cruthaíodh 79,900 post. Bhí os cionn 471,200 níos mó daoine ag obair sa Cheathrú Ráithe 2019 ná mar a bhí in 2012, nuair a seoladh an chéad Phlean Gníomhaíochta maidir le Poist. Tháinig laghdú ar dhífhostaíocht ó os cionn 15% go luath in 2012 go dtí 4.7% i mí na Nollag 2019.

### FEIDHMÍOCHT CHLIANTCHUIDEACHTAÍ NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ FIONTRAÍOCHTA

Tugann an Roinn faoi shuirbhéanna bliantúla ar chliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta (Fiontraíocht Éireann agus an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail) chun taighde bunaithe ar fhianaise a sholáthar chun bonn eolais a chur faoi bheartas fiontraíochta.

#### SUIRBHÉ FOSTAÍOCHTA BLIANTÚIL AR CHLIANTCHUIDEACHTAÍ NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ FORBARTHA FIONTRAÍOCHTA


Is áireamh é an suirbhé seo ar fhostaíocht i thart ar 8,000 cliantchuideachtaí de chuid na ngníomhaireachtaí forbartha fiontraíochta. Léirigh na torthaí ceannlíne is deireanaí le haghaidh 2019 go raibh an fhostaíocht iomlán (lánaimseartha agus páirt-aimseartha) ag 466,911. Ba ghlanmhéadú 18,735 é sin i gcliaint Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann in 2019, méadú 4.1% ar 2018.

### AN SUIRBHÉ BLIANTÚIL GNÓ AR THIONCHAR EACNAMAÍOCH CHLIAINT NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ

Tugann an suirbhé bliantúil seo ar chliantchuideachtaí gníomhaireachta ina bhfuil deichniúr fostaithe nó níos mó (thart ar 4,200 cuideachta). Bailíodh torthaí dheireadh na bliana le haghaidh 2018 in 2019:

- B'ionann díolacháin iomlána agus €275.3bn in 2018, ardú 12.3% ó 2017;
- B'ionann onnmhairí iomlána agus €245.0bn in 2018, ardú 13.1% ó 2017;
- Mhéadaigh breisluach go €96.3bn in 2018 ó €78.3bn in 2017;
- Mhéadaigh caiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann (Párolla, ábhair Éireannacha agus seirbhísí Éireannacha) 6.6% go €49.9bn in 2018.

### PRÍOMHTHÁSCAIRÍ GNÓ DO NA GNÓLACHTAÍ GNÍOMHAIREACHTA AR FAD, 2000-2018, FOINSE: ABSEI




**Billiúin – Díolacháin - Easpórtálacha - Breisluach - Caiteachas Díreach i nGeilleagar na hÉireann**

### FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Léirigh cliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann neart gheilleagar na hÉireann agus na margaí domhanda in 2018 nuair a thuairiscigh siad feidhmíocht láidir fostaíochta. Taifeadadh an fhostaíocht is airde i stair na gníomhaireachta sa suirbhé fostaíochta ar 2019 a rinne Fiontraíocht Éireann. Bhí 221,895 duine fostaithe i gcuideachtaí a fhaigheann tacaíocht ó

FÉ; cruthaíodh 4,706 post nua ndiaidh na caillteanais a chur san áireamh, agus bhí fás ar an bhfostaíocht ar fud na réigiún ar fad.

Scaipeadh cruthú post go cothrom ar fud na tíre, agus bhí méadú ar líon na bpost i ngach contae. Bíonn ról tábhachtach ag cliaint Fhiontraíocht Éireann sa gheilleagar réigiúnach; mar shampla:

- In 2019, bhí 66% den fhostaíocht i gcliantchuideachtaí lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Cruthaíodh 66% de na poist nua a tuairiscíodh i gcuideachtaí atá lonnaithe lasmuigh de Bhaile Átha Cliath;
- Thacaigh Fiontraíocht Éireann le cuideachtaí thart ar 430,000 post díreach agus indíreach a chothú ar fud na tíre; agus
- Chaith cliaint Fhiontraíocht Éireann €27.8bn in 2018 i ngeilleagar na hÉireann ar phárolla, earraí agus seirbhísí.

Is féidir an fheidhmíocht láidir sin ag gnólachtaí Éireannacha a lua le fás leanúnach ar thimpeallacht fiontraíochta do chuideachtaí nuathionscanta, i dteannta le fás láidir ar phoist sna hearnálacha Teicneolaíocht Ghlan (ardú 9%), na hEolaíochtaí Beatha (ardú 6%), Teicneolaíocht Airgeadais (ardú 6%), Leictreonaic (ardú 5%), Bia (ardú 1%) agus TFC agus seirbhísí idirnáisiúnta (ardú 4%). Is ionann an fás ar phoist agus glanmhéadú de 4,706 phost arna gcruthú in 2019.

Tháinig méadú in 2019 ar raon feidhme na n-imeachtaí agus na misean trádála chun tacú le cliaint Fhiontraíocht Éireann níos mó daoine a aimsiú. Tionóladh 207 imeacht sa bhaile agus imeacht trádála idirnáisiúnta ar fud limistéar an euro, i Meiriceá Thuaidh, i réigiún an Aigéin Chiúin, sa Ríocht Aontaithe, sna tíortha Nordacha agus i Lár na hEorpa. Astu sin, b'imeachtaí trádála agus Misin Trádála faoi stiúir Airí 56 díobh. Tá an clár forleathan seo d'imeachtaí idirnáisiúnta trádála riachtanach chun méadú a bhaint amach ar onnmhairí chuig margaí limistéar an Euro agus chuig na margaí domhanda.

I gcomhréir leis an straitéis maidir le héagsúlú margaí, chuir Fiontraíocht Éireann lena líonra de 33 oifig ar fud an domhain sa bhliain 2019 chun lorg domhanda na gníomhaireachtaí a leathnú amach d'fhonn inniúlacht na hÉireann a chur chun cinn i measc níos mó ceannaitheoirí idirnáisiúnta.

Tá an tionscnamh sin mar chuid de straitéis Éire Domhanda 2025 de chuid Rialtais na hÉireann agus is príomh-fhreagra ar an mBreatimeacht é, chun tacú le honnmhaireoirí Éireannacha éagsúlú i níos mór margaí a dhéanamh, níos faide ó bhaile ná an Ríocht Aontaithe. Leis sin, cuireadh méadú mór ar ár líonra oifigí idirnáisiúnta i margaí tosaíochta, ina measc an Ghearmáin, An Fhrainc, An Danmhairg, Ceanada, An Astráil agus Vítneam.

Cabhróidh na hoifigí nua le Fiontraíocht Éireann leas iomlán a bhaint as na deiseanna arna gcur ar fáil ag na margaí sin, ach láithreacht áitiúil agus líonra a bhunú i príomh-réigiúnacha do chuideachtaí Éireannacha.

In 2019, lean Fiontraíocht Éireann ag scálú a bhfeachtais idirnáisiúnta margaíochta don onnmhairiú trí bhíthin *"The Irish Advantage"*. Is feachtas cur chun cinn digiteach don onnmhairiú é sin, a dhíríonn ar fheasacht faoi tháirgí agus seirbhísí Éireannacha a spreagadh i margaí idirnáisiúnta agus ar cheannaitheoirí a spreagadh le hábhar a fháil ó Éirinn.

- Tá feachtas ar bun i 17 margadh agus in 11 earnáil / fho-earnáil. Seoladh príomhfheachtais idirnáisiúnta maidir le teicneolaíocht airgeadais, teicneolaíocht taistil, teicneolaíocht leighis agus teicneolaíocht talmhaíochta, lena n-áirítear feachtais maidir le Leigheas in Éirinn agus an Airéine Nuálaíochta ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta ar mheall gach ceann díobh sin os cionn 100 ceannaitheoir idirnáisiúnta.
- Leathnófar an feachtas amach tuilleadh in 2020 chuig príomh-earnálacha fáis inar sainaithníodh deiseanna d'onnmhaireoirí Éireannacha éagsúlú a dhéanamh, i gcomhthéacs an Bhreatimeachta, agus ar tugadh tús áite dóibh de réir a gcumas.
- Tá os cionn 2m ceannaitheoir B2B aimsithe ag an bhfeachtas go dtí seo, chomh maith le hos cionn 600,000 amharc ar leathanach ag lucht féachana B2B, 400 alt sna meáin idirnáisiúnta agus sna príomh-mheáin trádála, 700 alt agus cás-staidéar i 5 theanga, 1,000+ cliant liostaithe san eolaire agus aimsíodh os cionn 15,000 ceannaitheoir idirnáisiúnta mar lucht féachana ag imeachtaí trádála.

▪ Tá na 43 thionscadal ar éirigh leo Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha a fháil – féach Sprioc 3 le haghaidh tuilleadh mionsonraí – á riar ag Fiontraíocht Éireann thar ceann na Roinne.

▪ Tugtar mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach Fhiontraíocht Éireann ar an mBreatimeacht faoi Sprioc 6.

### OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Is éard atá sa 31 Oifig Fiontair Áitiúil ná 'siopa céad staid' le haghaidh comhairle agus treorach, cúnamh airgeadais agus tacaíochtaí eile do dhaoine ar mian leo a ngnólacht féin a thosú nó a fhás. I rith 2019:

▪ Chruthaigh cliaint na nOifigí Fiontair Áitiúla 7,408 post nua lánaimseartha agus páirtaimseartha (comhlán) san iomlán;

▪ Má chuirtear caillteanais i bpunann cliantchuideachtaí san áireamh, bhí méadú glan 3,149 post (lánaimseartha agus páirtaimseartha) ann; agus

▪ Bhí 7,400 cliantchuideachtaí, le fostaíocht 38,535 duine (lánaimseartha agus páirtaimseartha) san iomlán, ag baint le punann na nOifigí in 2019.

Ba é an rud a bhí i gcroílár chruthú na bpost sin ná raon tacaíochtaí forbartha a chur ar fáil a bhí dírithe ar chumas agus feidhmíocht cuideachta a chothú in earnáil na micrifhiontar:

- In 2019, d'íoc na hOifigí cúnamh airgeadais díreach le 1,341 togra gnó ar bhain luach €20m leis. Astu sin, ba dheontais phríméala de bheagnach €8m do ghnólachtaí nuathionscanta iad 291 ceann díobh.

dteannta an chúnaimh airgeadais dhírigh, thacaigh na hOifigí le cohórt níos leithne fiontraithe agus gnóthaí beaga in 2019 le tacaíochtaí boga eile

- Oiliúint faoi Do Ghnó Féin a Chur ar Bun – 3,874 rannpháirtí
- Clár oiliúna forbartha gnó (Do Ghnó Féin a Chur ar Bun ina measc) ina raibh 37,306 rannpháirtí;
- Tacaíocht mheantóireachta shaincheaptha duine le duine a chur ar fáil do 10,756 rannpháirtí;
- Cuireadh 327 duine ar aghaidh chuig Microfinance Ireland (ceadaíodh 169 n-iarratas ar dheontas), rud a thacaigh le 313 post a chruthú; agus
- Scéim na nDearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne de chuid na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil. Ó seoladh an Scéim in 2014, scaipeadh 6,400 dearbhán ar ghnólachtaí beaga ar fud na hÉireann chun a gcumas trádála ar líne a fhorbairt, lena n-áirítear os cionn 1,200 sa bhliain 2019.

Toradh an-dearfach ar infheistíocht agus tacaíocht na nOifigí Fiontair Áitiúla is ea go bhfuil roinnt cliantchuideachtaí de chuid na nOifigí imithe ar aghaidh go punann Fhiontraíocht Éireann. I rith 2019, chuaigh 162 cliantchuideachtaí de chuid na nOifigí Fiontair Áitiúil ar aghaidh chuig Fiontraíocht Éireann. Tá na cliaint sin i measc na gcuideachtaí is fearr feidhmíochta i bpunann cliant na nOifigí Fiontair Áitiúla (ní léirítear a bhfeidhmíocht in aschur 2019 thuas toisc gur aistríodh go Fiontraíocht Éireann iad.

Tá mionsonraí faoi thacaíochtaí na nOifigí Fiontair Áitiúla faoi Sprioc 6.

### CUMARSÁID NA nOIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚIL

Chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla roinnt imeachtaí bolscaireachta ar bun go náisiúnta i rith na bliana, ina measc:

- Puball Taispeántais ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta;
- Gradaim Fiontraíochta na Scoláirí;
- An tSeachtain Fiontraíochta Áitiúil;
- Na Gradaim Náisiúnta Fiontraíochta; agus
- Fiontraíocht Náisiúnta na mBan.

Rinneadh tuilleadh forbartha ar an straitéis cumarsáide nua-chomhordaithe, *'Making It Happen'*, sa bhliain 2019 chun tacaíochtaí agus seirbhísí na nOifigí Fiontair Áitiúla a chur

chun cinn, ag cur le branda na nOifigí Fiontair Áitiúla agus ag baint úsáid as na cainéil chumarsáide ábhartha ar fad. Tionóladh an chéad lá oiliúna cumarsáide *'Making It Happen'* do bhaill foirne na nOifigí Fiontair Áitiúla in Uíbh Fhailí i mí na Bealtaine 2019, ina reáchtáladh cuir i láthair agus ceardlanna do gach Oifig Fiontair Áitiúil. Reáchtáladh na ceardlanna idirghníomhacha sin le linn na bliana chun an straitéis cumarsáide nua a threisiú.

### FIONTRAÍ ÓG NA hÉIREANN LE TACAÍOCHT Ó NA hOIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Tá ciste foriomlán infheistíochta €2m ag an tionscnamh seo, atá dírithe ar fhiontraithe óga idir 18 agus 35 bliain d'aois. Bunaíodh Fiontraí Óg na hÉireann chun tacú le cultúr na fiontraíochta i measc daoine óga in Éirinn, an fhiontraíocht a chothú mar rogha ghairme, agus daoine óga na hÉireann a spreagadh chun gnóthaí nua a bhunú d'fhonn poist a chruthú. Rinneadh 1,600 iarratas ar an tionscnamh sa bhliain 2019.

### GFT ÉIREANN

D'éirigh go maith le GFT Éireann in 2018, agus chruthaigh a chliantchuideachtaí 21,844 post nua comhlán ar an talamh. Is le cliantchuideachtaí GFT Éireann beagnach 11% den fhostaíocht sa Stát anois.

B'ionann an fhostaíocht iomlán ó infheistíocht dhíreach choigríche in Éirinn ag deireadh 2019 agus 245,096, an líon ab airde riamh a bhí fostaithe san earnáil ilnáisiúnta, líon a sháraigh spriocanna an Rialtais arna leagan amach Straitéis GFT Éireann – Winning: Foreign Direct Investment 2015-2019.

Cruthaíodh 54,868 post lasmuigh de Bhaile Átha Cliath le cúig bliana anuas, as a lean 33,118 bpost díreach (glan) ar an talamh i réigiúin amhail dheireadh na straitéise seo. Baineadh na spriocanna straitéise cúig bliana amach i ngach réigiún, eadhon ardú 30% ar infheistíocht. Sáraíodh 40% de na spriocanna i dtrí réigiún - an tIarthar Láir, an tOirthear Láir agus an tOirdheisceart. Mhéadaigh infheistíochtaí i réigiún na Teorann faoi thrí ó cuireadh tús leis an straitéis.

Tá an GFT, de bhun an Chláir Maoine Réigiúnaigh, ag forbairt réitigh chuí mhaoine in ionaid shainithe réigiúnacha chun cabhrú le hinfheistíocht choigríche a mhealladh isteach.

Tá mionsonraí faoi fhreagairt straitéiseach GFT Éireann don Bhreatimeacht faoi Sprioc 6.

### IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN

Tá Idir-Thrádáil Éireann ar cheann de na sé Chomhlacht Forfheidhmithe Thuaidh/Theas a bunaíodh le Comhaontú Aoine an Chéasta in 1998. Ó shin i leith, tá Idir-Thrádáil Éireann ag cabhrú le gnóthaí beaga in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann margaí nua trasteorann a fhiosrú, táirgí, próisis agus seirbhísí nua a fhorbairt, a ngnó a fhás agus a bheith faoi réir le haghaidh infheisteoirí. Tá punann spriocdhírithe de chláir agus seirbhísí ag an gComhlacht a bhfuil d'aidhm léi cabhrú le gnóthaí buntáiste iomaíoch a fhorbairt i réimsí fíorthábhachtacha na trádála agus na nuálaíochta, iad ar fad bunaithe ar thaighde fianaise-bhunaithe geilleagrach agus gnó.

I measc ghníomhaíochtaí Idir-Thrádáil Éireann in 2019 bhí:

- Deiseanna agus acmhainní airgeadais a chur ar fáil do thionscail aistrithe teicneolaíochta Thuaidh/Theas chun táirgí nuálacha agus seirbhísí nua a fhorbairt lena mbeifear in ann onnmhairí a fhás;
- Réimsí nua comhoibrithe idir gnólachtaí sa Tuaisceart agus sa Deisceart a bhreithniú;
- Deiseanna díolachán agus margaíochta a thabhairt do ghnólachtaí le go mbeidh siad in ann margaí nua trasteorann a aimsiú; agus
- Rochtain a chur ar fáil d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide ar mhargadh soláthair phoiblí €12bn uile-Éireann.

Príomhthorthaí Idir-Thrádáil Éireann in 2019:

- Bhí cruthú post ag 1,546 i gcomparáid le sprioc 1,450 don bhliain;
- Bhí Luach Forbartha Gnó do chuideachtaí ag €131m i gcomparáid le sprioc €95.5m
- Bhí cuideachtaí nuálacha céaduaire ag 63 i gcomparáid le sprioc 62; agus
- Bhí onnmhaireoirí céaduaire ag 92 i gcomparáid le sprioc 55.

I mí Dheireadh Fómhair 2019, d'fhreastail an tAire Humphreys ar chomóradh 20 bliain Idir-Thrádáil Éireann in Ard-Eaglais Chríost. Ba dheis uathúil é sin chun gnóthachtálacha Idir-Thrádáil Éireann le scór bliain anuas a cheiliúradh. I rith an ama sin, chabhraigh siad le 42,000 gnólacht in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann, trí bhíthin raon clár forbartha gnó agus nuálaíochta, chomh maith le breis is 16,000 post a chruthú agus os cionn €1.3 billiún i luach forbartha gnó a ghiniúint.

### AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN

Is é an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an Ghníomhaireacht Stáit atá freagrach as caighdeánú, measúnú ar chomhréireacht agus tomhas. Tháinig méadú ar an éileamh ar sheirbhísí an Údaráis in 2019 i gcomhthéacs fheidhmíocht láidir ag geilleagar na hÉireann. Bhí spéis mhór i gcaighdeáin agus ar feadh an raon níos leithne seirbhísí maidir le measúnú ar chomhréireacht agus tomhas agus gnólachtaí ag féachaint lena bhfeidhmíocht a fheabhsú agus pleananna a dhéanamh don Bhreatimeacht.

D'fhoilsigh an tÚdarás 1,572 chaighdeán i rith 2019, ardú 19% i gcomparáid le 2018, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- ISO 56002:2019 An Caighdeán um Chórais Bhainistithe Nuálaíochta. An tÚdarás agus Skillnet Ireland a sheol an caighdeán sin i gcomhar, maille le Clár um Feabhas Nuálaíochta chun cabhrú le borradh a chur faoi tháirgiúlacht san earnáil FBM.
- Foilsíodh I.S. EN 17161:2019 *'Design for All'* mar chuid den phríomhtháirge insoláthartha faoi Shainordú 473 ón gCoimisiún Eorpach chun cur ar chumas ghnólachtaí cur chuige Dearadh Uilíoch ar inrochtaineacht a chur i bhfeidhm. Ciallaíonn sin gur féidir le raon leathan daoine, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, rochtain a fháil ar tháirgí agus ar sheirbhísí, iad a thuiscint agus iad a úsáid.

Tá breis is 23,000 caighdeán ar fáil i gcatalóg an Údaráis. Rinne úsáideoirí na hÉireann rochtain ar níos mó ná 172,900 caighdeán (ardú 27% ar 2018) agus tháinig ardú 753 ar an líon na n-úsáideoirí atá cláraithe le tairseach na Gníomhaireachta, *'Your Standards, Your Say'*, trí oiread níos mó ná an líon cláraithe in 2018.

Chuir an tÚdarás réimse leathan seirbhísí deimhnithe ar fáil chun a chur ar chumas thionscal na hÉireann cáilíocht, éifeachtúlacht agus suíomh earraí ar an margadh a fheabhsú:

- Deimhníodh 1,400 cuideachta go Caighdeán ISO9001 Bainistíocht Cáilíochta; agus
- Deimhniúchán táirgí de réir cheanglas an Aontais Eorpaigh le haghaidh: Mótarfheithiclí (9,008); Foirgníocht (1,000) agus Feistí Leighis (131)

I rith 2019, rinne Aonad Breatimeachta an Údarás caidreamh mór le gnólachtaí agus le heagraíochtaí trádála ar fud na hÉireann. Reáchtáil sé sraith taispeántas taistil agus d'eisigh sé bileoga eolais faoi réimsí earnálacha faoi leith.

## ROCHTAIN AR AIRGEADAS

### AN SCÉIM RÁTHAÍOCHTA CREIDMHEASA D'FHIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

Tá mar aidhm leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa cabhrú le FBManna inmharthana nach bhfuil ábalta, faoi ghnáthchritéir iasachta, iasachtaí a fháil óna gcuid banc, chun teacht ar chreidmheas. Oibríonn an scéim trí bhíthin ráthaíocht 80% a chur ar fáil do sholáthróirí airgeadais rannpháirteacha (AIB, Banc na hÉireann agus Banc Uladh) maidir le hiasachtaí cáilitheacha le FBManna.

I rith 2019, ceadaíodh 80 saoráid a raibh luach €19.2m orthu. Cruthaíodh 274 post agus coinníodh 1,057 bpost dá barr.

Ó tháinig feidhm leis an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa i mí Dheireadh Fómhair 2012 go dtí deireadh 2019, ceadaíodh 749 saoráid dar luach iomlán €125.2m, rud a thacaigh le 6,443 phost.

### AN SCÉIM CISTE IASACHTA DO MHICRIFHIONTAIR

Tugadh isteach an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair in 2012. Is é cuspóir an chiste iasachtaí a thabhairt do mhicrifhiontair, a shainmhínítear mar ghnóthaí ag a bhfuil níos lú ná deichniúr fostaithe agus/nó láimhdeachas níos lú ná €2m.

In 2019, cheadaigh Microfinance Ireland maoiniú €6.02m do 451 ghnólacht beag ar fud na tíre, rud a thacaigh le 856 post a chruthú nó a chothabháil. Tugtar 76% d'iasachtaí do mhicrifhiontair lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Tugtar 27% d'iasachtaí MFI d'úinéirí ban micrifhiontar.

Ó cuireadh tús leis an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair in 2012 go dtí deireadh 2019, tarraingíodh anuas 2,130 iasacht arbh fhiú €29m iad, rud a thacaigh le 5,515 phost.

In 2019, choimisiúnaigh an Roinn EY DKM Consultants chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh ar an Scéim Ciste Iasachta do Mhicrifhiontair agus tá sé á bhreithniú ag an Roinn anois.

### SCÉIM CAIPITEAL SÍL AGUS FIONTAIR

Tá an Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair de chuid Fhiontraíocht Éireann i bhfeidhm ó 1994 i leith agus bunaíodh í chun níos mó caipiteal riosca a chur ar fáil d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide.

Fógraíodh an cúigiú Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair mar chuid de Bhuiséad 2019 agus gealladh leithdháileadh breise de €175 milliún thar shaolré na scéime nua 2019-2024 a seoladh i mí Feabhra 2019. Sheol an tAire Humphreys an chéad ghlao faoin scéim sin i mí Feabhra 2019. Bhí spéis mhór sa ghlao agus leithdháileadh an €100m i lár mhí an Mheithimh.

### MOL COMHAIRLEACH D'AIRGEADAS GNÓ

Leanadh in 2019 le Mol Comhairleach d'Airgeadas Gnó a fhorbairt a thacódh le pleanáil airgeadais agus le riachtanais ghinearálta maoinithe na bhfiontar beag agus meánmhéide. Cabhróidh an Mol beartaithe le gnóthaí cinntí airgeadais níos eolaí a dhéanamh, ag tógáil ar thacaíochtaí reatha atá ar fáil ó chomhlachtaí ar nós Fhiontraíocht Éireann agus na nOifigí Fiontair Áitiúla. Is tairiscint ar líne a bheidh ann go príomha, a chuirfidh faisnéis chaighdeánaithe agus uirlisí ar fáil, agus a fheidhmeoidh mar threoir chuig tacaíochtaí agus acmhainní iomchuí Rialtais.

### PLEANANNA FIONTRAÍOCHTA RÉIGIÚNACHA

Go luath in 2019, sheol an tAire naoi bPlean Fiontraíochta Réigiúnach nua amach go 2020, mar thoradh ar na Pleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Poist a bhí ann roimhe a athnuachan agus a athdhíriú. An prionsabal atá taobh thiar de na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha, comhoibriú a éascú idir gheallsealbhóirí réigiúnacha ar Chuspóirí Straitéiseacha atá in ann cabhrú le poitéinseal forbartha fiontraíochta gach réigiúin a chur i gcrích agus aghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí. I measc na ngeallsealbhóirí tá: Údaráis Áitiúla, na hOifigí Fiontair Áitiúla, na gníomhaireachtaí fiontraíochta, an Fóram Réigiúnach Scileanna, comhlachtaí turasóireachta, 'seaimpíní fiontraíochta' na hearnála príobháidí, na hInstitiúidí Ardoideachais agus eile.

Arna múnlú 'ón mbonn aníos' ag geallsealbhóirí réigiúnacha agus arna gcomhordú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, tagann na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha go dtí 2020 le beartais agus le tionscnaimh 'ón mbarr aníos' ar leibhéal náisiúnta, agus tagann siad le beartas náisiúnta fiontraíochta na hÉireann, Fiontraíocht 2025: Athnuaite agus Future Jobs Ireland. Dírítear, sna naoi bplean nua, ar ghníomhartha comhaontaithe a sholáthar thar na tréimhse dhá bhliain go dtí deireadh 2020. Is doiciméid 'bheo' iad freisin, mar sin féadfaidh na geallsealbhóirí réigiúnacha atá ag obair le chéile glacadh le tionscnaimh nua agus na pleananna á gcur i bhfeidhm.

Is príomhchuspóir de gach ceann de na pleananna é 10%-15% níos mó daoine a bheith ag obair i ngach réigiún faoin mbliain 2020 (ó bhonnlíne na bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha bunaidh maidir le Poist 2015), agus ráta dífhostaíochta gach réigiúin a bheith laistigh de phointe céatadáin amháin den mheánmhéid náisiúnta.

Léirigh sonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (go dtí R3 2019) ardú 312,500 duine i bhfostaíocht ar fud an Stáit ón gcéad ráithe 2015, agus go raibh 195,600 duine (nó triúr as gach ceathrar) sna réigiúin lasmuigh de Bhaile Átha Cliath ag tabhairt faoi fhostaíocht sa tréimhse sin.

Ag deireadh 2019, bhí a gcéad tuarascáil ar an dul chun cinn curtha ar aghaidh chuig an Roinn ag gach ceann de na Coistí Stiúrtha Réigiúnacha.

### AN CISTE FORBARTHA FIONTAIR RÉIGIÚNAIGH

Tugadh an Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh isteach den chéad uair sa bhliain 2017. Eisíodh an tríú glao, arbh fhiú €45m í, sa bhliain 2019 agus tugadh chun críche í. Ceadaíodh 26 thionscadal réigiúnacha le haghaidh maoinithe dá réir. Is uirlis éifeachtach beartais é an Ciste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh, arna riar ag Fiontraíocht Éireann, chun tionscnaimh chomhoibríocha ón mbonn aníos a fhéachann le héiceachórais fiontraíochta réigiúnacha a spreagadh agus tacú leo ó thaobh airgeadais de. Cuireann an Ciste le haidhmeanna agus le cuspóirí na bPleananna Fiontraíochta Réigiúnacha.

Ar an tríú glao den Chiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh a thabhairt chun críche in 2019 (rud a fógraíodh i mí Eanáir 2020), bhí beagnach €100m geallta do 68 dtionscadal ar fud na tíre, ó mhoil forbartha fiontraíochta/cuideachtaí nuathionscanta go dtí saoráidí taighde agus nuálaíochta feidhmíochta a bhaineann le hearnálacha faoi leith agus lena mbaineann suntas náisiúnta a thógann ar speisialtóireachtaí réigiúnacha áirithe.

### AN FÓRAM COMHAIRLIÚCHÁIN MIONDÍOLA

Lean an Fóram Comhairliúcháin Miondíola de bheith ag díriú ar riachtanais forbartha na hearnála in 2019 agus rinne obair níos déine ar an Ullmhacht don Bhreatimeacht, lena n-áirítear go háirithe na hiarrachtaí maolaithe atá de dhíth chun an cur isteach ar shlabhraí soláthar bia a íoslaghdú. Maidir leis an Ullmhacht don Bhreatimeacht, d'éascaigh an Fóram plé le Ranna Rialtais éagsúla agus le comhlachtaí ábhartha, lena n-áirítear an Roinn Talmhaíochta, an Roinn Bia agus Mara, an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, na Coimisinéirí Ioncaim, Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, Seirbhísí Sláinte Comhshaoil, Calafort Bhaile Átha Cliath agus Aonad Breatimeachta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Anuas ar na trí chruinniú Fóraim a bhí beartaithe, d'fhreastail an tAire Humphreys, ina cáil mar Chathaoirleach ar an bhFóram Comhairliúcháin Miondíola, leis an Earnáil Grósaeireachta, Miondíola agus Dáilte, in éineacht lena hoifigigh, cúig huaire ar leithligh mar chuid dá plé leanúnach le fiontair, plé a dhírigh ar an mBreatimeacht.

Ba phríomhthéama don Fhóram arís in 2019 a bhí i gclaochlú ar chúrsaí miondíola trí bhíthin digitiú níos mó ar an earnáil agus éileamh éabhlóideach na dtomhaltóirí. D'eisigh an Roinn, i

gcomhar le Fiontraíocht Éireann, an dara glao iomaíoch faoin Scéim Miondíola Ar Líne phíolótach.

Tá maoiniú tugtha ag an Scéim phíolótach, a bhfuil ciste suas go €1.25m thar dhá Ghairm aici, do 40 miondíoltóir ar fud na hÉireann, trí bhíthin deontais idir €10,000 agus €25,000 ar bhonn maoiniú meaitseála 50 faoin gcéad. Tá mar aidhm leis an scéim seo cur le haimsiú margaidh agus idirnáisiúnú fhiontair dhúchasacha miondíola; táirgiúlacht agus cumas a mhéadú agus ullmhacht don Bhreatimeacht a spreagadh. Tháinig deireadh leis an Scéim Miondíola Ar Líne phíolótach in 2019 agus déanfar athbhreithniú uirthi anois le bheith mar lón eolais d'idirghabhálacha breise maidir le miondíol a dhigitiú. I mí na Nollag 2019, bhronn Retail Excellence an teideal '*Retail Advocate of the Year*' ar an Aire Humphreys agus ar Fhiontraíocht Éireann i gcomhpháirt as an Scéim Miondíola Ar Líne.

Ar na saincheisteanna eile a bhreithnigh an Fóram in 2019 bhí athnuachan lár bailte, an costas a bhaineann le hárachas, riachtanais scileanna agus rátaí tráchtála. Is díol suntais é obair leanúnach atá ar bun ag Grúpa Oibre an Fhóraim Mhiondíola maidir le Scileanna, a dhírigh ar shainoiliúint miondíola a thabhairt isteach sna réimsí Digiteacha agus an Bhreatimeacht. Ba thábhachtach an fhorbairt é seoladh na chéad Printíseachta i Maoirseacht Miondíola, faoi stiúir Retail Ireland Skillnet, in 2019.

### RANNPHÁIRTÍOCHT LE POBAL NA nGNÓLACHTAÍ BEAGA

Is é an tAcht um Ghnólachtaí Beaga tionscnamh beartais suaitheanta an Aontais Eorpaigh chun tacú le fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna). Cuimsítear ann sraith beart beartais atá eagraithe bunaithe ar 10 bprionsabal, ó fhiontraíocht agus 'riarachán freagrúil' go dtí idirnáisiúnú. Tá mar aidhm le bileoga eolais faoin Acht um Gnólachtaí Beaga, a fhoilsítear gach bliain, an tuiscint ar threochtaí nua agus ar bheartais náisiúnta a bhfuil tionchar acu ar FBManna a fheabhsú.

Bhí feidhmíocht na hÉireann in 2019 os cionn nó go maith os cionn mheán an AE i gcúig cinn de réimsí an Achta um Ghnólachtaí Beaga:

- Fiontraíocht;
- Riarachán Freagrúil;
- An Margadh Aonair;
- Scileanna agus Nuálaíocht; agus
- Rochtain ar Airgeadas.

Bhí sí ag teacht leis an meán Eorpach, nó mórán mar an gcéanna leis an meán, i gceithre réimse eile den Acht um Ghnólachtaí Beaga:

- Cúnamh Stáit agus Soláthar Poiblí;
- An Margadh Aonair;
- An Comhshaol; agus
- Idirnáisiúnú.

Tá próifíl na hÉireann faoin Acht um Ghnólachtaí Beaga fós iomaíoch, tríd is tríd.

Lean an Roinn den Tástáil FBM a sholáthar le linn 2019. Cuireann an Tástáil Prionsabal “Smaoinigh ar Fhiontair Bheaga ar dTús” an Ghnímh um Ghnólachtaí Beaga don Eoraip i gcroílár an cheaptha beartas. Is cuid í de threoirlínte an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Rialáil níos Fearr. Spreagann an Tástáil gach Ballstát le breithmheas ar an ualach ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide a chur san áireamh i reachtaíocht agus rialáil ábhartha.

Iarrtar i dTástáil na hÉireann d’Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide ar an lucht déanta beartas iad seo a leanas a chur san áireamh nuair atá rialáil agus reachtaíocht á gceapadh:

1. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara na bhfiontar beag agus meánmhéide;
2. Gnóthaí ar a mbeidh tionchar a shainaithint;
3. Tomhas ar an tionchar ar fhiontair bheaga agus mheánmhéide; agus
4. Measúnú ar shásraí malartacha agus bearta maolaithe trí dhíolúintí, solúbthacht le spriocdhátaí nó rialáil a shimpliú.

Rinneadh uasghrádú agus feabhsú suntasach ar an láithreán gréasáin https://supportingsmes.gov.ie/ sa bhliain 2019. Cuireadh roinnt gnéithe feabhsaithe leis an láithreán gréasáin, lena n-áirítear féilire imeachtaí agus rannán don nuacht is déanaí, rud a thugtar cothrom le dáta gach seachtain. Féadfaidh an láithreán gréasáin ábhar físeán níos fearr a sholáthar anois freisin, chomh maith le torthaí cuardaigh níos cruinne. Cuireadh uirlisí nua chun aiseolas agus ceisteanna ó úsáideoirí a éascú leis an láithreán gréasáin freisin.

Ar leibhéal na hEorpa, bíonn ionadaithe na Roinne rannpháirteach go gníomhach i gcónaí mar chomhaltaí de Líonra Toscairí na bhFiontar Beag agus Meánmhéide. I rith 2019, tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Líonra FBM. Ina theannta sin, bhíothas rannpháirteach go gníomhach i bPáirtí Oibre an OECD ar Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Fiontraíocht. Cothaíodh agus forbraítear caidreamh trí ról gníomhach na Roinne sa dá pháirtí.

### ATHBHREITHNIÚ TÍRE AN OECD AR BHEARTAIS NA bhFIONTAR BEAG AGUS MEÁNMHÉIDE AGUS NA FIONTRAÍOCHTA IN ÉIRINN

Chun tiomantas foriomlán an Rialtais d’fhás na bhfiontar beag agus meánmhéide in Éirinn amach anseo a threisiú tuilleadh, choimisiúnaigh an Roinn an OECD chun tabhairt faoi athbhreithniú ar Bheartais na bhFiontar Beag agus Meánmhéide agus na Fiontraíochta in Éirinn.

Ba é aidhm an Athbhreithnithe, ar cuireadh tús leis in 2018, anailís shaincheaptha agus moltaí a thabhairt don Rialtas faoin gcaoi le dearadh agus cur i bhfeidhm bheartais agus chláir na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na fiontraíochta a fheabhsú, bunaithe ar mheasúnú ar fheidhmíocht reatha na tíre maidir le fiontair bheaga agus mheánmhéide, coinníollacha creata agus beartais bunaithe ar chomparáidí idirnáisiúnta.

Is corpas comhoibríoch oibre é seo ina raibh ionchur suntasach ón Rialtas trí chéile agus ó pháirtithe leasmhara. Tugadh faoi rannpháirtíocht shuntasach i rith 2018 agus 2019 agus cuireadh ceistneoirí ábhartha, aighneachtaí breise agus rannpháirtíocht trí phróiseas 3 imeacht le páirtithe leasmhara i gcrích. Mar gheall ar an leibhéal ard rannpháirtíochta sin bhí Rúnaíocht an OECD, saineolaithe, comhghleacaithe ar fud na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí, institiúidí trí leibhéal agus an pobal gnó trí chéile in ann plé ginearálta a dhéanamh ar éiceachóras na bhfiontar beag agus meánmhéide faoi láthair.

De bharr na rannpháirtíochta sin, bhí an OECD in ann tuiscint a fháil ar éiceachóras FBM agus fiontraíochta na hÉireann, agus d'fhoilsigh an tAire Heather Humphreys, T.D. agus an tAire Stáit Pat Breen, T.D., an tuarascáil i mí Dheireadh Fómhair 2019.

De bhun mholadh in Athbhreithniú an OECD, bunaíodh Grúpa Comhairliúcháin FBM nua in 2019 chun ardán a chur ar fáil le haghaidh rannpháirtíocht struchtúrtha idir an rialtas, gníomhaireachtaí, comhlachtaí ionadaíocha agus gnólachtaí beaga. Is é an tAire Pat Breen, T.D., Cathaoirleach an Ghrúpa ag leibhéal Aireachta, ag teacht le moladh an OECD.

## AN RÁITEAS BEARTAIS NÁISIÚNTA UM AN FHIONTRAÍOCHT

Seoladh an chéad Ráiteas Beartais Náisiúnta um an Fhiontraíocht in Éirinn in 2014. Ba phlean cúig bliana é a forbraíodh chun spiorad fiontraíochta a chothú agus a chur chun cinn in éiceachóras na bhfiontar beag agus meánmhéide agus na fiontraíochta. Rinneadh athbhreithniú den chéad uair sa cheathrú ráithe den 2019 ar na 96 gníomh arna leagan amach sa Ráiteas Beartais, agus fuarthas go bhfuil forbairt déanta ar na gníomhartha ar fad nó go bhfuil siad tugtha chun críche.

Pléitear sé phríomhghné sa Ráiteas Beartais a imríonn tionchar ar ghnólachtaí nuathionscanta agus ar fhiontraithe agus a threoraíonn treo beartais amach anseo.

1. Cultúr, caipiteal daonna agus oideachas;
2. Timpeallacht agus tacaíochtaí gnó;
3. Nuálaíocht;
4. Rochtain ar airgeadais;
5. Líonraí agus meantóireacht; agus
6. Rochtain ar mhargaí.

## AN FÓRAM DEARAIDH NÁISIÚNTA

Níos mó agus níos mó, tá cuideachtaí Éireannacha ag tabhairt tosaíocht don dearadh mar phríomhthháirge insoláthartha ina dtairiscintí chuig margaí agus is ríthábhachtach go mbeidh na scileanna agus an t-éiceachóras tacúil acu ó thaobh seirbhísí, comhairle agus bonneagair ar fáil dóibh. Is é príomhchuspóir an Fhóraim Dearaidh Náisiúnta, saincheisteanna ábhartha a phlé le súil agus gníomhartha praiticiúla a shainaithint a d'fhéadfadh an rialtas (náisiúnta nó áitiúil) nó an tionscal féin a dhéanamh, chun rannchuidiú an dearaidh a neartú ó thaobh tionchar eacnamaíochta a ghiniúint. Ach an gá le nuálaíocht

sa dearadh a bhrú chun cinn, neartófar na hearnálacha atá ann cheana féin (amhail dearadh bia, déantúsaíocht agus feistí leighis) agus cuirfear ar ár gcumas leas a bhaint as táirgí agus seirbhísí na todhchaí, go háirithe trí bhíthin dearadh comhéadan úsáideora agus bogearraí.

Is é an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta cathaoirleach an Fhóraim. Dhírigh smaointe a tháinig as an bhFóram ar cheithre réimse tosaíochta:

1. Cumarsáid
2. Scileanna
3. An Lárionad Dearaidh Náisiúnta
4. Dearadh ar Mhaithe le Leas an Phobail.

Tá na buntáistí a bhaineann le Lárionad Dearaidh Náisiúnta curtha chun cinn ag an bhFóram chun forbairt ar scileanna crua atá luachmhar sa gheilleagar a chothú, amhail scileanna a bhaineann leis an earnáil dearaidh traidisiúnta, agus chun cabhrú le próisis a fhorbairt, amhail smaointeoireacht dearaidh, a chuirfidh ar chumas daoine táirgí agus seirbhísí iomaíocha a chruthú. Le gealltanas an Rialtais ó thaobh Lárionad Dearaidh Náisiúnta a bhunú, mar a leagtar amach i dTionscadal 2040, cuirfear éiceachóras dearaidh na hÉireann ar bhonn foirmiúil agus méadófar an deis atá aige tacair scileanna na FBManna ar fad, ar fud an phobail ghnó, a fhorbairt. Déanfaidh an Roinn pleananna chun Lárionad Dearaidh Náisiúnta a bhunú a bhrú chun cinn sa bhliain 2020.

# Sprioc 2: CEANNAS A THABHAIRT DO CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS MAIDIR LEIS AN TIMPEALLACHT IS IOMAÍCHE A FHORBAIRT D'INFHEISTÍOCHT, TÁIRGIÚLACHT AGUS POIST INBHUANAITHE

## FUTURE JOBS IRELAND

I mí an Mhárta 2019, ag tógáil ar Fiontraíocht 2025: Athnuaite, seoladh Future Jobs Ireland. Is creat uile-Rialtais é ar aidhm leis a chinntiú go mbeidh ár ngeilleagar sách athléimneach le suaitheadh amach anseo a sheasamh agus go mbeidh sé sách solúbtha le leas a bhaint as deiseanna de réir mar a thagann siad chun cinn. Díríonn Future Jobs Ireland ar phríomhréimsí beartais agus ar chumasóirí – nuálaíocht agus athrú teicneolaíochta, táirgiúlacht, scileanna agus tallann, rannpháirtíocht san fhórsa saothair agus aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin – le súil agus fás eacnamaíochta, comhshaoil agus fás a bheidh inbhuanaithe go sóisialta a chothú.

Bhí 26 uaillmhian agus 127 dtáirge insoláthartha ag Future Jobs Ireland 2019, an chéad cheann i sraith foilseachán bliantúil mar chuid den chreat ilbhliantúil seo. Gach bliain, leagfaidh Future Jobs Ireland amach na céimeanna chun na huaillmhianta nó na cuspóirí sin a bhaint amach, agus cur le hathléimneacht ár ngeilleagar agus a chinntiú go seasfaidh sé an aimsir mar sprioc dheiridh aige.

I measc na ngnóthachtálacha suntasacha a rinneadh faoi Future Jobs Ireland in 2019 bhí:

1. An dara glao de Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha a sheoladh.
2. Straitéis Tionscal 4.0 nua a fhoilsiú.
3. An Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a oscailt d'iarratais i mí Aibreáin chun iasachtaí fadtéarmacha suas go €3m a chur ar fáil do FBManna chun infheistíocht straitéiseach a dhéanamh.
4. An Ciste Braislithe Teicneolaíochta Réigiúnaí a sheoladh i mí Iúil.
5. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gCreidmheas Cánach Taighde agus Forbartha agus é a athrú i mBuiséad 2020 chun é a dhéanamh níos inrochtana do mhicrifhiontair agus do ghnólachtaí beaga.
6. Cyber Ireland, braisle nua cibearshlándála, a sheoladh i gCorcaigh i mí na Bealtaine.
7. Tá dul chun cinn á dhéanamh freisin ar Lárionad Feabhais maidir le hArdfheidhmíocht agus Tógáil Nach Mór Neodrach san Oirdheisceart.
8. Cuireann Springboard+ agus Skillnet Ireland sraith clár oiliúna ar fáil anois a dhíríonn go sonrach ar thodhchaí na hoibre, lena n-áirítear ceannaireacht agus bainistíocht, blocshlabhra, intleacht shaorga, cibearshlándáil, Idirlíon na Rudaí Nithiúla, réaltacht fhíorúil agus teicneolaíocht na monarchan cliste.
9. An chéad tráinse of the Tionscnamh um Chaipiteal Daonna a sheoladh.

10. Roinnt imeachtaí do gheallsealbhóirí a thionól, lena n-áirítear: imeachtaí comhairliúcháin ar an straitéis Intleacht Shaorga leis an tionscal, lucht acadúil, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phoiblí; cruinniú halla an bhaile faoin Athrú Aeráide; Cruinniú Mullaigh GovTech; Comhdháil an OECD faoi Straitéis Fiontraíochta agus FBManna; Fóram Comhairliúcháin ar Obair Chianda agus Cruinniú Mullaigh Náisiúnta Future Jobs Ireland.

Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus Roinn an Taoisigh ag obair leis na Ranna Rialtais eile agus le príomhpháirtithe leasmhara chun gealltanais nua a fhorbairt le cur san áireamh in Future Jobs Ireland 2020, atá le seoladh sna míonna beaga amach romhainn.

### STRAITÉIS 4.0 AN TIONSCAL

I mí na Nollag 2019, seoladh an Straitéis 4.0 an Tionscal 2020-2025, príomhtháirge insoláthartha faoi Future Jobs 2019. Tá 18 ngníomh straitéiseach faoi 5 sprioc sa Straitéis, a thacóidh leis an earnáil déantúsaíochta a chlaochlú, le borradh ón sraith nua ardteicneolaíochtaí TFC. An fhís atá leis an Straitéis, go mbeidh Éire ina mol déantúsaíochta iomaíoch faoin mbliain 2025, á spreagadh ag an nuálaíocht, chun tosaigh sa cheathrú réabhlóid tionsclaíoch agus ar thús cadhnaíochta san fhorbairt agus sa ghníomh maidir le Tionscal 4.0.

Rinneadh ionadaíocht ar an Roinn ar an nGrúpa Stiúrtha in éineacht le hionadaithe ó na ngníomhaireachtaí fiontraíochta (FÉ, GFT, FEÉ, agus NSAI) agus ón Roinn Oideachais agus Scileanna. Chuir sí Rúnaíocht ar fáil don Ghrúpa Stiúrtha freisin agus choimisiúnaigh taighde agus anailís ar na dúshláin atá roimh chuideachtaí atá ag iarraidh glacadh le teicneolaíochtaí Tionscal 4.0.

### CISTE NUÁLAÍOCHTA NA DTEICNEOLAÍOCHTAÍ SUAITEACHA (CISTE NUÁLAÍOCHTA NA DTEICNEOLAÍOCHTAÍ SUAITEACHA )

(féach Sprioc 3 le haghaidh tuilleadh eolais)
Tá ról lárnach ag Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha maidir le roinnt Colún faoi Future Jobs Ireland a bhaint amach. Faoin Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, ní mór go mbeadh ar a laghad FBM amháin i ngach cuibhreannas tionscadail agus, trí bhíthin díriú ar thaighde tionsclaíoch a fhorbairt agus a úsáid, déanann na FBManna atá rannpháirteach i dtionscadail rathúla gnóthachtálacha móra trí bhíthin bheith ina gceannairí sa nuálaíocht teicneolaíochta. Ó thaobh cabhrú leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin, tá poitéinseal ag ceithre cinn de na tionscadail ar éirigh leo faoi Ghairmeacha 1 agus 2 de Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha chun an spleáchas ar charbón a laghdú go suntasach.

## SCILEANNA A SHEACHADADH DO GHEILLEAGAR ATÁ AG FÁS

An Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí in 2019 a thionscain na tuarascálacha seo a leanas agus atá le foilsiú in 2020. Tá an rúnaíocht do ghrúpa saineolaithe seo lonnaithe sa Roinn seo:

### AN tÉILEAMH AR SCILEANNA IN EARNÁIL FOIRGNÍOCHTA NA hÉIREANN GO DTÍ 2030

Tá dhá chuspóirí ag an staidéar, a bhfuil mar chúlra aige straitéisí náisiúnta amhail *Atógáil Éireann: Plean Gníomhaíochta maidir le Tithíocht agus Easpa Dídine, Tionscadal Éireann 2040,* agus na gnéithe den *Plean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid* a bhaineann leis an timpeallacht thógtha:

- Cineál agus cainníocht na scileanna a bheidh de dhíth in earnáil foirgníochta na hÉireann go dtí 2030 shainaithint. Áireofar leis sin réamhaisnéis ar an éileamh ar scileanna foirgníochta bunaithe ar bhoinn tuisceana éagsúla, lena n-áirítear boinn tuisceana a bhaineann le táirgiúlacht agus inbhuanaitheacht comhshaoil na hearnála a mhéadú, chomh maith leis na spriocanna arna leagan amach sna straitéisí náisiúnta reatha a bhaint amach; agus
- Sraith moltaí a fhorbairt ar féidir tarraingt orthu lena chinntiú go dtabharfaidh páirtithe leasmhara aghaidh go hiomlán ar riachtanais scileanna na hearnála foirgníochta amach anseo, trí bhíthin an chórais oideachais agus oiliúna, maille le foinsí soláthair scileanna ábhartha eile.

Beidh an staidéar, atá le tabhairt chun críche faoin tríú ráithe 2020, mar lón eolais don Rialtas agus don tionscal maidir leis an tslí is fear le bonn scileanna na hearnála a bhainistiú agus a fheabhsú.

### ACMHAINN BAINISTITHE AGUS CLEACHTAIS BHAINISTEOIRÍ FBM NA hÉIREANN

Chuir an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí tús le staidéar in 2019 chun measúnú a dhéanamh ar staid reatha na hacmhainn bainistithe agus na gcleachtas in FBManna in Éirinn, aon laigí a shainaithint, chomh maith leis an tslí chun iad a réiteach.

Is cuid lárnach de Chaipiteal Eolas-Bhunaithe í acmhainn agus mar sin, tá sí nasctha le feidhmíocht nuálaíochta, táirgiúlacht agus iomaíochas gnólachtaí. Tá forbairt ar bhainistiú ríthábhachtach ó thaobh iomaíochas agus marthanas gnólachtaí dar leis an OECD agus staidéir eile. Mar sin féin, is lú seans go gcuirfeadh gnólachtaí beaga oiliúint sheachtrach ar fáil do gach grád oibrithe, bainisteoirí san áireamh, ná mar a chuirfeadh fiontair mhóra, ar chúiseanna éagsúla, dar leis OECD.

Déanfaidh an staidéar scrúdú ar acmhainn (acmhainn bainistithe agus cleachtais) bhainisteoirí FBManna na hÉireann, agus ar na cainéil atá ar fáil chun feidhmíocht a fheabhsú. Is dócha go mbeidh éileamh ann agus saincheisteanna ó thaobh an tsoláthair de.

Tá an tionscadal á dhéanamh le tacaíocht ón gCoimisiún Eorpach agus foilseofar tuarascáil sa tríú ráithe de 2020.

### TOGETHER FOR DESIGN – STAIDÉAR NUA AR SCILEANNA DEARAIDH

Thosaigh an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí staidéar nua ar scileanna dearaidh, *Together for Design,* in 2019. An cuspóir leis an tuarascáil seo, tógáil ar na mbunsraith a cuireadh ar fáil i dtuarascáil an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí 2017 dar teideal *Winning by Design,* chun tuiscint a fháil ar an

éileamh i bhfiontair ar scileanna dearaidh straitéiseacha, táirge agus digiteacha, agus chun an soláthar cúrsaí oideachais a thugann aghaidh ar na tacair scileanna sin a thomhas. Sainaithnítear moltaí sa tuarascáil chun cabhrú le soláthar scileanna sa réimse sin a bhrú chun cinn. Táthar ag súil go bhfoilseofar *Together for Design* sa chéad ráithe de 2020.

Sa bhliain 2019, dhírigh an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí ar chur i bhfeidhm moltaí a rinneadh i dtuarascálacha a foilsíodh nó ar tugadh fúthu in 2018, go príomha.

I mí an Mhárta 2019, d'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí *Forecasting the Future Demand for High Level ICT Skills in Ireland, 2017-2022,* forléargas cáilíochtúil agus cainníochtúil ar threochtaí margaidh, teicneolaíochta agus seirbhísí agus ar an éileamh ar scileanna ardleibhéil TFC in Éirinn sa tréimhse 2017 go 2022. Bhí an staidéar ina phríomh-ionchur san fhorbairt ar an bPlean Gníomhaíochta nua maidir le Scileanna TFC, dar teideal *Scileanna Teicneolaíochta 2022,* arna chomhfhorbairt ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

- Tá baint mhór ag an Roinn seo le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta nua maidir le Scileanna TFC, agus comhrúnaíocht ar Ghrúpa Stiúrtha Ardleibhéil an Phlean á cur ar fáil aici, in éineacht leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is baill den Ghrúpa Ardleibhéil sin freisin iad gníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne, Fiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, chomh maith le Smart Futures de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.

Mar chuid de phleanáil teagmhasach an Rialtais don Bhreatimeacht, d'fhoilsigh an Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí *Addressing the Skills Needs Arising from the Potential Trade Implications of Brexit,* i lár 2018. Chuir an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta a raibh ann i bhfeidhm le páirtithe leasmhara poiblí agus príobháideacha ábhartha le linn 2019. I ndiaidh an doiciméad a fhoilsiú, bhunaigh an Roinn Grúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm an Bhreatimeachta, comhdhéanta de roinnt Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí fiontraíochta, chun tabhairt go gníomhach faoi chur i bhfeidhm na moltaí i staidéar an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus chun monatóireacht a dhéanamh air, agus chun súil a choinneáil ar riachtanais scileanna a bhainfeadh leis an mBreatimeacht go ginearálta.

- Mar chuid den phróiseas chur i bhfeidhm, rinne an Roinn caidreamh ar leithligh agus go déthaobhach le páirtithe leasmhara sna hearnálacha oideachais agus oiliúna agus ionadaíocha príobháideacha, ar bhonn ráithiúil, chun moltaí ar bith a thagann faoina sainchúram a chur i bhfeidhm agus chun monatóireacht a dhéanamh orthu, agus chun aiseolas a fháil faoi scileanna a bhaineann leis an mBreatimeacht ar chóir a bhreithniú i bhfreagairt an Rialtais ar an mBreatimeacht. Cuireadh torthaí an chaidrimh sin san áireamh in obair agus in ábhar machnaimh an Ghrúpa Maoirseachta ar Chur i bhFeidhm an Bhreatimeachta.

Tionóladh an chéad chruinniú de chuid an Ghrúpa Scileanna Lóistíochta agus Slabhra Soláthair, ar moladh é den chéad uair sa bhliain 2015, agus a ndearnadh é a athbheochan sa tuarascáil faoin mBreatimeacht anuraidh, faoi Chathaoirleacht na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

- Shínigh an grúpa na téarmaí tagartha don ghrúpa, chomh maith leis an gclár oibre go ceann dhá bhliain, ag an gcéad chruinniú an 23 Deireadh Fómhair. Bunaíodh an grúpa ar feadh thréimhse tosaigh dhá bhliain.

- Maidir le ballraíocht an Rialtais, tá ionadaithe sa ghrúpa ón Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, ón Roinn Oideachais agus Scileanna agus ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, chomh maith le ó eagraíochtaí ionadaíochta na hearnála.

- Bhí an méid seo a leanas, i measc nithe eile, i gceist leis an gcruinniú: achoimriú ar na príomh-shaincheisteanna a sainaithníodh i dtaighde an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí agus an fáth nach mór don earnáil gníomhú go práinneach chun gairmeacha sa lóistíocht agus i mbainistiú slabhraí soláthair a chur chun cinn, chomh maith le forbairt scileanna níos leithne san earnáil; forléargas ar na seirbhísí d’fhostóirí arna gcur ar fáil ag an Roinn of Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, lena n-áirítear seirbhísí EURES agus an Bainisteoir Príomhchuntas a cheap an Roinn le déanaí don earnáil.

- Ag eascairt as an gcéad chruinniú, bunaíodh dhá fhoghrúpa solúbtha, faoi stiúir ionadaithe ón tionscail, chun dhá chuspóir faoi leith de chuid an ghrúpa a chur chun cinn, agus tabharfaidh siad tuairisc ar an dul chun cinn ag cruinnithe ráithiúla an phríomhghrúpa: ar dtús, feabhas a chur ar an ailíniú idir riachtanais churaclaim agus thionscail, trí bhíthin próifílí gairme a bhunú, agus fiosrú a dhéanamh ar an bhféidearthacht maidir le huirlisí oideachasúla agus bolscaireachta a fhorbairt le húsáid sa dara leibhéal; agus an dara rud, dea-chleachtas a spreagadh san earnáil trí bhíthin tallann (nua agus reatha) a chothú. Áireofar air sin struchtúr a leagan amach don fhorbairt ghairmiúil leanúnach.

### IOMAÍOCHAS AGUS TÁIRGIÚLACHT

Tugann an Roinn faoi thaighde, anailís agus ról na rúnaíochta don Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais. Tuairiscíonn an Chomhairle don Taoiseach agus don Rialtas, tríd an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar shaincheisteanna iomaíochais tábhachtacha atá ann do gheilleagar na hÉireann agus tairgeann moltaí ar ghníomhartha beartais a bhfuil gá leo chun seasamh iomaíoch na hÉireann a fheabhsú.

De réir mholadh na Comhairle Eorpaí maidir le tíortha i limistéar an Euro ag bunú Boird Náisiúnta Táirgiúlachta, i mí an Mhárta 2018, d’ainmnigh an Rialtas an Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais mar an comhlacht atá freagrach as anailís a dhéanamh ar fhorbairtí agus beartais i réimse na táirgiúlachta agus an iomaíochais in Éirinn.

Is tosaíocht ard don Roinn é a chinntiú go sainaithnítear saincheisteanna iomaíochais tábhachtacha na fiontraíochta agus go dtugtar tús áite do ghníomhú ina leith ar fud chóras an rialtais. Is é ár dtosaíocht sa Bheartas Fiontraíochta go mbeadh Éire i measc na gcúig thír is iomaíche (le hais tíortha ardioncaim ag a bhfuil daonra cosúil le hÉirinn) faoi 2020. Ar an mbonn sin, tá Éire sa séú háit faoi láthair.

D'fhoilsigh an Chomhairle na tuarascálacha seo a leanas i rith 2019:

- Costs of Doing Business in Ireland 2019
- Ireland's Competitiveness Scorecard 2019
- Ireland's Competitiveness Challenge 2019
- Productivity Statement 2019
- Competitiveness Bulletins 2019

## BONNEAGAIR GHEILLEAGRACHA

I rith 2019 chuir an Roinn béim ar na príomhcheisteanna agus ar na príomhthosaíochtaí d'úsáideoirí gnó i ngach réimse den bhonneagar, agus í ag tarraingt ar anailís a rinne an Rannóg um Straitéis Fiontraíochta, Iomaíochas agus Meastóireacht, ag díriú ar chomh hiomaíoch agus atá timpeallacht ghnó na hÉireann.

Rinne an Roinn plé le hUisce Éireann agus leis an gCoimisiún um Rialáil Fóntas maidir le soláthar seirbhísí uisce d'úsáideoirí nach úsáideoirí baile iad, d'oibrigh sí leis na déantóirí beartais ábhartha sa Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil maidir le himpleachtaí iomaíochas an bhonneagair fuinnimh i réimsí beartais amhail an Scéim Tacaíochta um Fuinneamh In-athnuaite (RESS), agus rinne sí aighneachtaí agus thug sí tacaíocht do na trí Údarás Réigiúnach maidir le forbairt na Straitéisí Réigiúnacha Spásúla agus Eacnamaíocha chun tacú leis an gCreat Náisiúnta Pleanála.

Tá an tAonad Bonneagair Eacnamaíoch ina lón eolais do chaidreamh na Roinne le Bord Seachadta Éire 2040. Oibríonn an Roinn go dlúth leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus le Ranna ábhartha eile chun ionchur a dhéanamh maidir le riachtanais bhonneagair na fiontraíochta, chun timpeallacht ghnó iomaíoch agus tarraingteach a chothabháil mar chuid dár n-uaillmhianta náisiúnta fostaíochta agus daonra a bhaint amach.

Chomhthreomhar leis sin, rinne an Roinn caidreamh ar bhonn leanúnach ar feadh na n-earnálacha poiblí agus príobháideacha d'fhonn tacú le bearta beartais chun cáilíocht an bhonneagair eacnamaíoch agus an fáil air a fheabhsú, ar mhaithe le tacú le forbairt fiontraíochta agus iomaíochas ár dtimpeallachta gnó a chothú.

## GNÍOMHAÍOCHT MEASTÓIREACHTA

D'oibrigh Aonad Meastóireacht na Roinne go lúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne agus le Ranna Rialtais eile chun tabhairt faoi mheastóireachtaí fónta in 2019. Thug an tAonad Meastóireachta ionchur don Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas faoi stiúir na

Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus cuireadh Measúnú Beartais Dírithe ar na Tacaíochtaí arna gcur ar fáil ag FÉ agus GFT do Ghnólachtaí Nuathionscanta agus Cothromas i gcrích. Thug an páipéar anailís mhionsonraithe ar infheistíocht na Roinne sna réimsí sin de réir a príomhghníomhaíochtaí, aschur agus tionchar ar leibhéal cláir.

### CÁNACHAS

Rinne an Roinn idirchaidreamh fairsing le grúpaí ionadaíochta fiontraíochta agus d'oibrigh go dlúth le gníomhaireachtaí forbartha na Roinne chun Aighneacht Roimh Bhuiséad 2019 a chur isteach i bpáirt. Ba é an cuspóir príomhúil a bhí leis an aighneacht a chinntiú go leanann Cáinaisnéis 2020 ag tacú le fiontair agus go gcuirfí dearcthaí agus riachtanais na bhfiontar san áireamh.

Phléigh an aighneacht réimse leathan de cheisteanna cánach, agus díríodh ar réimsí ar tarraingíodh aird orthu mar chuid de Future Jobs Ireland, lena n-áirítear tograí ar aidhm leo cur le hinrochtaineacht ag FBManna ar an gcreidmheas cánach do Thaighde agus Forbairt. Is é an aidhm a bhí le tograí suntasacha eile, cur le faoisimh chánach reatha, amhail an Clár Rannpháirtíochta Príomhfhostaithe, an Scéim Dreasachta um Infheistíocht Fostaíochta agus Faoiseamh ar Cháin Ghnóthachan Caipitiúil d'Fhiontraithe, ionas go mbeidh an tírdhreach cánachais fiontraíochta foriomlán iomaíoch agus go spreagfar fiontraithe lonnú in Éirinn agus gnólachtaí a fhorbairt anseo.

### GNÍOMHÚ AR SON NA hAERÁIDE

Sainaithníodh Gníomhú ar son na hAeráide mar ghné lárnach de bheartais fiontraíochta agus nuálaíochta na Roinne, agus i gcláir agus i ngníomhaíochtaí ár ngníomhaireachtaí. Aithníonn an Roinn go bhfuil ról tábhachtach le himirt ag fiontair chun teicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí a fhorbairt lena méadófar éifeachtúlachtaí, lena laghdófar dramhaíl agus lena seachadfar forbairt inbhuanaithe, agus tíortha ar fud an domhain ag aistriú chuig geilleagair ísealcharbóin.

Aithnítear i gColún 5 de Future Jobs Ireland 2019 an tábhacht a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide. Cuireann sé leis an bPlean Gníomhaíochta Uile-Rialtais maidir leis an Aeráid agus leagtar amach ann trí uaillmhian agus gníomh maidir le haistriú chuig geilleagar ísealcharbóin.

1. bheith mar cheannaire ó thaobh caighdeáin a fhorbairt sa gheilleagar ísealcharbóin agus glacadh leo;
2. deiseanna a thapú maidir le gníomhaíocht eacnamaíochta agus cruthú post; agus
3. leas a bhaint as acmhainní nádúrtha, láidreachtaí fiontraíochta agus acmhainn nuálaíochta na hÉireann a bheith ina ceannaire domhanda sa gheilleagar ciorclach agus sa bhithgheilleagar.

Sa chomhthéacs sin, cheadaigh an Roinn dhá thionscadal sa chéad ghlao ar Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha faoin réimse tosaíochta taighde Fuinnimh, Gníomhú ar Son na hAeráide agus Inbhuanaitheacht.

Bhí an Roinn rannpháirteach go gníomhach i rolladh amach an Phlean Gníomhaíochta Uile-Rialtais maidir leis an Aeráid 2019 agus le próisis rialachais. Rinne sí monatóireacht ar an dul chun cinn agus rinne ionchur nuair ba ghá leis maidir leis na Buiséid Charbóin ar fud an gheilleagair agus an Straitéis fadtéarmach ina leagtar amach spriocanna neodrachta na hÉireann don bhliain 2050. Chuir sí tús leis an obair ar ghníomhartha san earnáil Bia agus Dí agus san earnáil suiminte, agus rinne sí ionchur leis na tuarascálacha ráithiúla ar an dul chun cinn maidir leis an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an Aeráid, ó thaobh gníomhartha lena n-áirítear iad a rinne GFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus NSAI. Rinne an Roinn ionchur anailíse agus beartais ar ábhair a bhain le beartas gníomhaithe ar son na haeráide agus chinntigh gur cuireadh tionchar ar iomaíochas san áireamh i roghanna beartais.

## BAILIÚ AGUS DÁILEADH SONRAÍ

Táirgeann an Roinn staitisticí oifigiúla ar thaighde agus forbairt sna hearnálacha Rialtais agus Ardoideachais.

### BUISÉAD TAIGHDE AGUS FORBARTHA

Cé nach bhfuil córas nuálaíochta na hÉireann ach ina thús fós i ndáiríre, tá dul chun cinn mór déanta againn agus aitheantas idirnáisiúnta ar réimsí áirithe. Léiríonn meastóireachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta an luach maith ar airgead agus tionchar geilleagrach a eascraíonn as infheistíocht i dtaighde agus forbairt a dhéanann an Stát agus fiontair. Tá cáilíocht thaighde na hÉireann tar éis ardú ón 36ú háit (2003) go dtí an 12ú háit (2019) de réir na InCites Essential Science Indicators a fhoilsíonn Thomson Reuters.

I gcás na hÉireann, le haghaidh €1 d’infheistíocht an stáit i dtaighde agus forbairt, caitheann an earnáil ghnó beagnach €3 ar thaighde agus forbairt (i.e. déanann an Stát 25% den infheistíocht iomlán i dtaighde agus forbairt agus déanann an earnáil ghnó 75%), i gcomparáid le meánmhéid an Aontais Eorpaigh, eadhon aon trian: dhá thrian. Dá réir, tá Éire ar comhchéim leis an mBeilg agus an tSualainn, agus beagán taobh thiar den tSeapáin agus den Chóiré.

I measc chliantchuideachtaí Fhiontraíocht Éireann agus GFT Éireann, tá gníomhaíocht taighde agus forbartha ina saintréith de ghnólachtaí a bhí ag spreagadh fáis i ndíolacháin, onnmhairí agus breisluach. Baineann cúnamh deontais taighde agus forbartha le níos mó fás fostaíochta i ngnólachtaí agus athléimneacht níos fearr i bhfostaíocht i rith an chúlaithe gheilleagraigh.

Beidh rathúnas agus fás geilleagrach na hÉireann amach anseo ag brath go mór ar ár n-infheistíocht leanúnach i dTaighde, Forbairt agus Nuálaíocht. Tá an infheistíocht sin dírithe ar gheilleagar agus sochaí ardtáirgiúlachta, bunaithe ar eolas a fhorbairt, ag spreagadh

nuálaíochta i bhfiontraíocht, ag tógáil caipiteal daonna agus ag méadú a mhéad agus is féidir an toradh ar infheistíocht taighde agus forbartha le haghaidh dul chun cinn geilleagrach agus sóisialta.

### DASHBOARD STATISTICS

Foilsítear *Dashboard Statistics* ar láithreán gréasáin na Roinne gach mí. Tiomsaítear sonraí iontu ón Roinn, an Ard-Oifig Staidrimh, ón *UK Office of National Statistics (ONS)* agus ó fhoinsí seachtracha eile a bhaineann le táscairí luatha ar athrú a théann i bhfeidhm ar bheartas fiontraíochta.

## AN MARGADH AONAIR DIGITEACH

De réir spriocanna na Roinne maidir le timpeallacht iomaíoch a fhorbairt chun trádáil a spreagadh, táirgiúlacht a fheabhsú agus poist a chruthú agus a chothú, leanadh leis an obair ar an gclár oibre don chlaochlú digiteach i rith 2019. Stiúrann an Roinn gníomhaíocht an Rialtais uile agus comhordú tras-Rialtais chlár oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh ar leibhéal náisiúnta agus AE.

D'fhonn clár oibre an Mhargaidh Aonair Dhigitigh a chomhordú ar leibhéal náisiúnta, bhí Pat Breen, T.D., an tAire Stáit do Thrádáil, Fostaíocht, Gnó, Margadh Aonair Digiteach an Aontais Eorpaigh agus Cosaint Sonraí, ina chathaoirleach ar cheithre chruinniú den Choiste Idir-Rannach ar an Margadh Aonair Digiteach i rith na bliana. Is grúpa tras-Rialtais é an Coiste Idir-rannach ina bhfuil roinnt Aonad ón Roinn mar aon le hionadaithe ó Ranna eile. Stiúrann siad an ghníomhaíocht uile-Rialtais chun aghaidh a thabhairt ar na tionscnaimh atá ag teacht chun cinn ón gCoimisiún Eorpach agus déanann siad idirbheartaíocht orthu.

Ar phríomh-éachtaí na Roinne i rith na bliana bhí an Rialachán maidir leis an Ardán go Gnó (P2B) a sheachadadh, a bhfuil d'aidhm leis timpeallacht ghnó chothrom, thrédhearcach agus intuartha a chruthú do ghnólachtaí a úsáideann ardáin ar líne dá dtrádáil. Foilsíodh an Rialachán in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh i mí Iúil i ndiaidh phróisis fhada idirbheartaíochta agus táthar ag súil go gcuirfear i ndlí na hÉireann é sa bhliain 2020.


I mí an Mhárta, foilsíodh staidéar a rinne an Roinn i gcomhar leis an mBanc Eorpach Infheistíochta, dar teideal *"The Digitalisation of small and medium enterprises in Ireland"*. Ba é an cuspóir a bhí aige, scrúdú a dhéanamh ar na bacainní ar dhigitiú FBManna in Éirinn, eadhon, bearnaí airgeadais agus eolais agus freagairtí beartais cuí a leagan amach.

Leanadh leis an obair freisin chun forbairt ar bheartas an Aontais Eorpaigh maidir le hIntleacht Shaorga a bhrú chun cinn. San áireamh leis sin bhí Plean Comhordaithe Bhallstáit an Aontais Eorpaigh maidir le hIntleacht Shaorga agus an glacadh le hIntleacht Shaorga i gcomhthéacs náisiúnta a bhrú chun cinn. Rinne oifigigh na Roinne caidreamh suntasach ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus tras-Rialtais. Moladh athbhreithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus tá an Roinn ag stiúradh rannpháirtíocht na hÉireann, i gcomhoibriú le Ranna eile, sa phróiseas sin. Táthar ag súil go dtiocfaidh Acht nuashonraithe a sheasfaidh an aimsir maidir le Seirbhísí Digiteacha in áit na Treorach sin.

Is suntasach go raibh Éire sa seachtú háit ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach in 2019, suas ón ochtú háit in 2018. (Tugtar ar aird gur tháinig athrú ar mhodheolaíocht an Innéacs freisin in 2019.) Tá feabhas leanúnach tagtha ar rangú na hÉireann ón mbliain 2014, ardú trí háit, agus tá sí sa chéad áit san Aontas Eorpach ó thaobh an teicneolaíocht dhigiteach á lánphháirtiú ag gnólachtaí.

Is tosaíocht d'Éirinn é an Margadh Aonair Digiteach a thabhairt chun críche agus tá an Roinn ag obair leis an gCoimisiún Eorpach, le Parlaimint na hEorpa agus le Ballstáit eile i gcónaí chun torthaí a sholáthar a bhíonn ar son na trádála, na fiontraíochta agus na nuálaíochta. Tá forbairt á déanamh faoi láthair ar an gcéad chéim eile den phróiseas – DSM 2.0. Tá moltaí á ndréachtú fós do DSM 2.0 agus leanfaidh an Roinn le cur i bhfeidhm an phróisis sin a bhrú chun cinn i gcomhthéacs gheilleagar agus sochaí na hÉireann.

### GEILLEAGAR DIGITEACH AGUS AN TSOCHAÍ DHIGITEACH (DSEI) RANGÚ IN 2019




### PLEAN NÁISIÚNTA DON FHREAGRACHT SHÓISIALTA CHORPARÁIDEACH

Bliain ghnóthach d'Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí a bhí sa bhliain 2019 agus bhí gníomhaíocht maidir le Freagracht Shóisialta Chorparáideach (FSC) níos sofheicthe i ngnólachtaí na hÉireann, chomh maith le béim leanúnach ar chur i bhfeidhm *Towards Responsible Business,* an dara Plean Náisiúnta don Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach in Éirinn le haghaidh 2017–2020*.* Bunaíodh an Fóram atá á stiúradh ag fiontair le rúnaíocht ón Roinn seo, chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i

bhfeidhm na gníomhartha sa phlean náisiúnta. Tá Catherine Heaney, an Stiúrthóir Bainistíochta in DHR Communications, ina cathaoirleach ar Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí faoi láthair. Tháinig an Fóram le chéile ceithre huaire in 2019. Tá miontuairiscí ó na cruinnithe le fáil ag http://www.csrhub.ie/

D'éirigh thar cionn le cruinniú bricfeasta bliantúil suaitheanta na Roinne do Phríomhfheidhmeannaigh agus Ceannairí na Freagrachta Sóisialta Corparáidí in 2019. Tugadh cuntais spreagúla faoi FSC á cur i ngníomh san earnáil ghnó agus san earnáil phobail agus dheonach. Chualathas tuairim an Dr Rory Sullivan, London School of Economics and Political Science (LSE) agus Chronos Sustainability Ltd. faoi *'Environmental, Social and Governance Factors and their relevance to investment decision making'* agus tuairim Tomás Sercovich, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Gnó sa Phobal in Éirinn faoi *'progressing towards meaningful CSR'*. Ba é sin an dara Cruinniú Bricfeasta do Phríomhfheidhmeannaigh agus Ceannairí na Freagrachta Sóisialta Corparáidí a d'óstáil an Roinn agus an Fóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí. Sheol an tAire Humphreys *'CSR Check 2019'*, an dara tuarascáil ar dhul chun cinn ar phlean náisiúnta na freagrachta sóisialta corparáidí, ag an gcruinniú sin.

Ghlac an Fóram Freagracht Shóisialta Chorparáideach san Earnáil Phoiblí mar cheann dá phríomhthéamaí in 2019 agus i mí Mheán Fómhair 2019 chomhordaigh an Roinn an chéad Cheardlann um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach san Earnáil Phoiblí riamh, inar tháinig 23 Chomhlacht Stáit agus 10 n-ionadaí ó Ranna Rialtais le chéile chun FSC ina n-eagraíochtaí féin a phlé. Banc Ceannais na hÉireann a bhí mar óstach don cheardlann agus an Roinn a chuir i láthair í, i gcomhar le Gnó sa Phobal in Éirinn.

Ar bhuaicphointí eile de chuid obair an Fhóraim Freagrachta Sóisialta Corparáidí in 2019 bhí:

- cur i láthair agus plé ag an gComhchoiste Oireachtais um Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i mí Dheireadh Fómhair 2019 ó chathaoirleach Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí, ó chomhalta an Fhóram, Gnó sa Phobal in Éirinn agus ó oifigigh na Roinne;
- 'Líonra um Fhreagracht Shóisialta Chorparáideach san Earnáil Phoiblí' a bhunú – líonra piarfhoghlama d'eagraíochtaí san earnáil phoiblí chun a straitéisí FSC a fhorbairt;
- an líonra fíorúil FSC ar líne a bhunú – do chleachtóirí agus eagraíochtaí FSC ar spéis leo a straitéisí FSC a fhorbairt; agus
- ardú ar an líon Cás-Staidéar FSC a taispeánadh ar an láithreán gréasáin CSRhub.ie. Is cuid lárnach d'obair an Fhóraim iad cás-staidéir mar gheall go soláthraítear leo acmhainn oideachais láidir do gach cineál gnólachta agus eagraíochta. Tá cás-staidéir le fáil le híoslódáil ar csrhub.ie agus tá rochtain ag cách orthu.

## SPRIOCANNA FORBARTHA INBHUANAITHE[1]

Déantar soláthar i "bPlean Náisiúnta Cur i bhFeidhm d'Éirinn le haghaidh na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe le haghaidh 2018–2020" na Roinne Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil do chur chuige uile-rialtais ar na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe a chur i bhfeidhm.

Tá an príomhról agus freagracht pháirtí leasmhair ar an Roinn as cur i bhfeidhm spriocanna éagsúla sa phlean i réimsí ar nós Freagracht Shóisialta Chorparáideach, taighde eolaíochta, nuálaíochta agus ceimiceáin a bhainistiú. Tá monatóireacht a dhéanamh ar a gcur i bhfeidhm ina phríomhthosaíocht don Roinn agus léirítear a tiomantas do na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ina Ráiteas Straitéise.

Ghlac an tAire Stáit, Pat Breen T.D., páirt sa cheathrú cruinniú den Fhóram Páirtithe Leasmhara Náisiúnta um na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe an 30 Iúil 2019. Na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 8: Obair Fhónta agus Fás Geilleagrach a bhí mar théama don seisiún. Rinne David Hegarty, Rúnaí Cúnta, cur i láthair ar an téama *"Future Jobs Ireland and Future Skills Needs"*. Tá Future Jobs 2019 bunaithe ar 5 Cholún, gach ceann díobh a thagann le sprioc forbartha inbhuanaithe amháin nó níos mó ná ceann amháin.

## TIONSCNAMH NA NGEILLEAGAR BEAG SÁRFHORBARTHA

Is ionann Tionscnamh na nGeilleagar Beag Sárfhorbartha agus grúpa seacht dtír (an Danmhairg, an Fhionlainn, Éire, Iosrael, an Nua-Shéalainn, Singeapór agus an Eilvéis) a thugann le chéile oifigigh agus saineolaithe chun machnamh a dhéanamh ar cheisteanna beartais comhleasa ina mbíonn tionchar ag dearcadh na tíre mar gheilleagar beag sárfhorbartha ar roghanna beartais.

D'fhreastail oifigigh na Roinne ar chruinniú an ghrúpa oibre i bPáras agus tionóladh cruinniú bliantúil na bPríomhoifigeach i gCóbanhávan in 2019. Áiríodh i dToscaireacht na hÉireann, á stiúradh ag an Ard-Rúnaí, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, feidhmeannaigh shinsearacha ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, agus Oifig Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais.

Chuir an Roinn a cuid oibre ar thionscnaimh i láthair na dtoscairí; tionscnaimh chun táirgiúlacht a fheabhsú in FBManna, lena n-áirítear trádáil le corparáidí ilnáisiúnta, soghluaisteacht oibrithe, agus naisc don chomhoibriú nuálaíochta le FBManna. Ansin pléadh an tslí le feabhas a chur ar scaipeadh eolais sa gheilleagar agus cad iad na tacaíochtaí beartais is féidir leo cabhrú le cumas ionsúite FBManna a mhéadú, chun deis a thabhairt dóibh an bhearna táirgiúlachta le gnólachtaí teorann domhanda a íoslaghdú.

[1] In 2015, ghlac 193 Ballstát sna Náisiúin Aontaithe, Éire ina measc, leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Cuimsíonn na 17 sprioc sin riachtanais shóisialta, gheilleagracha agus chomhshaoil le haghaidh todhchaí inbhuanaithe.

# Sprioc 3: CEANNASAÍOCHT A THABHAIRT AR CHUR CHUIGE UILE-RIALTAIS ÉIRE A CHUR CHUN CINN MAR CHEANNRÓDAÍ DOMHANDA, CÓRAS IOMAÍOCH IDIRNÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS FORBARTHA A SPREAGADH, BONN FIONTRAÍOCHTA NUÁLACH A CHRUTHÚ AGUS SOCHAÍ NÍOS FEARR A THÓGÁIL

## NUÁLAÍOCHT 2020

Leagtar amach i Nuálaíocht 2020, straitéis náisiúnta na hÉireann le haghaidh taighde agus forbartha, eolaíochta agus teicneolaíochta, fís maidir le hÉirinn a bheith mar cheannródaí nuálaíochta domhanda.

De réir Scórchlár Nuálaíochta an Aontais Eorpaigh (EIS) 2019, tá Éire sa 10ú háit san Aontas Eorpach agus sa 12ú háit ar an Innéacs Nuálaíochta Domhanda 2019. I measc na bpríomhghníomhaíochtaí in 2019 bhí:

- An tAthbhreithniú Lártéarma ar Nuálaíocht 2020 a thabhairt chun críche;
- An Ceathrú Tuarascáil ar an Dul Chun Cinn ar Chur i bhFeidhm Nuálaíocht 2020 a fhoilsiú;
- An dara glao de Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, arbh fhiú €500m é, a sheoladh;
- Maoiniú €230m do 6 Lárionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fhógairt;
- An Creat Náisiúnta ar an Aistriú chuig Timpeallacht Taighde Oscailte, arna ullmhú ag an bhFóram Náisiúnta Taighde Oscailte a sheoladh;
- Lárionaid d'Oiliúint Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ar fiú €100m iad a sheoladh. Cuirfear oiliúint ar fáil iontu do 700 mac léinn iarchéime i réimsí na riachtanas scileanna atá sainaitheanta go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta; digiteach, sonraí agus TFC;
- Rath leanúnach maidir le Fís 2020 – tá taighdeoirí agus nuálaithe na hÉireann ag feidhmiú go maith i gcónaí agus fuair siad maoiniú €861m faoi dheireadh mhí na Nollag 2019;
- Ghlac Éire ballraíocht sa Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas 9 (ESO) le déanaí agus d'óstáil sí an 150ú cruinniú comhairle i dTeach Farmleigh i mBaile Átha Cliath;
- Comhaontaíodh sásra comhordaithe nua, '*Future Manufacturing Ireland'*, chun comhleanúnachas a chinntiú agus an seachadadh is fearr ó thaobh tacaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta ar feadh ionad, le béim faoi leith ar Ard-déantúsaíocht/Tionscal 4.0.
- Sheol Fiontraíocht Éireann a chlár comhaltachta *Career-Fit Plus,* ar fiú €14m é agus a fhaigheann cómhaoiniú ón Aontas Eorpach, d'fhonn 50 taighdeoir idirnáisiúnta le taithí a mhealladh chun na hÉireann. Tá d'aidhm leis an gclár taighdeoirí ardcháilíochta a nascadh le cuideachtaí Éireannacha chun tacú le tionscadail a dhíríonn ar an tionscal;

- Seoladh an 3ú glao ar Thaighde Nuálaíochta do Ghnólachtaí Beaga (SBIR) san Earnáil Phoiblí sa tríú ráithe de 2019;
- Seoladh an Prótacal Náisiúnta IP leasaithe 2019, chomh maith leis an Treoir Acmhainní a théann leis, i mí an Mhárta 2019. Aistriú Eolais Éireann a chuir an prótacal amach.


### CISTE NUÁLAÍOCHTA NA dTEICNEOLAÍOCHTAÍ SUAITEACHA

Tá Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha, a fógraíodh in 2018, ar cheann de na ceithre chiste mhóra a bronnadh mar chuid de chiste an Phlean Forbartha Náisiúnta faoi Thionscadal Éireann 2040. An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus a cuid gníomhaireachtaí, ag obair le Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais eile, a chuireann an Ciste comhoibríoch seo, ar fiú €500m é agus atá bunaithe ar dhúshlán, i bhfeidhm. Fiontraíocht Éireann a riarann Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha thar ceann na Roinne.

Tá d'aidhm le Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha dul i ngleic le forbairt, úsáid agus tráchtálú ceann de na teicneolaíochtaí suaiteacha, nó níos mó díobh, chun réitigh nua a chur ar fáil trí infheistíocht i bhforbairt agus cur i bhfeidhm táirgí agus seirbhísí nua. Is é an chéad chiste dá leithéid a thacaíonn le comhoibriú mórscála, faoi threallús ag fiontraíocht, ina mbíonn FBManna agus cuideachtaí ilnáisiúnta ag obair lena chéile agus le comhlachtaí taighde poiblí na hÉireann. Tá Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha ina phríomhghné de Cholún 1 de Future Jobs Ireland, Glacadh go Fonnmhar le Nuálaíocht agus Athrú Teicneolaíochta, mar gheall go gcabhrófar le cruthú post amach anseo trí bhíthin na dtionscadal arna maoiniú leis.

Fógraíodh an dara grúpa de thionscadail ar éirigh leo i mí na Nollag 2019:

- Ceadaíodh maoiniú do 16 Tionscadal, a raibh 13 díobh á stiúradh ag FBManna;
- Gheobhaidh na tionscadail ar éirigh leo €65m go 2022 agus baineann siad leis na hearnálacha sláinte, bia, TFC agus déantúsaíochta in Éirinn;
- Is comhpháirtíocht chomhoibríoch gach tionscadal a dhéanfaidh teicneolaíochtaí suaiteacha a fhorbairt, a úsáid agus a thráchtálú chun gnó a athrú ó bhonn.
- Bhí rannpháirtíocht fiontar beag agus meánmhéide riachtanach i ngach cuibhreannas.




*Baineann na 43 thionscadal ar éirigh leo faoi Ghairmeacha 1 agus 2 le 159 gcomhpháirtí ó na hearnálacha fiontraíochta agus taighde atá lonnaithe ar fud na tíre, mar a léirítear sa mhapa seo.*

**Suíomhanna na 159 gcomhpháirtí tionscadail a fuair maoiniú faoi Ghlao 1 agus Ghlao 2 de Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha**

### FONDÚIREACHT EOLAÍOCHTA ÉIREANN

I rith 2019, lean Fondúireacht Eolaíochta Éireann uirthi ag glacadh ról tábhachtach maidir le tacú le fís an Rialtais i ndáil le hÉirinn a bheith ina Ceannródaí Nuálaíochta Domhanda, mar a ndéantar breac-chuntas air i straitéis na hÉireann um thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht – Nuálaíocht 2020 – mar aon le roinnt gníomhartha sa Phlean Gníomhaíochta um Poist, 2018 agus straitéisí náisiúnta eile a chur i bhfeidhm.

#### GNÍOMHAÍOCHTAÍ SNA CLÁIR

Sa bhliain 2019 baineadh éachtaí suntasacha amach ar fud gach réimse de ghníomhaíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Ceadaíodh 317 ngradam ilbhliantúil nua in 2019 thar 32 chlár ar luach gealltanais €448.5m. B'fhiú €188m na híocaíochtaí le comhlachtaí agus eagraíochtaí taighde in 2019.

#### I MEASC NA bPRÍOMHRÉIMSÍ DUL CHUN CINN IN 2019 BHÍ:

- Tá Fondúireacht Eolaíochta Éireann tar éis infheistíocht shuntasach a chur i gcrích in 2019, ina measc: tionscnaimh nua chun na scileanna a theastaíonn do thodhchaí an

gheilleagair a sholáthar; tacaíocht leanúnach leis an líonra Lárionad Taighde ceannródaíocha de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, díriú ar chláir a athbhunú chun tacú le taighdeoirí neamhspleácha den scoth taighde ardnuálaíoch a dhéanamh; samhlacha maoinithe dinimiciúla a thabhairt isteach atá ceaptha dul i ngleic le dúshláin náisiúnta agus domhanda; comhpháirtíochtaí straitéiseacha a thógáil chun tacú le tionscadail taighde mórscála i réimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach agus trealamh riachtanach a mhaoiniú chun taighde in Institiúidí Ardoideachais a éascú.

- Rinne an ghníomhaireacht dul chun cinn ar réimsí tábhachtacha a bhaineann le beartas amhail Eolaíocht Oscailte. Chláraigh Fondúireacht Eolaíochta Éireann le Plean S, tionscnamh idirnáisiúnta chun Rochtain Oscailte iomlán agus láithreach ar fhoilseacháin taighde a chur i gcrích.
- D'fhorbair Fondúireacht Eolaíochta Éireann glao nua, nuálach chun feabhas a chur ar nuálaíocht sa tseirbhís phoiblí agus déanamh beartais atá bunaithe ar fhianaise. Sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann Clár Comhaltachta na Seirbhíse Poiblí in 2019, clár a bhaineann le comhpháirtíochtaí le Gníomhaireachtaí agus Ranna ar fud Earnáil Phoiblí na hÉireann, mar shampla Leabharlann agus Seirbhísí Taighde an Oireachtais, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann. Faoin gclár sin, neadófar taighdeoirí acadúla i gcomhlachtaí óstála in 2020 chun tacú leis an tseirbhís phoiblí beartas a bheidh bunaithe ar fhianaise a dhéanamh.
- Thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann faoi mhisean taighde ar éirigh thar cionn leis, le tacaíocht ó GFT agus ón Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, chuig Cósta Iarthair Stáit Aontaithe Mheiriceá chun caidreamh a dhéanamh le cuideachtaí teicneolaíochta. Ghlac an Dr Orlaigh Quinn, Ard-Rúnaí agus Dermot Mulligan, Ard-Rúnaí Cúnta, páirt sa mhisean, in éineacht le daoine ó roinnt Lárionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann.
- Tugadh dianphróiseas comhairliúcháin cuimsitheach chun críche freisin in 2019. Bhí os cionn 1,000 duine páirteach sa phróiseas, ar tugadh faoi chun Straitéis nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a fhorbairt.
- Tá ag éirí go maith san Eoraip le hinfheistíocht Fhondúireacht Eolaíochta Éireann i gcóras taighde na hÉireann. Tugadh maoiniú dar luach iomlán €12m do sheisear taighdeoirí in Éirinn faoi dhámhachtain Dheontas Comhdhlúthúcháin na Comhairle Eorpach um Thaighde (ERC).

#### BUAICPHOINTÍ CLÁR AGUS GRADAM

- Bronnadh an dara chéim maoinithe arbh fhiú infheistíocht €230m ón Rialtas é ar shé Lárionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, trí bhíthin Chlár Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Meastar go bhfuil os cionn 170 comhpháirtí tionscail bainteach leis na Lárionaid sin, go dtí seo. Tagann na comhpháirtithe sin ó éagsúlacht ollmhór earnálacha agus tionscal agus gheall siad os cionn €200m a chur ar fáil in airgead tirim agus i ranníocaíochtaí comhchineáil. Ba iad na Lárionaid Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann ar bronnadh maoiniú orthu:

- AMBER – Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do Thaighde Ábhar agus Bithinnealtóireachta
- APC Microbiome Ireland – Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann
- Insight – Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann d'Anailísíocht Sonraí
- IPIC – Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann don Fhótónaic
- MaREI – Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann d'Fhuinneamh, Aeráid agus Mara
- SSPC – the Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do Chógaisíocht

- D'éirigh go han-mhaith leis an líonra Lárionad Taighde de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le Fís 2020. Ba bhreis agus €139m an méid iomlán ar tharraing Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann anuas.
- I mí an Mhárta 2019, d'fhógair Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú os cionn €100m do shé Lárionad Taighde nua d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, ina gcuirfear oiliúint ar suas le 700 mac léinn iarchéime. Thosaigh an chéad ghrúpa mac léinn clár sna sé Lárionad Oiliúna Fhondúireacht Eolaíochta Éireann agus sna seacht Lárionad Oiliúna Dochtúireachta EPSRC de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann atá ann cheana féin. Bhí ró-éileamh ar an dá chlár agus tá meascán de mhic léinn atá lonnaithe in Éirinn, san Aontas Eorpach agus lasmuigh den Aontas i gceist leo.
- Fógraíodh Comhpháirtíocht Straitéiseach san oinceolaíocht bheacht ag tarraingt ar dheireadh na bliana. Bhain infheistíocht chomhoibríoch iomlán €11.9m léi. Faoin gcuibhreannas Precision Oncology Ireland, féachfaidh cúig ollscoil Éireannacha, sé charthanas taighde ailse agus deich gcuideachta le diagnóisic agus teiripe nua a fhorbairt chun cóireáil phearsantaithe a chur ar othair ailse.
- Sheol Fondúireacht Eolaíochta Éireann an chéad ghlao ar thograí faoi Chlár nua Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, *Frontiers for the Future*, i gcomhar le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann agus an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Faoi chlár *Frontiers for the Future* de chuid Fhondúireacht Eolaíochta Éireann, tacaítear le taighdeoirí neamhspleácha den scoth taighde comhoibríoch ardnuálach a dhéanamh, a mbeidh an poitéinseal aige tionchar a imirt agus deiseanna a chur ar fáil do thionscadail ardriosca ach an-tairbheacha.
- Seoladh dhá ghlao ar thograí téamacha faoi Dhuais Fhondúireacht Eolaíochta Éireann do Nuálaí na Todhchaí sa bhliain 2019: 'An Dúshlán um bheith Saor ó Astaíochtaí' agus an 'An Dúshlán um Intleacht Shaorga chun Leasa na Sochaí'. Tá comhpháirtíocht leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála (Cúnamh Éireann) i gceist leis an dá thogra sin chun comhoibriú ar thaighde a éascú idir taighdeoirí Éireannacha agus institiúidí taighde i dtíortha a ndíríonn Cúnamh Éireann orthu sa Domhan Theas.
- Tá ag éirí go maith fós le clár Comhaltachta Tionscal Fhondúireacht Eolaíochta Éireann maidir le comhpháirtíochtaí idir thionscal agus lucht acadúil a fhorbairt. Bronnadh 43 dhámhachtain arbh ionann iad agus infheistíocht €2.7m ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann sa bhliain 2019.

Is tosaíocht fós d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann é ceannairí taighde na todhchaí a mhealladh go hÉirinn agus a choinneáil anseo. Bhronn an ghníomhaireacht 3 dhámhachtain nua a bhfuil ardmheas orthu, dámhachtainí Uachtarán na hÉireann do Cheannairí na Todhchaí (€3.5m).

#### GAIRMEACHA, TACAÍOCHT OIDEACHAIS, FOGHLAIM NEAMHFHOIRMIÚIL

- Tionóladh beagnach 1400 imeacht ag Seachtain na hEolaíochta 2019 agus d'fhreastail os cionn 555,000 duine orthu. Thug Fondúireacht Eolaíochta Éireann maoiniú do 13 fhéile agus 13 imeacht. Gníomhú ar son na hAeráide an téama do Sheachtain na hEolaíochta 2019, agus féachadh le cabhrú le daoine tuiscint a fháil ar an eolaíocht taobh thiar d'uathúlacht ár bpláinéad, ar an tslí a bhfuil an eolaíocht agus an teicneolaíocht ag cabhrú linn réitigh a aimsiú le haghaidh thodhchaí dearfach don aeráid agus an tslí a bhféadfaidh gach duine againn oiriúnú a dhéanamh chun cabhrú leis an athrú aeráide a mhaolú.

#### FIONTRAÍOCHT ÉIREANN, INFHEISTÍOCHT AGUS GNÍOMHAÍOCHT NUÁLAÍOCHTA

- Cuireann Fiontraíocht Éireann tacaíochtaí Taighde agus Forbartha ar fáil do chuideachtaí chun teicneolaíochtaí agus próisis nua a fhorbairt a chruthóidh poist agus a mhéadóidh onnmhairí. Déanann Fiontraíocht Éireann é sin de bhun trí phríomhghníomhaíocht:
- Acmhainn reatha Taighde agus Forbartha ionchuideachta a threisiú
- Dlús a chur faoi chomhoibriú méadaithe idir an tionscal agus lucht acadúil
- Tráchtálú taighde.

#### ACMHAINN REATHA TAIGHDE AGUS FORBARTHA IONCHUIDEACHTA A THREISIÚ

De bhun tacaíocht a chur ar fáil do Thaighde, Forbairt agus Nuálaíocht, aithníonn an Stát cliseadh sa mhargadh sa mhéid is nach ndéanann cuideachtaí (fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe) dóthain infheistíochta i dtaighde agus forbairt nó sa chás go ndéanann siad infheistíocht ach nach mbíonn na tionscadail sách mór ná uaillmhianach. Is é ról Fhiontraíocht Éireann ina leith sin an baol a bhaint as taighde, forbairt agus nuálaíocht den chineál sin ionas go bhforbródh cuideachtaí táirgí agus seirbhísí nua agus feabhsaithe. In 2019, cheadaigh Fiontraíocht Éireann os cionn 150 cead taighde agus forbartha dar luach breis is €50,000 do chliantchuideachtaí (lena n-áirítear 31 chomhpháirtíocht nuálaíochta).

In 2019, rinneadh dul chun cinn ar obair ar athruithe reachtaíochta a bheartaítear chun dul i ngleic le rudaí a chuireann bac ar ghlacadh mhaoiniú taighde, forbartha agus nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann. Shínigh an tUachtarán an tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019 isteach sa dlí i mí na Nollag 2019. Faoin Acht, méadaítear cumhachtaí Fhiontraíocht Éireann chun deontais agus iasachtaí a thabhairt, chun scaireanna a cheannach agus chun soláthar a dhéanamh do nithe gaolmhara eile. Méadaítear raon feidhme Fhiontraíocht Éireann freisin chun tacú leis an earnáil gairneoireachta, atá leochaileach ó thaobh an Bhreatimeachta.

### DLÚS A CHUR FAOI CHOMHOIBRIÚ MÉADAITHE IDIR AN TIONSCAL AGUS LUCHT ACADÚIL

I rith 2019, fuair 1,084 thionscadal comhoibríoch idir cuideachtaí agus Institiúidí Ardoideachais Éireannacha tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann. Áirítear san fhigiúr sin 559 Dearbhán Nuálaíochta beag €5k a fhuascailt, 452 faoi Thionscal Tairsí Teicneolaíochta a mhaoiníonn an tionscal agus a chuirtear i gcrích in Institiúidí Teicneolaíochta ar fud na hÉireann agus 73 cead do Chomhpháirtíochtaí Nuálaíochta. Tugann na tionscadail seo deiseanna tráchtála nua do chuideachtaí, spáráiltear airgead agus méadaíonn siad ar chumas nuálaíochta.

### CLÁR NA NIONAD TEICNEOLAÍOCHTA:

I rith 2019, rinne 593 chuideachta caidreamh le líonra Ionad Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann chun fadhbanna inmheánacha comhchoiteanna/earnálacha a réiteach. Chabhraigh clár na nIonad Teicneolaíochta le láimhdeachas tuairim is €260m a chruthú go dtí seo i ngnólachtaí rannpháirteacha i seacht gcinn de na hionaid agus meastar go dtiocfaidh ardú go dtí beagnach €1.5bn ar an láimhdeachas tuartha go dtí 2024.

Chun scála oibríochtaí Ionaid Teicneolaíochta Fhiontraíocht Éireann/GFT Éireann a mhéadú, fógraíodh infheistíochtaí cúig bliana breise in 2019 do na hIonaid Teicneolaíochta seo a leanas:

- Ionad Taighde Déantúsaíochta na hÉireann (IMR) - €23.5m
- CeADAR (Intleacht Shaorga/Anailísíocht Sonraí/meaisínfhoghlaim) - €12m
- Food Health Ireland (FHI) - €7.2m

### CLÁR NA TAIRSÍ TEICNEOLAÍOCHTA:

Seoladh Clár na Tairsí Teicneolaíochta 2018-2022 le fógra faoi mhaoiniú €26.76m trí Fhiontraíocht Éireann thar chúig bliana an chláir. Faoin gclár sin, maoinítear 15 Thairseach a oibríonn ar feadh na 11 Institiúid Teicneolaíochta. Seoladh Braisle nua na Tairsí Teicneolaíochta in 2018. Is í braisle Theicneolaíocht Bhia na hÉireann an tríú braisle sa líonra, agus tugtar le chéile seacht dTairseach Teicneolaíochta léi. Tá sé d'aidhm léi comhchumas na dTairseacha bia a chur chun cinn mar sholáthraí amháin.

### GNÓTHAÍ NUATHIONSCANTA ARDACMHAINNE:

Cruthaíodh 13 Ghnó Nuathionscanta Ardacmhainne nua de bharr torthaí taighde ón gcóras Ardoideachais in 2019.

### AN CLÁR *CAREER-FIT PLUS*

In 2019, sheol Fiontraíocht Éireann a chlár comhaltachta ar fiú €14m é agus a fhaigheann cómhaoiniú ón Aontas Eorpach, *Career-Fit Plus*, chun 50 taighdeoir idirnáisiúnta le taithí a mhealladh chun na hÉireann. Tá d'aidhm leis an gclár taighdeoirí ardcháilithe a nascadh le cuideachtaí Éireannacha chun tacú le tionscadail thaighde a dhíríonn ar an tionscal agus a bheidh lonnaithe timpeall ar Ionaid Teicneolaíochta nó Tairseacha Teicneolaíochta ainmnithe. Téann *Career-Fit Plus* i ngleic leis an easpa scileanna i gcuideachtaí

Éireannacha sa réimse taighde agus forbartha, trí bhíthin saineolaithe taighde a mhealladh ó ar fud an domhain chun comhoibriú le fiontair Éireannacha ar thionscadail, ar mhaithe le héagsúlú a dhéanamh agus margaí nua idirnáisiúnta a aimsiú.

### TAIGHDE NUÁLAÍOCHTA DO GHNÓLACHTAÍ BEAGA:

I ndiaidh an dara glao ar thaighde nuálaíochta do ghnólachtaí beaga, sheol raon leathan comhlachtaí san earnáil phoiblí 11 dhúshlán chun dul i ngleic le dúshláin agus chun réitigh nuálacha a lorg trí bhíthin rannpháirtíocht le cuideachtaí a phléann go mór leis an teicneolaíocht. Áiríodh air sin an chéad dúshlán FSS maidir le réitigh a fháil ar shaincheisteanna sláinte a bhaineann le diaibéiteas.

Seoladh an tríú glao ar thaighde nuálaíochta do ghnólachtaí beaga san earnáil phoiblí le haghaidh dhúshláin nuálacha sa cheathrú ráithe de 2019. Roghnófar na dúshláin oiriúnacha go luath sa bhliain 2020.

### AISTRIÚ EOLAIS ÉIREANN:

Cuidíonn le gnólachtaí leas a bhaint as rochtain ar shaineolas agus teicneolaíocht Éireannach ach a chinntiú gur féidir nascadh agus tabhairt faoi thaighde a mhaoinítear go poiblí in Éirinn go héasca.

I mí an Mhárta 2019, sheol Aistriú Eolais Éireann Prótacal Náisiúnta IP na hÉireann agus an Treoir Acmhainní a ghabhann leis. San áireamh sa nuashonrú sin tá creat chun mac-chuideachtaí a bhunú. Léirítear leis an tríú eagrán den Phrótacal tiomantas na hÉireann a chinntí go leanfaidh an córas aistriú eolais de bheith solúbtha agus sofhreagrach don athrú agus don fhás i gcúrsaí fiontair agus taighde araon.

### MOL NUÁLAÍOCHTA SLÁINTE ÉIREANN

Is comhthionscnamh é Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann idir an Roinn seo agus an Roinn Sláinte. Is é aidhm an tionscnaimh comhoibriú idir an tseirbhís sláinte agus an earnáil fiontraíochta a chur chun cinn agus go ndéanfaí forbairt agus tráchtálú ar theicneolaíochtaí, táirgí agus seirbhísí nua cúram sláinte.

I mí Mheán Fómhair, d'fhreastail an tAire Stáit Pat Breen T.D., in éineacht leis an Aire Stáit Jim Daly T.D., ar sheoladh oifigiúil bhrainse na Gaillimhe de Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá mol teicneolaíocht leighis rathúil i nGaillimh agus rinneadh roinnt tionscadal áitiúil rathúla ar bhonn píolótach trí Mhol Nuálaíochta Sláinte Éireann.

I mí na Nollag, sheol Mol Nuálaíochta Sláinte Éireann a glao bliantúil ar nuálaíochtaí chun dul i ngleic le riachtanas cúram sláinte AR BITH agus seoladh glao saindírithe freisin ar Thacú le Galar Ainsealach a Fhéinbhainistiú (galar cardashoitheach, riospráide agus diaibéiteas).

### CREAT UM THAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT AN AE – FÍS 2020

Lean Éire den fheidhmíocht iontach a bhí aici in Fís 2020, Creat um Thaighde agus Nuálaíocht an Aontais Eorpaigh. Bhuaigh taighdeoirí agus nuálaithe atá lonnaithe in Éirinn €861m de mhaoiniú iomaíoch don chlár ón Aontas Eorpach, go dtí deireadh 2019. Fuair Institiúidí Ardoideachais €481m nó 55.8% den méid iomlán sin. Fuair cuideachtaí €299.1m, nó 34.7%, agus chuaigh €195.7m den mhéid sin go FBManna. Stiúrann Fiontraíocht Éireann líonra tacaíochta Fís 2020 na hÉireann.

D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach a thogra don naoú Creatchlár um Thaighde agus Nuálaíocht, ar a dtabharfar Fís Eorpach, i mí an Mheithimh 2018. Cuireadh tús leis an idirbheartaíocht an mhí dár gcionn agus baineadh Comhaontú ag an gComhairle amach i mí na Samhna 2019. Baineadh Comhthuiscint amach idir an Chomhairle Eorpach, Parlaimint na hEorpa  agus an Coimisiún Eorpach and i mí Aibreáin 2019.

### COMHAIRLE NÁISIÚNTA IOMAÍOCHAIS AN AONTAIS EORPAIGH

I rith 2019, rinne an tAire Stáit John Halligan, T.D., ionadaíocht ar leas na hÉireann ag cruinnithe na Comhairle Iomaíochais ar chúrsaí a bhain le taighde agus nuálaíocht. Reáchtáladh ceithre chruinniú fhoirmiúla agus dhá chruinniú neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle Iomaíochais (Taighde).

Bhí clár oibre na Comhairle dírithe go mór arís ar an gCreatchlár beartaithe don taighde agus nuálaíocht don tréimhse ó 2021 go 2027. Rinneadh dul chun cinn mór ar an idirbheartaíocht agus baineadh comhthuiscint amach idir Ballstáit, an Coimisiún agus Parlaimint na hEorpa i mí Aibreáin 2019. Is iad an buiséad agus comhlachas idirnáisiúnta na príomhshaincheisteanna atá fós le réiteach. Chomhaontaigh an Chomhairle Cur Chuige Ginearálta Páirteach ar an Rialachán beartaithe maidir leis an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht i mí na Samhna 2019.

An tosaíocht eile don Chomhairle, an tslí leis an rannchuidiú suntasach a fhéadfaidh infheistíocht leanúnach i dtaighde agus nuálaíocht a dhéanamh le spriocanna beartais eacnamaíochta, sochaíocha agus comhshaoil níos leithne a bhaint amach, a thabhairt chun críche.

### COMHAR IDIRNÁISIÚNTA

I mí Iúil 2019, shínigh an Roinn meabhrán tuisceana leasaithe leis an Aireacht Eolaíochta agus Teicneolaíochta i Daon-Phoblacht na Síne chun comhar eolaíochta, teicneolaíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn, agus d’óstáil an chéad chruinniú den Chomhchoiste inar fiosraíodh deiseanna do bhreis comhoibrithe idir taighdeoirí agus lucht fiontraíochta sa dá thír.

### EAGRAÍOCHTAÍ TAIGHDE IDIRNÁISIÚNTA

Lean an Roinn ar aghaidh ag treisiú rannpháirtíocht na hÉireann i gcomhoibrithe taighde idirnáisiúnta agus bhí an chéad bhliain iomlán curtha isteach ag Éirinn in 2019 mar bhall den

Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas. Is í an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas an eagraíocht réalteolaíochta idir-rialtais is tábhachtaí san Eoraip agus an réadlann réalteolaíochta is táirgiúla ar domhan. I measc buaicphointí 2019 bhí: Coiste Comhairleach Náisiúnta don Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas a bhunú; deiseanna do thaighdeoirí agus lucht fiontraíochta na hÉireann a shainaithint agus leas a bhaint astu; Clár Staidéir Chomhairle Taighde na hÉireann um an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas a sheoladh; agus an 150ú cruinniú comhairle den Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas a óstáil i mBaile Átha Cliath i mí an Mheithimh.

Trí bhíthin na Roinne, is ball anois í Éire de na naoi nEagraíocht Taighde Idirnáisiúnta – an Réadlann Eorpach sa Leathsféar Theas, Gníomhaireacht Spáis na hEorpa, an tSaotharlann Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, an Chomhdháil Eorpach um Bitheolaíocht Mhóilíneach, Eureka, COST, CECAM agus ELIXIR agus LOFAR.

Tá Éire ina comhalta bunaidh de Chomh-ghnóthas na Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpaí (EuroHPC). Is tionscnamh nua de chuid an Aontais Eorpaigh é EuroHPC a thógfaidh bonneagar sár-ríomhaireachta agus sonraí agus a thacóidh le taighde agus nuálaíocht sa réimse sin.

In 2019, ainmníodh Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil ina ionad náisiúnta inniúlachta EuroHPC, agus d'éirigh leis maoiniú meaitseála ón Aontas Eorpach a fháil chun seirbhísí ríomhaireachta ardfheidhmíochta ceannródaíocha a sholáthar d'úsáideoirí na hÉireann ón tionscal, ón lucht acadúil agus ón earnáil phoiblí.

Trí bhíthin an tionscnaimh sin, beidh teacht ag Éirinn ar bhonneagar ríomhaireachta ardfheidhmíochta san Eoraip, rud a thabharfaidh deis do thaighdeoirí agus FBManna na hÉireann rochtain a fháil ar na sár-ríomhairí is fearr san Eoraip. Cruthófar deiseanna freisin do chomhoibriú sa todhchaí le stáit eile atá rannpháirteach le EuroHPC, lena n-áirítear comhrochtain ar bhonneagar, uas-sciliú agus níos mó gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta.

### COMHPHÁIRTÍOCHT TAIGHDE AGUS FORBARTHA SAM - NA hÉIREANN

Is toradh í Comhpháirtíocht Taighde agus Forbartha SAM - na hÉireann ar phróiseas na síochána agus tá rialtais SAM, na hÉireann agus Thuaisceart Éireann rannpháirteach ann agus iad ag obair le chéile chun dul chun cinn na heolaíochta a chothú ach deontais taighde a dhámhachtain ar bhonn iomaíoch. Ar na réimsí ar tugadh maoiniú dóibh tá sláinte, teileachumarsáid, fuinneamh, nanaitheicneolaíocht, braiteoirí, talmhaíocht agus comhoibriú ag leibhéal na Lárionad Taighde aonair.

Déanann Grúpa Stiúrtha atá faoi chomhchathaoirleacht na dtrí dhlínse an comhoibriú a stiúradh sna trí riarachán agus tá tacaíocht rúnaíochta aige ó Idir-Thrádáil Éireann. Tionóladh cruinniú an Ghrúpa Stiúrtha i mBaile Átha Cliath i mí Iúil 2019. Comhaontaíodh ag an gcruinniú sin go leathnófaí raon feidhme na comhpháirtíochta chun comhoibriú idir sláinte agus talmhaíocht a chur san áireamh.

Maoiníodh 51 thionscadal faoin gcomhpháirtíocht in earnálacha tábhachtacha, ina measc talmhaíocht, sláinte, eolaíocht agus innealtóireacht, teileachumarsáid, fuinneamh agus inbhuanaitheacht. Is fiú breis is €79m an maoiniú a tiomsaíodh go dtí mí na Nollag 2019.

Síníodh an Meabhrán Tuisceana idir Fondúireacht Náisiúnta Eolaíochta Stáit Aontaithe Mheiriceá, Roinn an Gheilleagar agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann ag an gcruinniú. Chomhaontaigh na comhpháirtithe, i ndiaidh an Meabhrán a shíniú, go leathnófaí réimsí téamacha na tacaíochta chun cibearshlándáil a chur san áireamh.

### AN CLÁR TAIGHDE IN INSTITIÚIDÍ TRÍÚ LEIBHÉAL

Seoladh an Clár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéal in 1998, agus eagraíodh cúig thimthriall caiteachais go dtí seo. Anuas ar thacú le soláthar bonneagair do thaighde den chéad scoth (foirgnimh, saotharlanna agus trealamh den chuid is nua-aimseartha), rinne an Clár Taighde infheistíocht shuntasach i gcaipiteal daonna a fhorbairt, trí chláir PhD Struchtúrtha/ Teicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn ar fud institiúidí ardoideachais na hÉireann. Lean an Roinn ag maoirsiú na gcéimeanna deiridh de riaradh an chúigiú timthriall in 2019.

Cuireadh tús le clár nua maoinithe d'áiteanna ar an PhD Struchtúrtha in 2019, trí bhíthin clár nua infheistíochta ar fiú €100m é, thar thréimhse ocht mbliana, i Lárionad Oiliúna Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Cuirfear oiliúint ar 700 mac léinn iarchéime sna Lárionaid i réimsí na scileanna a sainaithníodh go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta go mbeidh siad de dhíth sa todhchaí sna réimsí digiteacha, sonraí agus TFC. I mí Mheán Fómhair 2019 a glacadh isteach an chéad ghrúpa mac léinn agus tá 126 mhac léinn ann anois. Anuas air sin, tá an Roinn Oideachais agus Scileanna ag dul i ngleic leis an ngá atá le spás fisiciúil don taighde san earnáil ardoideachais trí thuilleadh infheistíochta a dhéanamh i mbonneagar ardoideachais go dtí 2027 (le thart ar €3 bhilliún) mar a léirítear i dTionscadal Éireann 2040.

### GNÍOMHAIREACHT SPÁIS NA hEORPA

Bhí conarthaí faighte ag 28 gcuideachta ón nGníomhaireacht amhail ag deireadh an tríú ráithe de 2019. Ba chonraitheoirí céaduaire leis an nGníomhaireacht cúig chinn díobh, rud a léiríonn dul chun cinn thionscal na hÉireann san earnáil seo atá i mbéal forbartha. Ba €11.94m a bhí i luach iomlán na gconarthaí tionscail a rinne an Ghníomhaireacht in Éirinn amhail ag deireadh an tríú ráithe de 2019. Dhaingnigh pobal taighde na hÉireann €0.660K i gconarthaí freisin, rud a fhágann gur €12.6m luach iomlán na gconarthaí a rinne an Ghníomhaireacht in Éirinn in 2019. Anuas air sin, ceadaíodh sé ghnólacht nuathionscanta le haghaidh Ghorlann Ghnó Ghníomhaireacht Spáis na hÉireann in Éirinn in 2019. Oibríonn Gorlann Ghnó Ghníomhaireacht Spáis na hÉireann le fiontraithe chun smaointe gnó a bhaineann leis an spás a thiontú ina ngnólachtaí nuathionscanta tráchtála. In 2019, rinne Éire infheistíocht €18.3m ina ballraíocht sa Ghníomhaireacht.

I mí an Mheithimh 2019, d'fhoilsigh an Roinn an chéad Straitéis Náisiúnta Spáis don Fhiontar 2019-2025. Tacóidh an Straitéis Náisiúnta le tionscal a mhéadú a bheidh gníomhach sa spás agus inbhuanaithe go heacnamaíoch. Tógadh an Straitéis ar shé

cholún, lena n-áirítear Infheistíocht, Láidreachtaí agus Deiseanna, Rialachas, Tallann, agus Rannpháirtíocht Idirnáisiúnta.

I mí na Samhna 2019, d'fhreastail an tAire Stáit ar a bhfuil freagracht as Oiliúint, Scileanna, Nuálaíocht agus Taighde agus Forbartha ar Chruinniú Comhairle Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa in Seville na Spáinne. I rith an chruinnithe Aireachta sin, dhearbhaigh an tAire tiomantas na hÉireann do chláir spáis na hEorpa trí bhíthin gealltanas a dhéanamh ó thaobh infheistíocht €100m i gcláir Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa ó 2020 go 2024, rud a thacóidh le tionscal spáisghníomhach na hÉireann a leathnú tuilleadh.

### FORBAIRTÍ AR BHEARTAS SPÁIS AN AONTAIS EORPAIGH

Thángthas ar Chomhthuiscint chuimsitheach ar an Rialachán maidir leis an spás 2018 idir an tUachtaránacht agus an Pharlaimint i mí Feabhra 2019. Coinníodh leasú ar Airteagal 6, *Actions in support of an innovative Union space sector*, arna mholadh ag Éirinn, sa téacs comhaontaithe den Chomhthuiscint. Aithnítear sa téacs breise go bhfuil tionscail maidir leis an spás sna Ballstáit ag leibhéil éagsúla aibíochta agus tugtar gealltanas ann tacú le tionscal i mBallstáit nach bhfuil a gcumas maidir leis an spás ach ina thús, chun comhrochtain do chách ar an gclár spáis a sholáthar.

I rith na Comhairle Iomaíochais (An Spás) a tionóladh i mí na Bealtaine 2019 faoi Uachtaránacht na Rómáine, bhí díospóireacht bheartais ag Airí ar an ábhar 'ról na hEorpa mar ghníomhaire domhanda a neartú, comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn, taidhleoireacht i leith an spáis agus rannchuidiú le rialachas domhanda i leith an spáis. Ghlac na hAirí le Conclúidí na Comhairle ar 'an spás mar chumasóir'. Glacadh leis na Conclúidí sin ón gComhairle i bhfianaise Chomhairle Spáis Ghníomhaireacht Spáis na hEorpa-an tAontas Eorpach, a tionóladh sa Bhruiséil an lá céanna.

I rith na Comhairle Iomaíochais (an Spás) a tionóladh i mí na Samhna 2019 faoi Uachtaránacht na Fionlainne, ghlac na hAirí le Conclúidí na Comhairle ar 'réitigh an Spáis d'Artach inbhuanaithe'. Ghlac na hAirí páirt i ndíospóireacht bheartais bunaithe ar pháipéar na hUachtaránachta, 'geilleagair inbhuanaithe Spáis a chothú'.

### INSTITIÚID NÁISIÚNTA TYNDALL

Is í Institiúid Náisiúnta Tyndall an t-ionad taighde is mó in Éirinn le speisialtóireacht i gcrua-earraí agus córais Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). D'úsáid Tyndall an croídheontas €5.5m a thug an Roinn seo in 2019, chun buiséad iomlán taighde de circa €40m a ghiniúint.

Deonaíodh €1.5m breise ar Institiúid Náisiúnta Tyndall i mBuiséad Forlíontach 2019. Leis an maoiniú sin, éascófar na hoibreacha leanúnacha uasghrádaithe agus leathnaithe atá ar bun i saoráid Chorcaí. Soláthrófar saoráidí le haghaidh leibhéal rannpháirtíochta níos airde le comhpháirtithe tionscail, lena n-áirítear spás saintiomnaithe do shaotharlann agus d'oifigí – rud nua don taighde comhoibríoch in Éirinn.

## CÓIPCHEART

Rinneadh dul chun cinn i rith na bliana ar shaincheisteanna cóipchirt a chur chun cinn in Éirinn agus ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Shínigh an tUachtarán Ó hUigínn an tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019 isteach sa dlí an 26 Meitheamh 2019.

Leis an Acht, déantar leasú ar an Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar 2000 chun moltaí áirithe sa tuarascáil 'Cóipcheart a Nuachóiriú' arna foilsiú ag an gCoiste Athbhreithnithe Cóipchirt' in 2013, a chur san áireamh. Déantar foráil níos fearr san Acht do chosaint cóipchirt agus maoine intleachtúla eile sa ré dhigiteach agus cuirtear ar chumas sealbhóirí ceart a gcearta Intleachta Maoine a fhorfheidhmiú níos fearr sna cúirteanna. Tá forálacha ann freisin chun eisceachtaí áirithe cóipchirt arna gceadú le Treoir 2001/29/CÉ maidir le comhchuibhiú gnéithe áirithe den chóipcheart agus cearta gaolmhara sa tsochaí faisnéise, a chur san áireamh.

Shínigh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, Heather Humphreys T.D., an tOrdú um Thosach Feidhme don Acht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019 an 26 Samhain 2019. Leis an Ordú um Thosach Feidhme (IR Uimh. 586 de 2019), ainmnítear Dé Luain an 2 Nollaig 2019 mar an dáta a dtagann an tAcht i bhfeidhm, seachas i gcás alt 2(1), 9 agus 21. Mar a ndéantar foráil dó in Alt 1(7) den Acht sin, tiocfaidh na hailt sin i bhfeidhm go huathoibríoch ar an dáta a bheidh sé mhí i ndiaidh rith an Achta, eadhon 26 Nollaig 2019.

## TREOIR (AE) 2019/790 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CÓIPCHEART AGUS CEARTA GAOLMHARA SA MHARGADH AONAIR DIGITEACH AGUS TREORACHA LEASAITHE 96/9/CÉ AGUS 2001/29/CÉ

D'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach Treoir maidir le cóipcheart sa Mhargadh Aonair Digiteach (dá ngairfear "An Treoir maidir le Cóipcheart" anseo feasta) i mí Mheán Fómhair 2016. Tá sé sin ceaptha eisceachtaí cóipchirt a chomhchuibhiú sna réimsí taighde, oideachais agus caomhnú cultúir, agus staid sealbhóirí ceart a fheabhsú ó thaobh idirbheartaíocht a dhéanamh agus luach saothair a fháil ar a n-inneachar a úsáid ar líne. Ó foilsíodh í, bhí oifigigh ón Roinn rannpháirteach go gníomhach in idirbheartaíochtaí faoin Treoir, lena n-áirítear comhairliúchán leanúnach le páirtithe leasmhara le bheith mar lón eolais do shuíomh idirbheartaíochta na hÉireann maidir leis na tograí éagsúla sa Treoir.

I mí na Bealtaine 2018, comhaontaíodh téacs comhréitigh ar an Treoir laistigh de Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus fuair Uachtaránacht na Bulgáire cead le haghaidh sainordú chun tús a chur le hidirbheartaíocht le Parlaimint na hEorpa. I mí Dheireadh Fómhair 2018, cuireadh tús le hidirbheartaíocht tríthaobhach, arbh aidhm leo an Treoir a thabhairt chun críche, idir an Eorpach, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún Eorpach.

I ndiaidh dian-idirbheartaíochtaí teicniúla ar feadh dhá bhliain go leith, tháinig na trí institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh ar chomhaontú agus foilsíodh an Treoir in iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh an 17 Bealtaine 2019. Tá go dtí an 7 Meitheamh 2021 ag Éirinn, agus ag gach Ballstát eile den Aontas Eorpach, chun an Treoir maidir le Cóipcheart a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta.

### DEIMHNITHE FORLÍONTACHA COSANTA

An 1 Iúil 2019, tháinig an Rialachán "tarscaoileadh dheimhnithe forlíontacha cosanta" i bhfeidhm. Leis sin, ceadaítear do dhéantúsóirí táirgí a dhéanamh lena n-onnmhairiú chuig tríú tíortha nó chuig tíortha san Aontas Eorpach nach ann do chosaint ó dheimhnithe forlíontacha cosanta. Leis an tarscaoileadh, tugtar cead do dhéantúsóirí freisin cógais chineálacha agus bith chógais chomhchosúla a stoc-charnadh i rith na sé mhí dheireanacha den chosaint ó dheimhnithe forlíontacha cosanta chun iontráil chéad lá ar mhargaí an Aontais Eorpaigh a éascú do na táirgí sin.

### REACHTAÍOCHT THÁNAISTEACH A CUIREADH I bhFEIDHM I RÉIMSE NA MAOINE INTLEACHTÚLA

1. I.R. Uimh. 586 de 2019, An tOrdú um an Acht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019 (Tosach Feidhme) 2019.
   Faoin Ordú seo, ainmnítear an 2 Nollaig 2019 mar an lá a dtagann an tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019 i bhfeidhm ina iomláine, seachas ailt 2(1), 9 agus 21. Mar a ndéantar foráil dó in Alt 1(7) den Acht sin, tiocfaidh na hailt sin i bhfeidhm go huathoibríoch an dáta ar ionann é agus sé mhí ó ritheadh an tAcht, a shínigh an tUachtarán an 26 Meitheamh 2019.
2. I.R. Uimh. 587 de 2019, An Rialachán um Dearaí Tionscail (Leasú) 2019.
   Leis na rialacháin seo, déantar na hathruithe is gá i ndáil leis na cúirteanna agus Oifig na bPaitinní a athainmniú, i ndiaidh achtú an Achta Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019.
3. I.R. Uimh. 588 de 2019, na Rialacha um Thrádmharcanna 2019.
   Leis na rialacháin seo, déantar na hathruithe is gá i ndáil leis na cúirteanna agus Oifig na bPaitinní a athainmniú, i ndiaidh achtú an Achta Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019.
4. I.R. Uimh. 589 de 2019, na Rialacha um Paitinní (Leasú) 2019
   Sna rialacha seo, tugtar na hathruithe teicniúla agus um nósanna imeachta is gá leo i ndiaidh achtú an Achta Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019, chomh maith leis na hathruithe a bhaineann le cúrsaí oibríochtúla a d'iarr Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann.
5. I.R. Uimh 628 de 2019, na Rialacha um Thrádmharcanna (Leasú) 2019.
   Sna Rialacha seo tá athruithe áirithe um nósanna imeachta a d'iarr Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann lena chinntiú go ndéantar imeachtaí freasúra agus cúlghairme ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach. Leagtar amach sna Rialacha na nósanna imeachta riaracháin chun tuairimí tríú páirtí a lóisteáil i ndáil le hiarratais ar thrádmhairc a

ndéantar de mheon mímhacánta agus ról an Rialtóra Maoine Intleachtúla ó thaobh na tuairimí sin a phróiseáil.

### PRÍOMHREACHTAÍOCHT A CUIREADH I bhFEIDHM I RÉIMSE NA MAOINE INTLEACHTÚLA

- An tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019. Le hAcht 2019, déantar dlí cóipchirt in Éirinn a nuachóiriú agus féachtar le bacainní roimh an nuálaíocht sa timpeallacht dhigiteach a bhaint. Tabharfar cosaint bhreise do shealbhóirí ceart agus ag an am céanna, éascófar rochtain ar inneachar cruthaitheach d'úsáideoirí agus don tsochaí níos leithne.

### CAIGHDEÁNÚ

D'óstáil an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann dhá ollchruinniú caighdeán de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán sa bhliain 2019 maidir le:

- ISO/IEC JTC 1/SC 42: Intleacht Shaorga. D'fhreastail breis is 150 saineolaí ó na hollscoileanna is fearr ar domhan, cuideachtaí teicneolaíochta, rialtóirí, úsáideoirí agus lucht déanta beartais as 22 thír ar an imeacht cúig lá seo. Ag an gcruinniú, d'oibrigh na rannpháirtithe chun caighdeáin a fhorbairt chun cabhrú le forbróirí agus úsáideoirí theicneolaíocht na hintleachta saorga agus le páirtithe leasmhara eile muinín a bheith acu as córais agus feidhmchláir na hintleachta saorga, agus chun rialachas a bhunú ina leith;
- ISO/TC 307: Le teicneolaíochtaí blocshlabhra agus mórleabhar dáilte, tugadh le chéile saineolaithe as 40 tír ar cuireadh de chúram orthu ar a laghad 11 chaighdeán ISO nua a fhorbairt a mbeadh blocshlabhra i gceist leo. Áirítear air sin réimsí amhail príobháideachas, rioscaí slándála, bainistiú aitheantais, tacsanomaíocht agus oinceolaíocht, bainistiú slándála, saincheisteanna fionnachtana, rialachas, agus conarthaí cliste atá ceangailteach ó thaobh dlí.

D'óstáil an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann an 12ú Coiste Idirnáisiúnta um Chaighdeáin Róbaitice de chuid Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán i mí na Samhna. Bhailigh níos mó ná seasca saineolaí domhanda as réimse na Róbataice le chéile sa Mhuileann gCearr le haghaidh chruinniú tábhachtach chun an bealach a réiteach do róbait a thabhairt isteach sa tírdhreach déantúsaíochta.

# Sprioc 4: TACAÍOCHTAÍ CAIDRIMH DHEARFAIGH SAN ÁIT OIBRE, SÁSRAÍ RÉITIGH DÍOSPÓIDÍ A FHEIDHMÍONN GO MAITH, FORFHEIDHMIÚ FÓNTA NA gCEART FOSTAÍOCHTA AGUS TIMPEALLACHT OIBRE SHÁBHÁILTE A CHUR AR FÁIL

Anuas ar thacaíochtaí san áit oibre, a áiríonn áiteanna oibre sábháilte agus sláintiúla, réiteach díospóidí agus forfheidhmiú ceart, tá an Roinn freagrach freisin as an mBeartas Imirce Geilleagraí agus as réimeas na gCeadanna Fostaíochta a bhainistiú.

## IMIRCE GHEILLEAGRACH

Ach na moltaí in Athbhreithniú 2018 ar Bheartas Imirce Geilleagraí a chur i bhfeidhm i gcónaí, leanadh lena chinntiú go mbeidh córas ceadanna fostaíochta an Stáit fós sách solúbtha le freagairt d'athruithe ar an margadh saothair agus le tacú go hiomlán le riachtanais lucht saothair a thagann chun cinn. Áiríodh orthu sin ceadanna imirce do chéilí agus do pháirtithe shealbhóirí Ceadanna Fostaíochta le haghaidh Scileanna Criticiúla, le go bhféadfaidh siad a bheith ag obair gan ghá le cead fostaíochta ; síneadh a chur leis an gcreat ama don tástáil riachtanas sa mhargadh saothair maidir le ceadanna fostaíochta, chun tástáil níos leordhóthanaí a dhéanamh ar an margadh saothair sa bhaile agus san Eoraip; an tairseach luach saothair a ardú don chead fostaíochta le haghaidh scileanna criticiúla agus Fóram Úsáideoirí Comhairliúcháin Fostóirí a bhunú, faoi chomhchathaoirleacht na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais.

I ndiaidh an athbhreithnithe ar liostaí na gceadanna fostaíochta le haghaidh scileanna criticiúla agus na ngairmeacha neamh-incháilithe, athbhreithniú a dhéantar faoi dhó sa bhliain, rinneadh athruithe ar na liostaí, trí bhíthin leasú ar na Rialacháin um Cheadanna Fostaíochta chun dul i ngleic le ganntanas lucht saothair i bpríomh-earnálacha den gheilleagar, amhail fáilteachas, foirgníocht, sláinte, agraibhia, spóirt ardfheidhmíochta agus tarlú bóthair.

Rinneadh dul chun cinn ar an obair a bhaineann le reachtaíocht nua chomhdhlúite agus leasaithe maidir le ceadanna fostaíochta a fhorbairt nuair a foilsíodh na scéim ghinearálta don reachtaíocht nua agus nuair a tugadh próiseas comhairliúcháin phoiblí chun críche.

### CEADANNA FOSTAÍOCHTA

Le linn 2019, bhí iarratais Chomhpháirtí Iontaofa, arb ionann iad agus 77% de na hiarratais ar fad ar cheadanna, agus ar úsáideoirí rialta na seirbhíse iad na hiarratasóirí, bhí siad á bpróiseáil laistigh de 3-4 sheachtain go comhleanúnach. Bhí gnáth-iarratais, arb ionann iad agus 23% de na hiarratais ar fad, á bpróiseáil laistigh de 10-11 sheachtain.

Sa bhliain 2019, rinneadh an líon ab airde iarratas le 11 bhliain anuas ar cheadanna fostaíochta. Fuarthas 18,940 iarratas, ardú 13% ar 2018. Ag an am céanna, rinneadh an líon ab airde cinntí ar iarratais le 11 bhliain anuas, líon iomlán de 18,630 cinneadh, ardú 22% ar 2018.

Is maith iad na hagaí próiseála de réir chaighdeáin idirnáisiúnta, ach titeann siad lasmuigh dár spriocanna uaillmhianta agus tá na hacmhainní ar fad atá ar fáil in úsáid chun na hagaí sin a dhéanamh níos giorra fós.

Le linn 2019, thug an Roinn roinnt athruithe oibríochtúla isteach, rinne próisis níos éifeachtaí agus chuir réitigh TFC i bhfeidhm chun cabhrú le hagaí próiseála a laghdú. Leithdháileadh baill foirne breise an rannóg agus leithdháilfear níos mó arís in 2020.

Rinneadh Athbhreithniú neamhspleách ar Phróisis Ghnó maidir le hobair Rannóg Ceadanna Fostaíochta na Roinne d’fhonn éifeachtúlachtaí breise a shainaithint a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm sa ghearrthéarma, agus mar chéad chéim ó thaobh córas próiseála TF nua a fhorbairt i rith 2020. Bainfidh an córas nua leas as na teicneolaíochtaí nua ar fad a bheidh ar fáil, lena n-áirítear digitiú iomlán.

Tá caidreamh réamhghníomhach á dhéanamh ag an Roinn le custaiméirí chun iad a chur ar an eolas faoi na hagaí próiseála reatha trí bhíthin ríomhphost, cruinnithe agus nuashonruithe rialta sa chuid de láithreán gréasáin na Roinne a phléann le Ceadanna Fostaíochta.

Is léir rath an chórais ceadanna fostaíochta maidir le freastal ar ghanntanais scileanna agus éifeachtúlacht fheabhsaithe riaracháin ó na staitisticí seo a leanas:

- Bhain 42.5 % de na ceadanna fostaíochta ar fad a eisíodh in 2019 le Ceadanna Fostaíochta le haghaidh Scileanna Criticiúla, an cead fostaíochta atá ceaptha díriú ar ghanntanas i ngairmeacha ard-oilte a bhfuil ardéileamh orthu; agus
- Ba chuig gairmithe TFC a eisíodh 30% de na ceadanna fostaíochta, ardú 19% ar 2018.

| BLIAIN | Iarratais ar glacadh leo[2] | LÍON Iomlán Eisithe | LÍON IOMLÁN DIÚLTAITHE | LÍON IOMLÁN TARRAINGTHE SIAR | LE PRÓISEÁIL FÓS |
|---|---|---|---|---|---|
| **2019** | **18,940** | **16,383** | **1,397** | **850** | **3,015** |
| 2018 | 16,735 | 13,398 | 1,396 | 543 | 2,625 |
| 2017 | 13,333 | 11,354 | 1,516 | 320 | 1,300 |
| 2016 | 11,317 | 9,383 | 1,651 | 207 | 1,238 |

[2]Luadh líon na n-iarratas a fuarthas seachas líon na n-iarratas ar glacadh leo sna tuarascálacha bliantúla roimhe seo. Bhíodh iarratais ar diúltaíodh dóibh ina dhiaidh sin mar nach raibh siad críochnaithe san fhigiúr ‘iarratais a fuarthas’. Tá an Córas ar Líne do Cheadanna Fostaíochta tar éis deireadh a chur le hiarratais neamhchríochnaithe nach mór, mar sin úsáidtear an teideal “Iarratais ar glacadh leo” sa tábla thuas toisc go bhfuil sé níos cruinne.

## AN COIMISIÚN UM CHAIDREAMH SAN ÁIT OIBRE

Is comhlacht neamhspleách agus reachtúil é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh an 1 Deireadh Fómhair 2015 faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015 (Uimh. 16 de 2015). Pléann an Coimisiún le gach gearán tosaigh anois.

Sa bhliain 2019, fuair Seirbhís Breithnithe an Choimisiúin 20,939 gearán sonrach. Is ionann sin agus ardú breis is 35% ar an líon gearán sonrach arna lóisteáil leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'ainneoin an t-ardú sin ar an líon gearán, sceidealadh 76% de na héisteachtaí breithnithe laistigh de shé mhí ón dáta a bhfuarthas an gearán sa chás nach bhfuarthas aon iarratas ar an éisteacht a chur ar athlá agus sa chás go raibh na páirtithe ar fad ar fáil agus na haighneachtaí ar fad faighte go tráthúil. D'eisigh an tSeirbhís Breithnithe 3,029 gcinneadh in 2019.

Thug an tSeirbhís Cigireachta faoi 4,804 cigireacht ar áiteanna oibre, agus aisghabhadh €3.93m de thuarastal neamhíoctha dá mbarr i rith 2019. Bhí an tSeirbhís Comhréitigh ina cathaoirleach ar 1,202 chomhdháil comhréitigh agus 255 éascú i ndáil le haighnis chomhchoiteanna i rith 2019.

## AN CHÚIRT OIBREACHAIS

Ghlac an Chúirt Oibreachais le freagrachtaí nua mar chuid d'athchóiriú ar an gcaidreamh san áit oibre faoin Acht um Chaidreamh san Áit Oibre 2015, agus tá dlínse achomhairc aonair aici anois maidir le gach aighneas faoi achtú um chearta fostaíochta. Tá sin sa bhreis ar a ról bunaidh mar Chúirt na Dídine Deiridh ó thaobh réiteach díospóidí caidrimh thionscail.

In 2019, fuair an Chúirt Oibreachais 1,182 ábhar arna dtarchur, arbh ionann sin agus ardú 1% ar an líon ábhar arna dtarchur (1,169) a fuarthas in 2018. D'eisigh an Chúirt Oibreachais 587 moladh/gcinntí; 309 faoin reachtaíocht um chaidrimh thionscail agus 278 faoin reachtaíocht um chearta fostaíochta. Ina theannta sin, rinne sí imscrúdú ar 300 cás a socraíodh roimh éisteacht nó ag éisteacht. Anuas air sin, rinne páirtithe 342 achomharc a tharraingt siar sular éisteadh iad.

## ORDUITHE UM FHOSTAÍOCHT EARNÁLA

Déantar foráil leis an Acht Caidrimh Tionscail (Leasú), 2015 don bhunús dlí le haghaidh Orduithe um Fhostaíocht Earnála. Féadfaidh Ordú dá leithéid an scéim pá, pinsean nó pá breoiteachta a shocrú d'oibrithe in earnáil gheilleagrach. Tháinig dhá Ordú um Fhostaíocht Earnála i bhfeidhm in 2019; ceann amháin don Earnáil Foirgníochta ón 1 Deireadh Fómhair 2019 agus an dara ceann don Earnáil Conarthachta Leictrí ón 1 Meán Fómhair 2019.

Cuireadh iarratas ar Ordú um Fhostaíocht Earnála ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais in 2019 maidir le leasú ar an Ordú reatha don Earnáil Conarthachta Seirbhísí Tógála Innealtóireachta.

## COMHCHOISTÍ OIBREACHAIS AGUS ORDUITHE RIALAITHE FOSTAÍOCHTA

Bunaíodh Comhchoiste Oibreachais nua d'Earnáil na Scoileanna Béarla an 2 Nollaig 2019. Tá 3 Chomhchoiste Oibreachais gníomhach faoi láthair, sna hearnálacha Glanadh ar Conradh, Gruagaireacht agus Slándáil.

Tá Comhchoiste Oibreachais comhdhéanta de líon cothrom ionadaithe ar fhostóirí agus ar fhostaithe in earnáil fostaíochta. Buaileann an Coiste le chéile faoi chathaoirleach neamhspleách, Oifigeach um Chaidrimh Tionscail de chuid an Chomhchoiste Oibreachais, arna cheapadh ag an Aire chun tograí a phlé agus a chomhaontú maidir le téarmaí agus coinníollacha atá le cur i bhfeidhm le gráid nó le catagóirí sonraithe oibrithe san earnáil i gceist.

Is éard atá in Ordú Rialaithe Fostaíochta, ionstraim arna leagan amach ag Comhchoiste Oibreachais, a ghlacann an Chúirt Oibreachais agus a dtugann an tAire for Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta éifeacht reachtúil dó. Leis an Ordú Rialaithe Fostaíochta, socraítear rátaí pá íosta agus coinníollacha fostaíochta d'oibrithe in earnálacha gnó sonraithe: bíonn ceangal ar fhostóirí sna hearnálacha sin rátaí pá a íoc agus coinníollacha fostaíochta a sholáthar nach lú iad ná na cinn arna bhforordú.

## AN BILLE CAIDRIMH THIONSCAIL (LEASÚ) 2019

Shínigh an tUachtarán Micheál D. Ó hUigínn an tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019 an 7 Iúil 2019. Leis an Acht sin, leasaíodh an reachtaíocht Chaidrimh Thionscail chun deis a thabhairt do chomhlachais ionadaíocha an Gharda Síochána rochtain a dhéanamh ar sheirbhísí an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre agus na Cúirte Oibreachais. Tháinig éifeacht leis an Acht an 1 Feabhra 2020.

## TIMPEALLACHT CAIDRIMH THIONSCLAÍOCH

Tháinig méadú ar an ngníomhaíocht aighnis thionsclaíoch sa gheilleagar le linn 2019. Cailleadh tuairim is 37,000 lá de bharr aighnis thionsclaíocha in 2019, i gcomparáid le 4,045 lá in 2018. Bhain an t-ardú ar an líon laethanta stailce in 2019 le stailceanna san earnáil sláinte, den chuid is mó.

## AN tAONAD UM BEARTAS SÁBHÁILTEACHTA, SLÁINTE AGUS CEIMICEÁN

Oibríonn an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta ar an raon caighdeán rialachais is infheidhme le Gníomhaireachtaí Stáit.

Áirítear air sin beartas a cheapadh agus a fhorbairt ar leibhéal náisiúnta, Aontais Eorpaigh agus idirnáisiúnta i ndáil le sláinte agus sábháilteacht ceirde agus le déantúsaíocht agus úsáid ceimiceán ag tionscal na hÉireann. Baintear an fheidhm sin amach, go príomha, agus cuirtear i bhfeidhm í faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, faoi na hAchtanna Ceimiceán (2008 & 2010), faoin Acht um Shubstaintí Contúirteacha, 1972 agus faoi Acht na nArm Ceimiceach, 1997.

I mí na Nollag 2019, ceapadh cúigear agus athcheapadh duine amháin chuig Bord an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta ar feadh tréimhse trí bliana. Tugadh cead don Údarás Sláinte agus Sábháilteachta baill foirne nua a earcú i rith 2019, maidir leis an Ríocht Aontaithe ag imeacht ón Aontas Eorpach.

### RÓL ÚDARÁIS A THUGANN FÓGRA

Rialáiltear sábháilteacht táirgí ar an mórchuid trí dhlí comhchuibhithe an Aontais Eorpaigh (reachtaíocht atá i bhfeidhm ar fud an AE ar an iomlán) a chlúdaíonn thart ar 70% de na táirgí ar mhargadh an Aontais Eorpaigh.

Is Údarás a Thugann Fógra í an Roinn, faoi roinnt Treoracha ón Aontas Eorpach, agus tá sí freagrach go sonrach as Treoracha a bhaineann le hInnealra; Trealamh Cosanta Pearsanta; Trealamh Brú Iniompartha; Trealamh Brú; Ardaitheoirí agus Comhpháirteanna Sábháilteachta le haghaidh Ardaitheoirí agus Trealamh le hÚsáid in Atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith Pléascach. Is í an Roinn an tÚdarás a Thugann Fógra maidir le Táirgí Tomhaltóirí agus (CCPC) agus Meáchain agus Tomhais (NSAI).

I rith 2019, phróiseáil an tAonad um Beartas Sábháilteachta, Sláinte agus Ceimiceán 13 iarratas do Chomhlachtaí dá dTugtar Fógra sa Ríocht Aontaithe a bhí á mbunú in Éirinn de bharr an Bhreatimeachta, agus tá cinn eile á bpróiseáil faoi láthair. Tabharfar deis do na cuideachtaí sin leanúint orthu ag oibriú laistigh den Aontas Eorpach i ndiaidh an Bhreatimeachta dá bharr.

### AN EARNÁIL FOIRGNÍOCHTA

I rith 2019, rinne an Roinn and the Údarás Sláinte agus Sábháilteachta dlúth-chomhoibriú le SOLAS agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir le hinmharthanacht agus ábharthacht scéimeanna oiliúna sábháilteachta don earnáil foirgníochta a chinntiú. Cuireadh béim ar an soláthar tacaíochta oiliúna don earnáil foirgníochta ag SOLAS a nuachóiriú. Is léir le blianta fada anuas go gcuireann Safe Pass agus an Scéim Deimhnithe um Shábháilteacht Foirgníochta, arna chomhordú ag SOLAS, le feasacht, le hinniúlacht agus le sábháilteacht san earnáil foirgníochta.

Rinneadh leasuithe reachtaíochta in 2019 ar rialacháin a bhaineann leis an Scéim Deimhnithe um Shábháilteacht Foirgníochta, leis an Scéim Deimnithe um Scileanna Cairéil agus leis an scéim Safe Pass san earnáil foirgníochta, mar ullmhúchán don Bhreatimeacht.

### BÁSANNA SAN ÁIT OIBRE

Tuairiscíodh 46 bhás san áit oibre chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta anuraidh, i gcomparáid le 39 in 2018. Ba san earnáil talmhaíochta a tharla 18 gceann de na básanna sin, rud a léiríonn gurb iad feirmeacha i gcónaí an áit oibre lena mbaineann an ráta is airde timpistí agus básanna. Tháinig ardú ar an líon básanna san earnáil foirgníochta ó chúig cinn in 2018 go 12 cheann in 2019, agus tharla 75% de na díobhálacha marfacha sa sé mhí dheireanacha den bhliain. Titim ó airdí an chúis bháis ba choitianta i gcás oibrithe

foirgníochta in 2019. Bhain go leor de na básanna le cuideachtaí beaga agus le daoine féinfhostaithe. Tháinig laghdú ar líon na mbásanna idir 2015 (56 bhás) agus 2019 (46 bhás) ach ní mór d'fhostóirí agus d'fhostaithe a bheith ar an airdeall i gcónaí lena chinntiú go dtéann gach oibre abhaile slán sábháilte.

### SÁBHÁILTEACHT AR FHEIRMEACHA

Thionóil an tAire Tascfhórsa Sábháilteachta Feirme i rith 2018 le hionadaithe ó roinnt Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí. Cuireadh torthaí ó phróiseas an Tascfhórsa i ngníomh in 2019. Ar cheann de na gníomhartha sin bhí dréacht rialacháin a fhorbairt maidir le trealamh cosanta pearsanta a úsáid agus cuadrothair á n-úsáid ar fheirmeacha – cuireadh deireadh leis an gcomhairliúchán poiblí ar na rialacháin nua sin ag deireadh 2019.

### AN BEARTAS CEIMICEÁN

I rith 2019, rinne an Roinn idirchaidreamh le comhghleacaithe in institiúidí an Aontais Eorpaigh chun tacú le glacadh le trí Threoir chun nochtadh oibrithe do shubstaintí carcanaigineach nó só-ghineacha a íoslaghdú; treoir amháin ó 2017 agus péire ó 2019. Déanfar na trí Threoir a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 17 Eanáir 2020 trí bhíthin I.R. Uimh. 592 de 2019, agus an Cód Cleachtais maidir le Gníomhaithe Ceimiceacha 2020 arna fhoilsiú ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Leagtar amach sa Chód Cleachtais na huasteoireannacha nochta ceirde (nó na caighdeáin shábháilteachta) do dhaoine a oibríonn le ceimiceáin ghuaiseacha agus tugtar tacaíocht do chuideachtaí chun cloí leis na rialacháin dea-chleachtais sábháilteachta ceimiceán.

In 2019, rinne an Roinn dlúth-chomhoibriú le Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí eile chun reachtaíocht a dhréachtú le héifeacht a thabhairt do Rialacháin leasaithe ón Aontas Eorpach, Rialachán Rotterdam agus Rialachán na nGlantach, faoi na hAchtanna Ceimiceán 2008 agus 2010. Trasuíodh Rialachán Rotterdam trí bhíthin via I.R. Uimh. 213 i mí na Bealtaine 2019. Tá an dréacht-I.R. do Rialachán na nGlantach ag Oifig an Ard-Aighne faoi láthair lena socrú.

Anuas air sin, rinne an Roinn dlúth-chomhoibriú leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) chun dréacht Rialacháin a thabhairt chun críche d'fhonn dhá Threoir Chódaithe ón Aontas Eorpach (2004/9/CÉ agus 2004/10/CÉ) maidir le Dea-Chleachtais Saotharlainne a thrasuí. Ceanglaítear leo sin ar saoráidí tástála ar bith a dhéanann tástálacha ar tháirgí ceimiceacha cloí le Prionsabail an OECD maidir le Dea-Chleachtais Saotharlainne. Déanfar na rialacháin nua a thrasuí an 23 Eanáir 2020 trí bhíthin I.R. Uimh. 18 de 2020.

### RÉIMEAS REACHTAÍOCHTA NA SUBSTAINTÍ DAINSÉARACHA

In 2019, lean an Roinn lena cuid oibre ar nuachóiriú na rialachán maidir leis an earnáil miondíola agus stórála peitriliam. Áiríodh air sin tograí a fhorbairt chun réimeas reachtaíochta nua a chur ar bun chun tacú leis an earnáil na caighdeáin sláinte, sábháilteachta agus chomhshaoil is airde a chothú.

Rinneadh dhá shraith rialachán nua a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú in 2019, a tháinig in áit rialacháin 1979 maidir le miondíol agus stóráil peitriliam:

- Na Rialacháin maidir le Substaintí Dainséaracha (Leachtanna Inlasta agus Siopaí Miondíola Breoslaí) 2019 (I.R. Uimh. 630 de 2019); agus
- Na Rialacháin maidir le Substaintí Dainséaracha (Leachtanna Inlasta agus Siopaí Dáilte Breoslaí agus Soláthair Tráchtála), 2019 (I.R. Uimh. 631 de 2019).

Tiocfaidh an dá shraith rialachán i bhfeidhm an 1 Aibreán 2020. Tá idirchaidreamh ar bun ag an Roinn i gcónaí leis an gComhlachas Bainistíochta Rialtais Áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile maidir le creat oibríochtúil agus eagraíochtúil nua a fhorbairt chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Rialachán nua ag earnáil na nÚdarás Áitiúil.

### BORD NÁISIÚNTA NA HÉIREANN UM CHREIDIÚNÚ/CREIDIÚNÚ

Cuireadh tús in 2019 le hathbhreithniú ar struchtúr agus ar oibriú Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB), coiste de chuid an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta. Tá sainchúram méadaitheach ag INAB trí bhíthin roinn Treoracha ón Aontas Eorpach lena n-éilítear creidiúnú comhlachtaí laistigh de chreat rialála – is samplaí de na réimsí gníomhaíochta atá ag teacht chun cinn iad cibearshlándáil agus cosaint sonraí.

# Sprioc 5: A CHINNTIÚ GO nÉASCAÍONN RIALÁIL GNÓ INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT GNÓ, IOMAÍOCHAS SA MHARGADH, ARDCHAIGHDEÁIN I dTACA LE COSAINT TOMHALTÓIRÍ AGUS RIALACHAS CORPARÁIDEACH

## AN DLÍ CUIDEACHTAÍ, IOMAÍOCHAS AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

Sa bhliain 2019, chuir an Roinn leis an obair a rinneadh roimhe sin chun creat dlí na gcuideachtaí atá seasmhach, trédhearcach agus nua-aimseartha a fhorbairt in Éirinn agus lean sí ag forbairt agus ag múnlú freagairtí nua do dhúshláin nua agus do dhúshláin atá ag teacht chun cinn i ndlí na gcuideachtaí, iomaíochas agus beartas tomhaltóirí ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus go náisiúnta. Dírítear go háirithe ar chomhoibriú le páirtithe leasmhara, oifigí agus gníomhaireachtaí na Roinne agus Ranna Rialtais eile chun na torthaí is fearr a bhaint amach de réir ár sprice ardleibhéil.

## TOGRA LE hAGHAIDH TREORACH MAIDIR LE CONARTHAÍ TOMHALTÓIRÍ I nDÁIL LE SOLÁTHAR ÁBHAIR DHIGITIGH

Tá sé d’aidhm ag an togra le haghaidh Treorach maidir le conarthaí tomhaltóra i ndáil le soláthar ábhair dhigitigh a foilsíodh i mí na Nollag 2015 cur le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh agus ag an am céanna leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí trí cheanglais áirithe a cheapadh d’ábhar ar nós chomhréireacht an ábhair dhigitigh agus seirbhísí digiteacha leis an gconradh agus an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí mura dtagann an t-ábhar digiteach nó seirbhísí digiteach le conradh nó mura gcuirtear ábhar digiteach nó seirbhísí digiteach ar fáil. I ndiaidh roinnt blianta de dhian-idirbheartaíochtaí ag Meithleacha Comhairle, agus ansin idirphlé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa, thángthas ar chomhaontú sealadach idir Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Eorpach an 19 Eanáir 2019. Ghlac an Chomhairle Eorpach leis an Treoir an 15 Aibreán 2019 agus foilsíodh í san Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 2019. Ní mór do Bhallstáit an Treoir a thrasuí faoin 1 Iúil 2021 agus na forálacha inti a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022.

## TOGRA LE HAGHAIDH TREORACH MAIDIR LE CONARTHAÍ TOMHALTÓIRÍ I NDÁIL LE DÍOL EARRAÍ AR LÍNE AGUS CIANDÍOL EILE EARRAÍ

Foilsíodh togra le haghaidh Treorach maidir le díol earraí ar líne agus ciandíol eile earraí i mí na Nollag 2015, chomh maith le togra le haghaidh Treorach maidir le conarthaí i ndáil le soláthar ábhair dhigitigh. Tá sé d’aidhm ag an togra cur le feidhmiú ceart an Mhargaidh Inmheánaigh agus ag an am céanna leibhéal ard cosanta a sholáthar do thomhaltóirí trí cheanglais áirithe a cheapadh d’ábhar ar nós chomhréireacht an ábhair dhigitigh leis an gconradh agus an leigheas atá ar fáil do thomhaltóirí i gcás neamh-chomhréireachta. Ba é tuairim fhormhór na mBallstát nár cheart rialacha maidir le díol earraí ar líne a mheas ar leithligh ó na rialacha ginearálta maidir le díol earraí sa Treoir maidir le Díolachán do Thomhaltóirí (Treoir 1999/44/CÉ). D’fhoilsigh an Coimisiún Eorpach togra leasaithe inar cuimsíodh gach conradh díolacháin tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2017. Seachas gur leathnaíodh a raon feidhme go gach conradh díolacháin tomhaltóirí, bhí an méid a bhí ann cosúil leis an gcéad togra maidir le díolacháin ar líne. I ndiaidh beagnach dhá bhliain

d'idirbheartaíochtaí Mheitheal na Comhairle agus idirphlé trípháirteach le Parlaimint na hEorpa, ghlac an Chomhairle Eorpach leis an Treoir an 15 Aibreán 2019 agus foilsíodh í san Iris Oifigiúil an 22 Bealtaine 2019. Ní mór do Bhallstáit an Treoir a thrasuí faoin 1 Iúil 2021 agus na forálacha inti a chur i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2022.

### PACÁISTE AN BHIRT NUA DO THOMHALTÓIRÍ

Sheol an Coimisiún Eorpach pacáiste beart dar teideal an Beart Nua do Thomhaltóirí, nó *"New Deal for Consumers"*, an 11 Aibreán 2018. Tá sé d'aidhm leis comhordú agus gníomh éifeachtach a éascú i measc údaráis náisiúnta tomhaltóirí ar leibhéal an AE agus gníomh forfheidhmithe phoiblí agus cosaint níos fearr do chearta tomhaltóirí a neartú. D'eascair sé as na torthaí a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach i mí na Bealtaine 2017 óna Sheiceáil Oiriúnachta ar roinnt de na píosaí is tábhachtaí de reachtaíocht cosanta tomhaltóirí agus tuarascáil meastóireachta ar leith ar chearta tomhaltóirí. Léiríodh sa tuarascáil meastóireachta go háirithe go dteastaíonn forfheidhmiú feabhsaithe agus roghanna sásaimh níos fearr do thomhaltóirí. Baineadh de thátal as na meastóireachtaí freisin gur gá an t-ualach rialála ar thrádálaithe a laghdú i roinnt réimsí.

Tá togra do dhá Threoir nua i bPacáiste an Bhirt Nua do Thomhaltóirí.

1. Togra ar ghníomhartha ionadaíochta do chosaint chomhleas na dtomhaltóirí agus aisghairm Threoir 2009/22/CÉ maidir le hUrghairí. Tá sé d'aidhm ag an togra sin uirlisí a fheabhsú chun cleachtais mhídhleathacha a stopadh agus sásamh a éascú do thomhaltóirí nuair atá go leor díobh thíos leis an sárú céanna ar a gcearta, i gcás díobhála do mhórán.

Cheadaigh an Chomhairle Iomaíochais cur chuige ginearálta maidir leis an Treoir seo an 28 Samhain 2019. Cuirfear tús le hidirphlé trípháirteach leis na comhreachtóirí go luath in 2020 agus samhlaítear go ndéanfar comhaontú polaitiúil ar an dréacht-Treoir seo sa chéad leath de 2020.

2. Foilsíodh Treoir 2019/2161 san Iris Oifigiúil an 28 Samhain 2019 agus déantar foráil inti do roinnt leasuithe suntasacha ar Threoir 2005/29/CÉ maidir le cleachtais éagóracha tomhaltóirí agus Treoir 2011/83/AE maidir le cearta tomhaltóirí agus le haghaidh pionóis níos éifeachtaí, chomhréireacha agus athchomhairleacha ar an dá Threoir seo a shárú; Treoir 93/13/CEE maidir le téarmaí éagóracha conarthaí agus Treoir 98/6/CÉ maidir le cosaint tomhaltóirí ó thaobh praghsanna táirgí a thairgtear do thomhaltóirí a chur in iúl. Tá an Treoir seo le trasuí i ndlí na hÉireann faoi mhí na Samhna 2021.

### TREOIR MAIDIR LE hÚDARÁIS IOMAÍOCHAIS NA mBALLSTÁT A CHUMHACHTÚ IONAS GO mBEIDH SIAD INA bhFORFHEIDHMITHE NÍOS ÉIFEACHTAÍ AGUS CHUN FEIDHMIÚ CEART AN MHARGAIDH INMHEÁNAIGH A CHINNTIÚ

An 14 Eanáir 2019, foilsíodh Treoir (AE) 2019/1 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húdaráis iomaíochais na mBallstát a chumhachtú

ionas go mbeidh siad ina bhforfheidhmithe níos éifeachtaí agus chun feidhmiú ceart an mhargaidh inmheánaigh a chinntiú. Ní mór an Treoir a thrasuí i ndlí na hÉireann faoin 4 Feabhra 2021 agus tá sí beartaithe an Treoir um an nGréasán Eorpach Iomaíochta a thrasuí le reachtaíocht phríomha.

Tá de phríomhaidhm leis an Treoir um an nGréasán Eorpach Iomaíochta a chinntiú go mbeidh ráthaíochtaí neamhspleáchais, acmhainní leordhóthanacha agus cumhachtaí iomchuí forfheidhmithe ag na hÚdaráis Iomaíochta Náisiúnta, lena n-áirítear a bheith in ann fíneálacha a eisiúint as sáruithe ar Airteagail 101 agus 102 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Anuas ar chur i bhfeidhm Airteagail 101 agus 102, cuimsítear faoin Treoir an dlí iomaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm go comhthreomhar i leith an cháis chéanna agus an dlí iomaíochta náisiúnta a chur i bhfeidhm ar bhonn neamhspleách. Leagtar amach rialacha faoi chúnamh frithpháirteach sa Treoir le dlúth-chomhoibriú a chinntiú laistigh den Ghréasán Eorpach Iomaíochta.

Tá na cuspóirí sonracha seo a leanas ag an Treoir:

1. a chinntiú go mbeidh uirlisí éifeachtacha imscrúdaithe agus cinnteoireachta ag gach údarás iomaíochta náisiúnta
2. a chinntiú go mbeidh gach údarás iomaíochta náisiúnta in ann fíneálacha éifeachtacha díspreagthacha a fhorchur
3. a chinntiú go mbeidh clár trócaire atá dea-cheaptha i bhfeidhm ag gach údarás iomaíochta náisiúnta, ar clár é lena n-éascaítear iarratas a dhéanamh ar thrócaire i níos mó ná dlínse amháin, agus
4. a chinntiú go mbeidh acmhainní dóthanacha ag na húdaráis iomaíochta náisiúnta agus go bhféadfaidh siad rialacha iomaíochta AE a fhorfheidhmiú go neamhspleách.

### AN RIALACHÁN LENA LEAGTAR SÍOS RIALACHA AGUS NÓSANNA IMEACHTA LE hAGHAIDH FHAIREACHAS MARGAIDH AGUS COMHLÍONADH TÁIRGÍ

Foilsíodh Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CÉ agus na Rialacháin (CÉ) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 205/2011 an 25 Meitheamh 2019.

Tá d’aidhm leis an Rialachán cumhachtaí forfheidhmithe údaráis fhaireachais mhargaidh a threisiú, go háirithe maidir le hearraí a dhíoltar ar líne, agus rialú ag teorainneacha seachtracha a threisiú. Tá d’aidhm leis an Rialachán freisin slabhraí soláthair nua a chuimsiú agus aghaidh a thabhairt ar dhíolachán ar líne chomh maith le comhlíonadh dlí an Aontais Eorpaigh a fheabhsú. Beidh cuid de na forálacha sa Rialachán i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2021, agus beidh an chuid eile i bhfeidhm ón 16 Iúil 2021.

## REACHTAÍOCHT BHEARTAITHE AR ATHDHÍOL TICÉAD

Cuireadh tús leis an Dara Céim den Bhille Comhalta Phríobháidigh um Thoirmeasc ar Mhangaireacht Ticéad Thar an gCostas i nDáil Éireann in am an Rialtais an 31 Eanáir 2019 agus tugadh chun críche í an 21 Feabhra 2019 nuair a tarchuireadh an Bille chuig an Roghchoiste ar Ghnó, Fiontar agus Nuálaíocht. Bhí caidreamh fairsing ag oifigigh na Roinne le hOifig na gComhairleoirí Dlí Parlaiminte le linn maidir le dréachtú na leasuithe riachtanacha ar an mBille. Táthar ag súil go dtabharfar na leasuithe sin chun críche go luath in 2020.

## AN tACHT UM CHOSAINT TOMHALTÓIRÍ (DEARBHÁIN BHRONNTANAIS) 2019

An 12 Meitheamh 2018, cheadaigh an Rialtas dréachtú an Bhille um Théarmaí Éagóracha Conartha (Dearbháin Bhronntanais).

Tionscnaíodh an Bille um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) i Seanad Éireann an 19 Nollaig 2018. Bhí d’aidhm leis an mBille an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 a leasú chun cosaint bhreise a sholáthar do thomhaltóirí a cheannaíonn nó a fhaigheann dearbháin bhronntanais. Rinneadh foráil ann gur cheart go mbeadh dearbháin bhronntanais arna soláthar ag trádálaí do thomhaltóir faoi réir ag dáta éaga nach lú ná cúig bliana. Tugadh aghaidh freisin ar théarmaí éagóracha conartha a bhaineann le dearbháin bhronntanais a tháinig chun solais i rith an chomhairliúcháin phoiblí maidir le, ar dtús, ceanglas a fhorchuireann gnólachtaí áirithe nach mór dearbháin bhronntanais a chaitheamh in aon idirbheart amháin agus, sa dara háit, dearbháin a chur ar ceal nó táillí a ghearradh sa chás go dtugtar ainm an té a fuair an dearbhán bronntanais go mícheart nó go gcaitear é a athrú.

Ritheadh an Bille trí gach Céim i Seanad Éireann i mí Eanáir 2019. Cheadaigh Dáil Éireann trí bhreis shuntasacha leis an mBille. Leis an gcéad cheann, cuirtear toirmeasc ar théarmaí conartha a chuireann teorainn leis an líon dearbhán bronntanais is féidir a úsáid in aon idirbheart amháin. Leis an dara ceann, déantar foráil, sa chás gur féidir dearbhán bronntanais a athsholáthar, de réir a chonartha má chailltear nó má ghoidtear é, gur cheart go mbeadh an dáta éaga céanna ar an dearbhán athsholáthair is a bhí ar an dearbhán bunaidh. Leis an tríú ceann, déantar foráil d’eisceacht ó phrionsabal ionphháirteachta conartha lena gcuirtear srian ar chearta agus ar oibleagáidí faoi chonradh i leith pháirtithe an chonartha. Mar gheall gurb iad na faighteoirí seachas na ceannaitheoirí a fhuasclaíonn dearbháin bhronntanais, de ghnáth, is gá a chinntiú go bhféadfaidh an faighteoir na cearta céanna a fheidhmiú faoin gconradh agus a fhéadfaidh an ceannaitheoir a fheidhmiú, lena n-áirítear na cearta a áirítear i gconarthaí dearbhán bronntanais faoin Acht. Shínigh an tUachtarán Ó hUigínn an Bille leasaithe isteach sa dlí an 19 Samhain 2019 agus ba é an 2 Nollaig 2019 an dáta tosach feidhme.

## TREOIR (AE) 2019/1151 LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2017/1132 MAIDIR LE hÚSÁID UIRLISÍ DIGITEACHA AGUS PRÓISEAS DIGITEACH I nDLÍ NA gCUIDEACHTAÍ

Foilsíodh an Treoir maidir le huirlisí digiteacha san Iris Oifigiúil an 11 Iúil 2019 agus chuaigh sí i bhfeidhm an 31 Iúil 2019. Is é an 1 Lúnasa 2021 an dáta lena trasuí. Tá an Treoir ina cuid de Phacáiste Dhlí Cuideachtaí an AE: an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as réitigh dhigitigh agus rialacha éifeachtúla a sholáthar d'oibríochtaí trasteorann. Is é aidhm an togra réitigh dhigiteacha a chur i bhfeidhm ionas gur féidir teacht ar chláir ghnó ar líne, do chuideachtaí a chláraíonn agus a sholáthraíonn faisnéis, chomh maith le rochtain ar an bhfaisnéis sin i measc tríú páirtithe. Leanfar le cruinnithe an tSainghrúpa AE um Dhlí na gCuideachtaí faoi thrasuí agus faoi ghníomh cur chun feidhme le linn 2020.

## GRÚPA ATHBHREITHNITHE AN DLÍ CUIDEACHTAÍ

Is éard é Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí, sainghrúpa comhairleach a bhfuil de chúram air comhairle a chur ar an Aire maidir le nithe a bhaineann le dlí na gcuideachtaí. Feidhmíonn sé clár oibre dhá bhliain a chinneann an tAire agus cuireann an Roinn rúnaíocht ar fáil dó.

Thug Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí píosa mór oibre óna chlár oibre chun críche in 2019 ó thaobh moltaí a thabhairt faoin tslí le rialú agus rialachas glacadóirí in Acht na gCuideachtaí 2014 a fheabhsú. Tá siad á mbreithniú ag an Roinn faoi láthair.

Thug Grúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí athbhreithniú ar oibriú an Nós Imeachta um Cheadú Achomair chun críche agus táthar ag súil go gcuirfear an tuarascáil sin faoi bhráid an Aire go luath. Dírítear go mór ar dhócmhainneacht i gClár Oibre Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí 2018-2020 agus tá machnamh ar an réimse sin fós ar bun. Tá fochoiste Dócmhainneahcta Corparáidí an Ghrúpa ag ullmhú freagra faoi láthair ar chomhairliúchán poiblí na Roinne faoi thrasuí Threoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le creataí athstruchtúrtha coisctheacha, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais.

Tá de shainchúram ar Ghrúpa Athbhreithnithe an Dlí Cuideachtaí freisin, mar chuid dá chlár oibre, scrúdú agus moltaí a dhéanamh ar cibé an mbeidh sé riachtanach nó inmhianaithe dlí na gcuideachtaí a leasú ag teacht le cásdlí le déanaí nó le haighneachtaí a fuarthas i ndáil le hAcht na gCuideachtaí. Maidir leis sin, tá baint ghníomhach ag an nGrúpa le machnamh a dhéanamh ar na leasuithe a d'fhéadfadh a bheith de dhíth ar dhlí na gcuideachtaí chun ascnamh urrús rannpháirteach i ndiaidh an Bhreatimeachta a éascú agus déanfar aighneacht chuig an Roinn go luath in 2020.

## AN tACHT UM SHAINMHARCÁIL (LEASÚ) 2019

Déantar foráil san Acht do roinnt leasuithe amhail; pallaidiam a áireamh ar liosta na miotal lómhar, forálacha chun sainmharcáil a dhéanamh ar earraí ilmhiotail agus freagracht as cead a thabhairt do mharcanna urraí le fanacht leis an Meisiúnóir.

Cuireadh forálacha an Achta i bhfeidhm le trí Ionstraim Reachtúil nua a tháinig in áit na gceann sa Leabhar Reachtanna ón 1 Deireadh Fómhair 2019.

### TREOIR (AE) 2019/1023 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE CREATAÍ ATHSTRUCHTÚRTHA COISCTHEACHA, DÓCMHAINNEACHT AGUS URSCAOILEADH FIACHAIS

Tá d'aidhm leis an Treoir, ar glacadh léi i mí an Mheithimh 2019, gnéithe de na dlíthe náisiúnta dócmhainneachta a chomhchuibhiú do chuideachtaí agus do dhaoine aonair. Dírítear inti ar réimsí sonracha an dlí dócmhainneachta, deiseanna 'athstruchtúrú luath' (do ghnólachtaí a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu nach bhfuil dócmhainneach, nó nach bhfuil dócmhainneach fós) agus an 'dara seans' a áirithiú le haghaidh 'fiontraithe macánta' a éiríonn dócmhainneach gan calaois ná míchleachtas a bheith i gceist.

Ní mór an Treoir a thrasuí faoin 17 Iúil 2021.

### SCÉIM GHINEARÁLTA BHILLE NA gCUIDEACHTAÍ (ÚDARÁS UM FHORFHEIDHMIÚ CORPARÁIDEACH)

An 4 Samhain 2018, foilsíodh Scéim Ghinearálta Bhille na gCuideachtaí (Údarás um Fhorfheidhmiú Corparáideach). Bunaítear léi Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach, mar ghníomhaireacht i bhfoirm Choimisiúin, ar a dtabharfar Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach. Leis an mBille seo, cuirtear leis na athchóirithe eagraíochtúla agus nós imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an Stiúrthóir um Fhorfheidhmiú Corparáideach ón mbliain 2012. Ach struchtúr Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach a athrú ó oifig i Roinn go gníomhaireacht reachtúil, tabharfar níos mó neamhspleáchais agus solúbthachta di chun dul i ngleic leis na dúshláin a bheidh roimpi agus í ag imscrúdú agus ag ionchúiseamh sáruithe atá ag éirí níos casta ar dhlí na gcuideachtaí.

Fuarthas cóip stampáilte den Bhille ó Oifig na Comhairle Parlaiminte an 24 Iúil 2019. De bharr go raibh scrúdú réamh-reachtaíochta ar an Bille fós ar bun, bhí aon ghníomh iardain, amhail an Bille a fhoilsiú, ar feitheamh toradh an phróisis sin.

### TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE LENA LEASAÍTEAR TREOIR (AE) 2017/1132 MAIDIR LE COMHSHÓ, CUMAISC AGUS ROINNT TRASTEORANN

Comhaontaíodh Treoir lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 maidir le comhshó, cumaisc agus roinnt trasteorann i mí na Samhna 2019. Tá d'aidhm leis an Treoir rialacha trasteorann a shimpliú agus margadh aonair an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus soláthar a dhéanamh do chosaintí iomchuí lena ndíspreagfar mí-úsáid agus lena gcosnófar leasanna dlisteanacha oibrithe agus scairshealbhóirí mionlaigh agus creidiúnaithe eile. Trí bliana an creat ama chun an treoir a thrasuí go náisiúnta.

### ATHBHREITHNIÚ AR NA hACHTANNA UM CHUMAINN TIONSCAIL AGUS SOLÁTHAIR, AR AN ACHT UM CHLÁRÚ AINMNEACHA GNÓ 1963 AGUS AR NA hACHTANNA CEARDCHUMANN 1871 - 1990

Lean an Roinn le hathbhreithniú iomlán ar na hAchtanna um Chumainn Tionscail agus Soláthair 1893-2018 chun an reachtaíocht atá ann a chomhdhlúthú agus a nuachóiriú chun creat reachtach do chomharchumainn a bheadh oiriúnach don raon éagsúil gnóthaí atá ag oibriú na comharshamhla in Éirinn a chinntiú. I ndiaidh an t-athbhreithniú cuimsitheach ar an gcreat reachtúil a thabhairt chun críche in 2019, tabharfar Scéim Ghinearálta den Bhille chun cinn in 2020.

### AN BORD MEASÚNAITHE DÍOBHÁLACHA PEARSANTA

Tháinig feidhm leis an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 an 3 Aibreán 2019. Tá d'aidhm leis an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a neartú ó thaobh saincheisteanna oibríochtúla, chun comhlíonadh níos mó le próiseas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta a chinntiú. Is beart tábhachtach é an tAcht a spreagfaidh go socrófar níos mó éileamh i ndáil le díobháil phearsanta trí phróiseas an Bhoird Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta. Éascaíonn an Bord measúnú oibiachtúil ar dhamáistí ag costas soláthair i bhfad níos lú agus in achar i bhfad níos giorra ná trí dhlíthíocht. In 2019, rinne an Bord próiseáil ar éilimh laistigh de 7.8 mí ón dáta ar ar tugadh toiliú chun measúnú a dhéanamh go dtí dáta na dámhachtana. Bíonn roinnt blianta i gceist le dlíthíocht.

Dá bhrí sin, trí níos mó éilitheoirí a spreagadh lena gcás a chur i gcrích trí shamhail an Bhoird seachas le dlíthíocht, ba cheart go mbainfí amach coigilteas i réimse na n-éileamh. Bheadh sé sin go maith don tsochaí ar fad toisc go gcuirtear cúiteamh ar fáil níos tapa, le costais níos ísle agus torthaí intuartha.

### AN COIMISIÚN UM DHÍOBHÁLACHA PEARSANTA

Chuir an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta a chuid oibre i gcrích agus foilsíodh a Dhara Tuarascáil, an ceann deiridh, i mí Mheán Fómhair 2018 i ndiaidh cheadú an Rialtais. Tá 14 mholadh déanta ag an gCoimisiún sna dá tuarascáil, agus tá d'aidhm leo tionchar dearfach a dhéanamh ar thimpeallacht na n-éileamh in Éirinn. Cé nach bhfuil teorainn ama i gceist leo, táthar ag súil gur cheart do na comhlachtaí ábhartha iad a chur i bhfeidhm chomh luath agus is féidir. As na 14 mholadh sin, tá sé cinn tugtha chun críche, tháinig an tAcht um Chomhairle na mBreithiúna 2019 in ionad cheann amháin agus tá seacht gcinn fós ar bun. Déanann an Roinn monatóireacht ar chur i bhfeidhm na moltaí ón gCoimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta agus tugann tuairisc orthu don Mheitheal um Chostas Árachais.

### TAKING CARE OF BUSINESS

Reáchtáil an tAonad Rialála Níos Fearr, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann, imeacht '*Taking Care of Business*' i mBaile Átha Luain i mí Dheireadh Fómhair 2019 ina bhféadfadh tuairim is 200 ball den phobal gnó – fiontair bheaga agus mheánmhéide, gnólachtaí nuathionscanta agus

fiontraithe ina measc – labhairt duine le duine le beagnach 30 gníomhaireacht, oifig agus seirbhís stáit agus earnála poiblí chun comhairle a fháil agus foghlaim faoin gcúnamh atá ar fáil. Thacaigh roinnt comhlachtaí ionadaíochta ón earnáil phríobháideach leis an imeacht freisin. D'fhreastail os cionn 2,800 duine ar an tsraith imeachtaí seo ar fud na tíre ó 2013 i leith.

## AN tACHT UM CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA, 2013 – RIALÁIL ÍOCAÍOCHTAÍ FAOI CHONARTHAÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS TEIDLÍOCHT REACHTÚIL I LEITH BREITHIÚNAIS

I rith 2019 rinneadh 38 iarratas ar Phainéal Breithnithe na gConarthaí Foirgníochta, le haghaidh ceapachán Breithneora faoi alt 6(4) den Acht um Chonarthaí Foirgníochta, 2013.

Chuir Cathaoirleach Sheirbhís Breithnithe na gConarthaí Foirgníochta, an Dr. Nael Bunni, an tríú Tuarascáil Bhliantúil ar chur i bhfeidhm an Achta um Chonarthaí Foirgníochta, 2013 faoi bhráid an Aire Stáit Pat Breen, T.D., i mí Lúnasa 2019 agus tá an tuarascáil sin le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

## MÉADREOLAÍOCHT NÁISIÚNTA

Bhí an t-éileamh ar sheirbhísí calabraithe seasmhach le haghaidh 2019, agus eisíodh 4,798 deimhniú calabraithe i rith na bliana.

## MÉADREOLAÍOCHT DHLÍTHIÚIL

In 2019 thug cigirí méadreolaíochta dlíthiúla cuairt ar 4,269 n-áitreabh, rinne siad cigireacht ar 14,710 uirlis agus thug siad faoi fheachtais shaindírithe. Tá leibhéal ard comhlíonta le feiceáil sa tionscal, le meánráta comhlíonta 88%.

## DEIMHNIÚ FEISTIS LEIGHIS

Chuir an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann iarratas ar aghaidh maidir le hainmniú faoin Rialachán nua um Fheistí Leighis chun leanúnachas i seirbhís chuimsitheach deimhnithe Feistí Leighis a chinntiú don earnáil.

## SMACHTÚ AGUS CEADÚNÚ TRÁDÁLA

Cuireann an Roinn Rialuithe Onnmhairithe náisiúnta agus ón Aontas Eorpach i bhfeidhm chun cosc a chur le leathadh na n-arm ollscriosta, tacú le seasmhacht réigiúnach agus cearta an duine a chosaint. Is cuid thábhachtach é an réimeas sin den chreat rialaithe gnó do chuideachtaí a thrádálann go hidirnáisiúnta as Éirinn.

I rith 2019, d'ainmnigh an Roinn Oifigeach Comhlíonta agus Forfheidhmiúcháin um Rialuithe Onnmhairí lánaimseartha agus rinne an tOifigeach sin 50 cuairt for-rochtana agus comhlíonta ar onnmhaireoirí.

In 2019, riar an Roinn 630 ceadúnas onnmhairithe d'earraí rialaithe dar luach breis agus €3.5bn. Tá an Roinn freagrach as gnéithe trádála smachtbhannaí an Aontais Eorpaigh a fhorfheidhmiú agus d'achtaigh sí 23 Ionstraim Reachtúil chun éifeacht iomlán dlí a thabhairt do smachtbhannaí nua an Aontais Eorpaigh.

Cuireann an Roinn ceanglais faireachais an AE i bhfeidhm le haghaidh iompórtálacha táirgí áirithe cruach agus alúmanaim ó thríú tíortha. In 2019, eisíodh 1,030 ceadúnas onnmhairithe.

Déanann an Roinn ionadaíocht d'Éirinn ag fóraim AE agus idirnáisiúnta eile ag a bhfuil freagracht as rialuithe trádála agus cuireann sí go gníomhach le reachtaíocht ábhartha a nuashonrú, idir reachtaíocht náisiúnta agus reachtaíocht an Aontais Eorpaigh.

## Sprioc 6: OIBRIÚ GO HUAILLMHIANACH AR FUD AN RIALTAIS LENÁR GCOMHPHÁIRTITHE AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA CHUN DUL CHUN CINN A DHÉANAMH I BHFÓRAIM AE AGUS IDIRNÁISIÚNTA, THAR RAON LEATHAN LEAS, LENA nÁIRÍTEAR AN BREATIMEACHT

### RANNPHÁIRTÍOCHT AR LEIBHÉAL AN AONTAIS EORPAIGH

I rith 2019, rinne an tAire Heather Humphreys, T.D., na hAirí Stáit Pat Breen, T.D., agus John Halligan, T.D., ionadaíocht ar leas na hÉireann ag cruinnithe na gComhairlí Iomaíochais agus Trádála faoi seach. Reáchtáladh ceithre chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na gComhairlí Iomaíochais, mar aon le dhá chruinniú Fhoirmiúla agus dhá chruinniú Neamhfhoirmiúla de chuid na Comhairle Trádála i rith 2018 faoi Uachtaránacht na Rómáine agus na Fionlainne.

I measc na gceisteanna a ndearna an Chomhairle Iomaíochais dul chun cinn orthu i rith 2019, bhí comhtháthú an Mhargaidh Aonair, an ghné sheachtrach d’Iomaíochas an Aontais Eorpaigh, beartas tionsclaíoch nua-aimseartha, intleacht shaorga, geilleagar Digiteach san Aontas Eorpach, Rialachán maidir le Clár Taighde agus Oiliúna an Choiste Eorpaigh d’Fhuinneamh Adamhach (2019-2020) a thagann le Fís 2020, Creat Taighde agus Nuálaíochta agus Rialachán ag bunú chlár spáis an Aontais.

I measc na gceisteanna a ndearna an Chomhairle Trádála dul chun cinn orthu i rith 2019, bhí glacadh le Creat-Rialachán maidir le Scagadh Infheistíochta Dírí Coigríche, idirbheartaíocht chomhaontuithe saorthrádála le comhpháirtithe tríú tíortha, plé ar chaidreamh trádála an Aontais Eorpaigh agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, lena n-áirítear glacadh le treoracha idirbheartaíochta le haghaidh cainteanna trádála leis na Stáit Aontaithe (ceann amháin ar mheasúnú comhréireachta agus ceann eile ar dheireadh a chur le taraifí ar earraí tionsclaíocha), glacadh le treoracha idirbheartaíochta maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh ó thaobh na n-idirbheartaíochtaí i leith Chomhaontú Ilpháirtithe don tráchtáil leictreonach san Eagraíocht Dhomhanda Trádála, caidreamh trádála an Aontais Eorpaigh-na Síne, cur i bhfeidhm chomhaontuithe trádála an Aontais Eorpaigh, an Rialachán Coimirce Cothrománach Déthaobhach, agus tabhairt chun críche na n-idirbheartaíochtaí le tíortha Mercosur. Tá athbhreithniú dlí agus aistriúchán á dhéanamh ar théacs an Chomhaontaithe AE-Mercosur faoi láthair le súil agus é a chur faoi bhráid na Comhairle níos déanaí in 2020.

Rinneadh obair shuntasach san Aontas Eorpach chun clár athchóirithe na hEagraíochta Domhanda Trádála a bhrú chun cinn. Scoir Comhlacht Achomhairc na hEagraíochta Domhanda Trádála de bheidh ag feidhmiú amhail an 11 Nollaig 2019 agus leanfar le comhairliúcháin chun an chonstaic a shárú i Meitheamh 2020 nuair a rannchuideoidh Ballstáit aonair den Aontas Eorpach le seasamh comhchoiteann ar fud na hEorpa ar an tsaincheist sin. Lean Éire de bheith ag obair lenár gcomhpháirtithe san Aontas Eorpach chun dul i ngleic le roinnt rudaí a chuireann isteach ar thrádáil leis na Stáit Aontaithe, go háirithe i ndáil le taraifí a chur ar onnmhairí áirithe ón Aontas Eorpach go dtí na Stáit Aontaithe, mar fhreagairt ar thorthaí na hEagraíochta Domhanda Trádála sa chás “Airbus”.

Anuas ar ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna straitéiseacha na Roinne agus na hÉireann ag an gComhairle, chuathas sa tóir ar príomhleasanna na Roinne maidir leis an Aontas Eorpach ar leibhéal tras-Rialtais trí bhíthin Ghasra Oifigeach Sinsearach na Roinne Gnóthaí Eachtracha san Aontas Eorpach agus an Grúpa Idir-rannach maidir le Gnóthaí an Aontais Eorpaigh agus an Breatimeacht, chomh maith le ar bhonn déthaobhach trí bhíthin chaidreamh le Ballstáit a bhfuil an meon céanna acu agus an Coimisiún Eorpach.

Lean an Roinn de bheith rannpháirteach ar leibhéal Coiste agus Meithle an Aontais Eorpaigh chun seasamh na hÉireann ar shaincheisteanna Trádála a chur in iúl agus lena chinntiú go dtacófar agus go gcoinneofar an córas trádála iltaobhach atá oscailte, saor agus bunaithe ar rialacha. Maidir leis sin, freastalaímid ar iliomad Coistí agus Meithleacha idir Baile Átha Cliath agus an Bhruiséil, lena n-áirítear sa Ghinéiv chomh fada agus a bhaineann sé leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála. Glacaimid ról ceannasach d’Éirinn freisin i bhfóraim eagraíochtaí idirnáisiúnta eile (na Náisiúin Aontaithe, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála) trí bhíthin an Mhisin Buanionadaíochta sa Ghinéiv, chomh maith leis an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (OECD).

Thug an tAire faisnéis dár bpáirtithe leasmhara gnó maidir le forbairtí Trádála Idirnáisiúnta trí bhíthin Fhóram Fiontraíochta na Roinne, i rith na bliana.

I gcomhréir le hoibleagáidí an Oireachtais maidir le scrúdú a dhéanamh ar chúrsaí an Aontais Eorpaigh trí bhíthin na Roinne, thug an Roinn faisnéis don Oireachtas faoi 35 thogra ón Aontas Eorpach maidir le raon saincheisteanna beartais agus 38 dtuairisc réamhrabhaidh, agus chomhlíon sí an oibleagáid maidir le dhá thuarascáil leathbhliantúla faoi fhorbairtí san Aontas Eorpach a chur ar aghaidh.

## MARGADH AONAIR AN AONTAIS EORPAIGH I SEIRBHÍSÍ

Le linn 2019, lean an Roinn dá caidreamh ar leibhéal an Aontais Eorpaigh, lena n-áirítear leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile, agus d’ionadaíocht a dhéanamh ar Éirinn ar Choistí agus Meithleacha de chuid an Aontais Eorpaigh maidir le saincheisteanna faoin Margadh Aonair. Lean sí lena hiarrachtaí, i gcomhar le Ballstáit eile a bhfuil an meon céanna acu, lena chinntiú go mbeidh tuilleadh léirscaoilte i soláthar trasteorann seirbhísí i Margadh Aonair an Aontais Eorpaigh i measc na dtosaíochtaí is airde den Choimisiún Eorpach nua.

Ó thaobh na reachtaíochta de, lean an Roinn de sheasaimh náisiúnta a bhailiú ar thogra le haghaidh Rialachán maidir le Clár Margaidh Aonair a bhunú faoi Chreat Airgeadais Ilbhliantúil an Aontais Eorpaigh don tréimhse 2021-2027. Is éard atá sa chlár nua seo, cumasc de shé chlár maoinithe reatha de chuid an Aontais Eorpaigh a fhaigheann tacaíocht faoi láthair ó 10 líne buiséid dhifriúla san Aontas Eorpach, agus a thiteann faoi shainchúram beartais roinnt Ranna Rialtais ar leibhéal náisiúnta.

Lean an Roinn de láithreán gréasáin Phointe Teagmhála Aonair na hÉireann a bhainistiú, ar acmhainn faisnéise agus cúnaimh é do sholáthróirí seirbhísí san Aontas Eorpach ar mhian leo seirbhísí a sholáthar in Éirinn. Is cuid de líonra láithreán gréasáin ar feadh an Limistéir

Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE) é, a bhfuil d'aidhm leis saorghluaiseacht seirbhísí laistigh den Mhargadh Aonair a éascú. In 2019, rinne an Coimisiún Eorpach athbhreithniú ar Phointí Teagmhála Aonair na mBallstát ar fad san LEE agus shainaithin na réimsí nár bhain na tairseacha gréasáin na riachtanais amach. De bharr go gcuimsítear leis na saincheisteanna a sainaithníodh d'Éirinn an Treoir maidir le Seirbhísí agus an Treoir maidir le Cáilíochtaí Gairmiúla (ag plé le haitheantas frithpháirteach do cháilíochtaí áirithe ar fud an AE), tá an Roinn ag dul i ngleic leis na saincheisteanna sin i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus le roinnt údarás inniúil a rialaíonn rochtain ar chodanna den mhargadh seirbhísí in Éirinn.

Bhainistigh an Roinn rannchuidiú na hÉireann le líonraí eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chuireann le feidhmiú réidh an Mhargaidh Aonair, lena n-áirítear an córas SOLVIT agus an Córas Faisnéise an Mhargaidh Inmheánaigh, agus d'ardaigh feasacht faoi na huirlisí riaracháin sin i measc gnólachtaí agus saoránaigh. In 2019, fuair Ionad SOLVIT na hÉireann scór thar a bheith ard i dTuarascáil Bhliantúil an Choimisiúin Eorpaigh maidir le feidhmíocht na n-ionad náisiúnta i líonra SOLVIT. Áiríodh air sin dúbailt ar an líon cásanna ar cuireadh ar aghaidh chuig an Ionad iad a réitíodh. Mhol an Coimisiún Eorpach seirbhís na hÉireann chomh maith.

### SCAGADH INFHEISTÍOCHTA

D'éirigh leis an Aontas Eorpach glacadh leis an Rialachán lena gcuirtear ar bun creat maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh ((AE) 2019/452) i mí an Mhárta 2019.

Leis an Rialachán sin, bunaítear creat do Bhallstáit chun faisnéis a chomhordú agus a chomhroinnt i ndáil le hinfheistíocht dhíreach choigríche ó thríú tíortha a scagadh. Tiocfaidh sé i bhfeidhm i nDeireadh Fómhair 2020. Tugtar deis don Choimisiún leis freisin chun tuairimí neamhcheangailteacha a thabhairt i gcásanna a bhaineann le roinnt Ballstát, nó i gcás go bhféadfaidh infheistíocht tionchar a imirt ar thionscadal nó ar chlár chun leasa an Aontais Eorpaigh ar fad.

Faoin Rialachán, tá ar Bhallstáit Pointe Teagmhála Náisiúnta a bhunú, áit a bhféadfaidh an Coimisiún agus Ballstáit faisnéis agus fiosrúcháin a mhalartú. Beidh an Pointe Teagmhála Náisiúnta freagrach as na riachtanais tuairiscithe éagsúla sa Rialachán a chomhlíonadh freisin.

Tá Aonad saintiomnaithe um Scagadh Infheistíochta bunaithe ag an Roinn a fheidhmeoidh mar Phointe Teagmhála Náisiúnta na hÉireann. Déanfaidh an tAonad sin scrúdú ar an tslí is fearr leis an Rialachán a chur i bhfeidhm, i gcomhthéacs na hÉireann.

## AN EAGRAÍOCHT IDIRNÁISIÚNTA SAOTHAIR

Stiúrann an Roinn rannpháirtíocht na hÉireann san Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair[3], sainghníomhaireacht de chuid na Náisiún Aontaithe. Tá Éire ag fónamh ar théarma trí bliana mar chomhalta Titulaire ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ar an gComhlacht Rialaithe. Comhordaítear seasaimh náisiúnta ar chlár oibre an Chomhlachta Rialaithe trí Ghrúpa Idir-rannach, a thugann le chéile Ranna ag a bhfuil freagracht beartais as míreanna ar chlár oibre forleathan an Chomhlachta Rialaithe. Tá rannpháirteachas na gComhpháirtithe Sóisialta ina phríomhghné d'obair an Ghrúpa, a léiríonn gur eagraíocht thríthaobhach í an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair.

Bliain shuntasach a bhí in 2019 don Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair agus í céad bliain ar an bhfód. Chun an ócáid a cheiliúradh, d'óstáil an Roinn, i gcomhar le hOllscoil na hÉireann agus na comhpháirtithe sóisialta, Comhdháil Náisiúnta Comórtha Céad Bliain, i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair. D'oscail an tUachtarán ó hUigínn an chomhdháil agus labhair Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, an tUasal Guy Ryder agus Buaiteoir Dhuais Nobel, an tUasal Kailash Satyarthi ag an ócáid.

I mí Feabhra, dhaingnigh Éire an Prótacal um Shaothar Éignithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, an 29ú tír a dhaingnigh é, agus dá bharr sin is cuid den fheachtas *"50 for Freedom"* de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair sinn, rud a léiríonn gealltanas na hÉireann maidir le dul i ngleic le gach cineál saothair éignithe.

Stiúir an Roinn toscaireacht thríthaobhach go dtí an Chomhdháil Comórtha Céad Bliain Idirnáisiúnta Saothair, áit a raibh ról mór ag Éirinn, lena n-áirítear bheith ina cathaoirleach ar an gCoiste maidir le Caighdeáin a chur i bhFeidhm, ar chuid lárnach é de chóras maoirseachta na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair ina n-éistear le gearáin maidir le tír a bheith ag cloí le coinbhinsiúin na hEagraíochta.

## COMHAONTUITHE TRÁDÁLA AGUS MISIN TRÁDÁLA

In 2019, d'oibrigh an Roinn, thar ceann na hÉireann, go dlúth le Coimisiún an Aontais Eorpaigh agus le Ballstáit eile chun roinnt comhaontuithe trádála a thabhairt chun críche go rathúil.

Tháinig an Chomhpháirtíocht Eacnamaíoch idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019. Is éacht shuntasach é an comhaontú trádála uaillmhianach sin don Aontas agus don tSeapáin, a bhfuil níos mó ná an tríú cuid d'olltáirgeacht intíre an domhain acu in éindí.

---

[3] I mí an Mheithimh 2017, toghadh Éire mar chomhalta Titulaire de Chomhlacht Rialaithe na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair don tréimhse ó 2017 go 2020. Is é seo an chéad uair a toghadh Éire ar shuíochán Titulaire (ceann ag a bhfuil cearta labhartha agus vótála) ó chuamar isteach san Eagraíocht in 1923. Is í Éire an Comhordaitheoir Réigiúnach ar Ghrúpa Iarthar na hEorpa na hEagraíochta freisin.

Tháinig feidhm leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór an 20 Samhain 2019. Leis an gComhaontú sin, cuirfear deireadh le beagnach gach dleacht allmhairithe sa trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Shingeapór laistigh de chúig bliana ó theacht i bhfeidhm dó. Rachfar i ngleic le bacainní nach mbaineann le taraifí ar thrádáil leis an gComhaontú freisin, trí bhíthin bearta amhail éascaíocht níos fearr d'onnmhairí táirgí ainmhithe de chuid an Aontais Eorpaigh. Cuirfear deiseanna ar fáil do sholáthróirí seirbhísí atá lonnaithe in Éirinn freisin leis an gComhaontú, trí bhíthin rochtain níos fearr ar mhargaí.

An 30 Meitheamh 2019, shínigh an tAontas Eorpach agus Vítneam a gComhaontú Saorthrádála agus a gComhaontú Cosanta Infheistíochta in Hanáí. Táthar ag súil go dtiocfaidh an Comhaontú Saorthrádála i bhfeidhm go luath in 2020. Le Comhaontú Trádála an Aontais Eorpaigh-Vítneam, cuirfear deireadh le hos cionn 99% de tharaifí agus osclófar margadh ina mbeidh poitéinseal ollmhór d'onnmhairí Éireannacha. Cruthófar deiseanna leis an gComhaontú Saorthrádála freisin, trí bhíthin dul i ngleic le bacainní eile ar thrádáil agus rachfar i ngleic le réimsí a bhaineann le trádáil, amhail soláthar poiblí, saincheisteanna rialála, comórtas, seirbhísí, infheistíocht, cearta maoine intleachtúla agus forbairt inbhuanaithe.

I rith 2019, lean lucht idirbheartaíochta ón Aontas Eorpach agus ó Mheicsiceo lena gcuid oibre chun na saincheisteanna teicniúla a bhí fós amuigh a réiteach, le súil agus téacs dlí iomlán nuachóirithe Chomhaontú Domhanda an Aontais Eorpaigh-Mheicsiceo a thabhairt chun críche. Leathnófar an comhaontú reatha leis an gComhaontú nua chun comhoibriú rialála, trádáil bhreise sa talmhaíocht agus soláthar poiblí a chuimsiú. Tabharfaidh an Comhaontú ardán chun onnmhairí na hÉireann go Meicsiceo a mhéadú, agus beidh sé sin suntasach d'earnáil thábhachtach Agraibhia na hÉireann, go háirithe do tháirgí déiríochta, muiceola agus mairteola. Leanadh leis an idirbheartaíocht ar Chomhaontuithe Saorthrádála ar leith leis an Astráil agus an Nua-Shéalainn in 2019 agus táthar ag súil go dtiocfar ar chomhaontú sa dá idirbheartaíocht sin in 2020.

Lean an Roinn ar aghaidh freisin de bheith ag obair leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit lena chinntiú go gcuirfear chun cinn agus go slánófar leas na hÉireann san idirbheartaíocht trádála leanúnach eile de chuid an Aontais Eorpaigh, amhail leis an tSile agus leis an Indinéis, chomh maith le obair a dhéanamh ar reachtaíocht cosanta trádála nua a fhorbairt don Aontas Eorpach agus creat Eorpach a fhorbairt chun infheistíochtaí díreacha coigríche isteach san Aontas a scagadh.

Ar idirbheartaíochtaí maidir leis an gComhaontú Comhlachais AE-Mercosur a thabhairt chun críche i mí an Mheithimh 2019, rinne an Roinn tairiscint ar an Measúnú Tionchair Eacnamaíochta agus Inbhuanaitheachta a bhain leis an margadh trádála AE-Mercosur i mí na Nollag 2019, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá an measúnú tionchair le bheith tugtha chun críche roimh an gComhairle Trádála i mí na Samhna 2020, áit a bhfuiltear ag súil go gcuirfear téacsanna dlí foirmiúla an Chomhaontaithe ar aghaidh chuig Airí de chuid an Aontais Eorpaigh lena gceadú.

## OIBRIÚ NÍOS DLÚITHE LENÁR nGNÍOMHAIREACHTAÍ CHUN SPRIOCANNA TRÁDÁLA AGUS INFHEISTÍOCHTA A BHAINT AMACH

Mar gheall ar an bhfás ar chaomhnaitheacht i margaí trádála idirnáisiúnta, lagú ar an ailtireacht trádála iltaobhach, teacht chun cinn aighnis trádála dhomhanda ollmhóra agus an bhagairt ón mBreatimeacht, tá méadú mór tagtha le blianta beaga anuas ar an rannchuidiú is gá don Roinn a dhéanamh maidir le beartais. Cuireadh béim nua ar ár bhfeidhmíocht náisiúnta mar gheall ar na fachtóirí thuasluaite i dtéarmaí onnmhairí agus infheistíocht isteach a bhuachan, agus ar an ngá lenár n-iarrachtaí a mhéadú ina leith. Bhunaigh an Roinn Aonad Cur i bhFeidhm Trádála agus Infheistíochta nua in 2019 mar thionscnamh chun forbairtí domhanda a thuar, seachas freagairt a thabhairt orthu, agus chun dul i ngleic leis an dúshlán a bhaineann le tuilleadh iomaíochta i margaí thar lear agus maidir le hinfheistíocht shoghluaiste.

Le linn 2019 rinne an tAonad nua dlúthchomhoibriú le gníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne chun soláthar ár spriocanna maidir le héagsúlú agus fás inbhuanaithe ar onnmhairí a threisiú agus maidir le hinfheistíocht láidir isteach. Mar thoradh ar chomhoibriú níos fearr idir an Roinn agus a cuid gníomhaireachtaí, go háirithe ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí, tháinig forbairt ar sineirgí fiú níos fearr idir shainchúraimí na Roinne sna réimsí forbairt fiontraíochta, nuálaíocht, beartas trádála agus idirbheartaíocht, infheistíocht isteach agus feidhmíocht láidir ár ngníomhaireachtaí sa bhaile agus thar lear.

Tacaíonn Misin Trádála agus Infheistíochta faoi stiúir Airí le cuspóir ollmhór an Rialtais maidir le héagsúlú margaidh agus cothaíonn siad an cuspóir maidir le tuilleadh infheistíochta ó thar lear a mhealladh agus a choimeád. In 2019, reáchtáladh 56 Mhisean Trádála agus imeachtaí Trádála faoi stiúir Airí agus dhírigh siad ar chumais nuálaíochta agus tairiscintí iomaíocha chuideachtaí Éireannacha do cheannaitheoirí idirnáisiúnta in earnálacha lena n-áirítear seirbhísí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta, teicneolaíocht airgeadais, foirgníocht ardteicneolaíochta, innealtóireacht, TFC agus eolaíochtaí beatha. Níl sna Misin sin ach cuid amháin de chlár cuimsitheach imeachtaí trádála idirnáisiúnta arna soláthar ag Gníomhaireachtaí Fiontraíochta na Roinne, rud a thugann deis do chuideachtaí Éireannacha bualadh le ceannaitheoirí ionchasacha agus meascadh le príomhlucht tionchair i dtíortha ar fud an domhain.

Cé go mbeidh an Ríocht Aontaithe fós ina margadh an-tábhachtach d’easpórtálaithe na hÉireann, tá an-fhonn ar an Roinn a chinntiú go gcruthaítear deiseanna nua do chuideachtaí Éireannacha a dteastaíonn uathu a láithreacht a leathnú nó fiú a dtáirgí a chur ar fáil i margaí nua. Chuige sin, thug an Roinn tús áite do láithreacht na hÉireann a mhéadú ar mhargaí limistéar an euro, Meiriceá Thuaidh, an Mhurascaill agus an tAigéan Ciúin, réigiúin a léiríonn na deiseanna fáis is láidre do chuideachtaí Éireannacha.

## RÉIMEAS STÁTCHABHRACH AN AONTAIS EORPAIGH

Ba thosaíocht de chuid na Roinne arís in 2019 é go gcloífí leis na rialacha i dtaca le Státchabhair. Lean an Roinn uirthi, mar Phointe Teagmhála Náisiúnta do bheartas uileghabhálach Státchabhrach, ag scaipeadh eolais agus ag cur oiliúint ar fáil faoi rialacháin

státchabhrach ar fud Ranna Rialtais agus ghníomhaireachtaí fiontraíochta na Roinne. Ina theannta sin, mar phointe idirchaidrimh do gach cumarsáid a eisítear chuig Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta agus uaithi, chomhordaigh an Roinn seasamh na hÉireann i dtaca le Státchabhair i rith 2019.

Is iad cuspóirí an tionscnaimh um Nuachóiriú Státchabhrach de chuid an AE fás a chothú i margadh inmheánach treisithe, dinimiciúil agus iomaíoch, forfheidhmiú a dhíriú ar na cásanna is mó a théann i gcion ar an margadh inmheánach agus rialacha i dtaca le Státchabhair a shruthlíniú, ina measc luas cinnteoireachta Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta.

In 2019, mhol an Coimisiún na rialacha reatha maidir le Státchabhair a choimeád ar feadh tréimhse bhreise dhá bhliain go dtí 2022. Mar chuid den phróiseas sin, agus i gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, tá ar an gCoimisiún meastóireacht a dhéanamh ar na rialacha reatha trí bhíthin “seiceáil oiriúnachta”. Go luath in 2019, sheol Ard-Stiúrthóireacht na hIomaíochta comhairliúchán saindírithe ar shraith rialachán agus treoirlínte státchabhrach lena n-áirítear an Rialachán De Minimis agus Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine, chomh maith le roinnt treoirlínte tábhachtacha faoi státchabhair. An Roinn a stiúir rannpháirtíocht na hÉireann sa phróiseas seiceála oiriúnachta sin.

## STRAITÉIS MAIDIR LE MARGADH AONAIR DIGITEACH AN AONTAIS EORPAIGH

Anois agus 28 gceann de na 30 togra reachtach i Straitéis 2015 maidir le Margadh Aonair Digiteach comhaontaithe, is ar an gcéad chéim eile den phróiseas atá an bhéim – Margadh Aonair Digiteach 2.0. Táthar ag iarraidh Margadh Aonair Digiteach níos comhtháite, níos cothromasaí agus níos digití lena n-éascófar comhchlaonadh eacnamaíochta agus sóisialta san Aontas Eorpach. Léireoidh sin cur chuige an Choimisiúin Eorpaigh i dtreo a chinntiú go mbeidh ról cinntitheach ag an Margadh Aonair maidir le cur le hiomaíochas san Aontas Eorpach. Beidh d’aidhm leis an gcéad chéim eile den Mhargadh Aonair Digiteach na bacainní atá fós ann sa mhargadh aonair a bhaint agus creat cothrom agus iomaíoch a sholáthar do thomhaltóirí agus do chuideachtaí na hEorpa.

Tionóladh cruinniú de na tíortha D9+ san Ísiltír i mí Aibreáin 2019. Ardáin ar líne ab ea téama an chruinnithe. Is cruinniú é an D9+ ar leibhéal Airí de thíortha a bhfuil an meon céanna acu agus a thagann le chéile chun saincheisteanna maidir leis an Margadh Aonair Digiteach a phlé. Tá an D9+ comhdhéanta de na naoi dtír Eorpacha is airde rangú in Innéacs Bliantúil an Choimisiúin Eorpaigh um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI). Bhí Éire rannpháirteach sa D9+ sa Pholainn i mí na Nollag, nuair a díríodh ar Athbhreithniú ar an Treoir maidir le Ríomhthráchtáil agus ar an luach a bhaineann le hAcht um Sheirbhísí Digiteacha don Aontas Eorpach a bheadh nuashonraithe agus a sheasfadh an aimsir. I measc imeachtaí eile bhí Cruinniú Mullaigh an OECD *Going Digital* i mí an Mhárta, inar cuireadh léargais thábhachtacha agus teachtaireachtaí beartais i láthair.

## ULLMHÚCHÁIN DON BHREATIMEACHT

In 2019, lean Aonad Breatimeachta na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta lena hobair mhór chun cur chuige comhordaithe agus seasmhach i leith an Bhreatimeachta ar fud na Roinne agus a Gníomhaireachtaí a chinntiú. Áiríodh air sin idirchaidreamh a dhéanamh le Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí Stáit eile i gcomhthéacs Ullmhacht don Bhreatimeacht agus pleanáil theagmhasach do gach cás a d'fhéadfadh titim amach maidir leis an mBreatimeacht, lena n-áirítear Breatimeacht gan mhargadh, lena chinntiú go mbeadh leas na Roinne chun tosaigh in ullmhúcháin an Rialtais. Cuireadh na hionchuir sin san áireamh i bPlean Gníomhaíochta Teagmhasach nuashonraithe an Rialtais maidir leis an mBreatimeacht a foilsíodh i mí Iúil 2019 agus sa Brexit Omnibus Bill 2019.

I mí an Mhárta 2019, shínigh an tUachtarán an tAcht um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach (Forálacha Iarmhartacha) 2019 (*Brexit Omnibus Act*) isteach sa dlí. Thug an Omnibus Act, ina raibh 15 chuid, forlíonadh do bhearta dlíthiúla ar leibhéal an Aontais Eorpaigh agus dhírigh ar bhearta chun ár saoránaigh agus chosaint agus tacú leis an ngeilleagar, le fiontraíocht agus le poist, go háirithe sna príomh-earnálacha den gheilleagar. Dhréachtaigh an Roinn Cuid 3 den Omnibus Act, lenar cuireadh ar chumas Fhiontraíocht Éireann breis tacaíochta a thabhairt do ghnólachtaí trí bhíthin infheistíochta, iasachtaí agus deontais taighde, forbartha agus nuálaíochta, mar chuid den fhreagairt chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha a bheith iomaíoch i gcónaí agus a lorg domhanda a mhéadú. Níor tháinig an reachtaíocht sin i bhfeidhm, mar gheall gur seachnaíodh Breatimeacht gan mhargadh. Mar sin féin, bhí gá leis na tograí reachtacha i gCuid 3 den Omnibus Act chun freastal ar gach cás a d'fhéadfadh titim amach maidir leis an mBreatimeacht, seachas ar Bhreatimeacht gan mhargadh agus sin amháin, agus rinne an Roinn gníomh chun glacadh leis na leasuithe i leith Fhiontraíocht Éireann mar Bhille neamhspleách. Dá bharr sin, achtaíodh an Bille um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019 i mí na Nollag 2019.

Bhí dianchaidreamh le páirtithe leasmhara na Roinne mar phríomhghné d'obair an Aonaid in 2019, lenar bhain rannpháirtíocht Airí trí bhíthin ghrúpaí páirtithe leasmhara amhail An Fóram Fiontraíochta ar an mBreatimeacht agus Dúshláin Dhomhanda agus An Fóram Comhairliúcháin Miondíola. Eagraíodh roinnt seimineár faoi stiúir Airí i gcomhar le Comhlachtaí Cuntasaíochta in Éirinn, a chuimsigh roinnt de na contaetha i réigiún na teorann is mó seans go mbeadh tionchar ag an mBreatimeacht orthu, sa chuid deiridh den bhliain 2019. Bhí príomhghníomhaireachtaí Stáit rannpháirteach sna seimineáir, lena n-áirítear gníomhaireachtaí fiontraíochta agus comhlachtaí rialála faoi shainchúram na Roinne. Pléadh le raon leathan ábhar ag na himeachtaí, amhail custaim, slabhraí soláthair, sreabhadh airgid agus comhréireacht táirgí, chun cabhrú le gnólachtaí ullmhú don Bhreatimeacht.

Ina theannta sin, agus chun cabhrú tuilleadh le gnólachtaí, d'fhorbair an tAonad seicliosta príomhghníomhartha do ghnólachtaí le bheith ullamh don Bhreatimeacht agus scaipeadh iad go forleathan i measc páirtithe leasmhara agus ag imeachtaí a bhain go sonrach leis an mBreatimeacht. Foilsíodh iad ar láithreán gréasáin na Roinne chomh maith.

Rinneadh teagmháil le 220,000 cuideachta ar chlár na hOifige um Chlárú Cuideachtaí (CRO) agus cuireadh an raon tacaíochtaí agus na heagraíochtaí atá ar fáil chun cabhrú leo lena gcuid ullmhúchán don Bhreatimeacht in iúl dóibh. Ní raibh sa tionscnamh sin trí bhíthin an CRO ach ceann amháin den iliomad cainéal agus feachtas a bhí ar bun ag an Aonad chun cumarsáid a dhéanamh le gnólachtaí ar na príomhtheachtaireachtaí maidir leis an mBreatimeacht.

### AN BREATIMEACHT AGUS ALLMHAIRÍ CEIMICEÁN

Le linn 2019, thacaigh an Roinn, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta, le tionscnamh "Ag Ullmhu do Brexit" an Rialtais chun aird a tharraingt ar an tionchar féideartha ar thionscal na hÉireann. Tarraingíodh aird go háirithe ar an tionchar féideartha don tionscal maidir le ceimiceán a fhoinsiú agus táirgí a iompórtáil i rith 2019, toisc go bhféadfadh go mbeadh níos mó dualgais agus oibleagáidí rialála ar thionscail.

### TAIGHDE BREATIMEACHTA

I rith 2019, d'fhoilsigh an Roinn roinnt staidéir eile a chuireann lenár dtuiscint ar thionchar an Bhreatimeachta ar earnálacha agus ar réigiúin.

- *Shock absorption Capacity of Firms in Ireland and Northern Ireland* (Márta 2019): Tá an tuarascáil sin mar chuid de staidéar a rinne an ESRI thar ceann Idir-Thrádáil Éireann faoin tslí le measúnú a dhéanamh ar chumas gnólachtaí glacadh le suaitheadh, trí bhíthin phatrúin mhionsonraithe neamhchosanta ar riosca a úsáid ar fud na hÉireann agus Thuaisceart Éireann.
- *Analysis of UK "No Deal" Tariff Schedule in the Context of Cross-Border Trade* (Deireadh Fómhair 2019): Choimisiúnaigh Idir-Thrádáil Éireann an ESRI chun athbhreithniú a dhéanamh ar impleachtaí sceideal taraifí beartaithe nua na Ríochta Aontaithe ar thrádáil trasteorann.

### BEARTA MAOLAITHE AN BHREATIMEACHTA LE hAGHAIDH FIONTAIR BHEAGA AGUS MHEÁNMHÉIDE

#### SCÉIM IASACHTA AN BHREATIMEACHTA

Seoladh Scéim Iasachta an Bhreatimeachta i mí an Mhárta 2018, i gcomhar leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Banc Eorpach Infheistíochta. Cuireann an Scéim maoiniú inacmhainne ar fáil do ghnóthaí Éireannacha incháilithe ag a bhfuil suas le 499 fostaí agus a bhfuil tionchar ag an mBreatimeacht orthu faoi láthair nó a mbeidh amach anseo. Trí bhíthin ráthaíochtaí Stáit agus AE in éindí, bhain an Scéim leas as suas le €300m iasachtaí d'fhiontair Éireannacha incháilithe ag an uasráta úis 4 Chosain an scéim €23m ar an Státchiste. Tá an scéim ar oscailt do chliaint Gníomhaireachtaí Stáit agus do ghnóthaí nach bhfuil aon bhaint acu le Gníomhaireachtaí Stáit. Cuireann Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann an Scéim i bhfeidhm, trí bhíthin iasachtóirí tráchtála chun caipiteal oibre a chur i ngnóthaí Éireannacha. Amhail ag deireadh 2019, bhí 926 iarratas ar incháilitheacht faoin scéim agus ceadaíodh 832 díobh. Astu sin, cuireadh 234 ar aghaidh chuig faomhadh ar leibhéal bainc. Bhain luach iomlán €47.85m leo sin. Is eangach

shábháilteachta thábhachtach do ghnólachtaí í an Scéim Iasachta an Bhreatimeachta, sa chás go dtarlóidh Breatimeacht crua.

### SCÉIM IASACHTA D'FHÁS SA TODHCHAÍ

Is ciste iasachta €300m í an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí, a seoladh i mí an Mhárta 2019, atá ar fáil do ghnólachtaí incháilithe Éireannacha agus d'earnálacha príomhúla na talmhaíochta agus an bhia mara chun tacú le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach. Bíonn an maoiniú a fhaightear faoin scéim seo níos éasca le teacht air, bíonn praghas níos iomaíche air, agus bíonn téarmaí níos fabhraí ag baint leis ná an méid a thugtar ar iasacht faoi láthair do ghnóthaí dá leithéid. Tairgtear iasachtaí idir €100,000 (€50,000 don talmhaíocht) agus €3m, le hiasachtaí neamhurraithe suas le €500,000. Tá téarmaí idir ocht agus deich mbliana ag baint leis na hiasachtaí – a théann i ngleic le bearna sa mhargadh d'airgeadas níos fadtéarmaí. Déanann an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus an Banc Eorpach Infheistíochta cómhaoiniú ar an scéim. D'oscail an scéim d'iarratais ar incháilitheacht trí Chorparáid Bhaincéireachta Straitéisí Éireann an 17 Aibreán 2019.

Glacadh go fonnmhar leis an scéim sa mhargadh agus amhail ag deireadh 2019 ceadaíodh 2,623 iarratas ar incháilitheacht faoin scéim. Astu sin, cuireadh 719 ar aghaidh chuig faomhadh ar leibhéal bainc. Bhain luach iomlán €139.33m leo sin.

### TEAGMHAS DON BHREATIMEACHT I mBUISÉAD 2020

I mBuiséad 2020, dearbhaíodh teagmhas chun tacú le fiontraíocht i gcás Bhreatimeacht Gan Mhargadh. Beidh teacht láithreach ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar phacáiste tacaíochta éigeandála €110m i gcás Bhreatimeacht Gan Mhargadh agus san áireamh sa phacáiste tá:

- Ciste Tarrthála agus Athstruchtúraithe €42m a thairgfidh suas go €10m d'iarratasóirí aonair i bhfoirm iasachtaí nó cothromas Stáit. Is don chás is measa é sin agus d'úsáidfí é chun gnólachtaí a mbeadh géar-fhadhbanna leachtacha nó dócmhainneachta acu a tharrtháil, agus chun tacú leo plean athstruchtúrtha a chur ar bun chun dul in oiriúint don chás nua ina mbeadh siad.
- Chuirfeadh Ciste um Aistriú €45m meascán d'iasachtaí, deontais agus infheistíochtaí cothromais Stáit do dhéantúsóirí agus do ghnólachtaí san earnáil seirbhísí arna dtrádáil go hidirnáisiúnta. €1m a bheadh mar uasmhéid cúnaimh in aghaidh an ghnólachta.
- Ar deireadh, thabharfadh Ciste Claochlaithe €8m deontais do ghnólachtaí, go háirithe do phróiseálaithe bia, chun dul i mbun nuálaíochta agus chun margaí nua a oscailt.
- Áirítear sa phacáiste €110m gealltáin chun méadú €5m a chur ar mhaoiniú Microfinance Ireland – an ghníomhaireacht a sholáthraíonn iasachtaí do ghnólachtaí a fhostaíonn níos lú ná deichniúr. Scaipfeadh na 31 Oifig Fiontair Áitiúil de chuid an Stáit €5m breise i ndeontais suas go €50,000 an ceann. Roinnfí maoiniú breise €5m idir Idir-Thrádáil Éireann agus comhlachtaí rialála éagsúla eile - lena n-áirítear an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú, an

Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, and the tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

### FEASACHT AGUS ULLMHACHT MAIDIR LEIS AN mBREATIMEACHT

Measann an Roinn Ullmhacht don Bhreatimeacht ar feadh na bhFiontar Beag agus Meánmhéide trí mheán a sraith suirbhéanna ar FBManna maidir leis an mBreatimeacht, lena dtugtar léargais ar an méid agus an cineál ullmhúcháin don Bhreatimeacht atá ar bun ag gnólachtaí. Ach tuilleadh monatóireachta, comhthiomsaithe agus scaipthe a dhéanamh ar na leibhéil rannpháirtíochta le tacaíochtaí Breatimeachta, éascófar forbairt ar léargais faoi thionchar an Bhreatimeachta ar ghnólachtaí.

Anuas ar acmhainní ar líne, foilsíodh roinnt bileog agus leabhrán lena chinntiú go mbeidh gnólachtaí chomh hullamh agus is féidir maidir leis an tionchar a eascróidh as an mBreatimeacht. Ina measc sin bhí: "*Quick Brexit Guide for Business: Customs, tariffs and duties, currency, imports, certification, working capital, financing*" agus "*Currency Risk Management for Irish SMEs*." I bhfianaise an éilimh a bhí air, rinneadh an *Quick Brexit Guide for Business* a athchló cúpla uair. Tugadh faisnéis cothrom le dáta nuair ba chuí chun cúinsí athraitheacha imeacht na Ríochta Aontaithe ón Aontas Eorpach a léiriú. Tugadh láithreán gréasáin na Roinn cothrom le dáta freisin chun treoir faoi Do Ghnólacht a Ullmhú don Bhreatimeacht a chur san áireamh.

Chomh maith leo sin, d'fhoilsigh an Roinn treoir chuimsitheach ar an raon tacaíochtaí difriúla atá ar fáil do ghnólachtaí a bhfuil airgeadas á lorg acu, dar teideal "Rochtain ar thacaíochtaí airgeadais do FBManna agus do mhicrifhiontair" and "Tacaíochtaí Rialtais do Ghnólachtaí Dúchasacha," lena dtairgtear forléargas níos iomláine do ghnólachtaí ar an tsraith iomlán tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí ar feadh na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí ar fad.

### ULLMHÚCHÁIN DON BHREATIMEACHT I MEASC NA nGNÍOMHAIREACHTAÍ FIONTRAÍOCHTA

Stiúir agus chomhordaigh an Roinn an fhreagairt don Bhreatimeacht i measc ár nGníomhaireachtaí. Dhírigh an fhreagairt sin ar fheasacht agus ullmhacht leanúnach na gcuideachtaí a chothú maidir leis an mBreatimeacht agus tacú le gnólachtaí chun tosú ag easpórtáil, a n-onnmhairí a fhás i margaí reatha agus éagsúlú i margaí nua. Áirítear le buaicphointí sonracha;

#### FIONTRAÍOCHT ÉIREANN

Léirítear i Straitéis 2017–2020 de chuid Fhiontraíocht Éireann an fhreagairt straitéiseach don Bhreatimeacht, a bhfuil d'aidhm léi athléimneacht níos fearr a fhás i gcuideachtaí Éireannacha trí scála a thógáil agus réimse a leathnú.

Chun tacú le cliantchuideachtaí dul i ngleic le dúshláin a d'fhéadfadh teacht chun cinn, thug Fiontraíocht Éireann faoi chlár ina ndéantar an méid seo a leanas:

- athléimneacht a fhás i gcuideachtaí easpórtála na hÉireann a dhíríonn ar nuálaíocht, éagsúlú margaidh agus iomaíochas; agus
- dul i ngleic le feasacht agus ullmhacht cuideachtaí maidir leis an mBreatimeacht.

In 2019, rinne Fiontraíocht Éireann an méid seo a leanas:

- Thug tacaíocht do chliantchuideachtaí ar fud na hÉireann 16,971 post nua a chruthú; os cionn 99 láithreacht nua margaidh i limistéar an euro; dhaingnigh cliantchuideachtaí 1,554 chonradh nua thar lear;
- D'fhoilsigh a Tuarascáil 2018 ar Chiste Caipiteal Síl agus Fiontair. €1.34bn an méid carnach iomlán a infheistíodh i gcuideachtaí sna 25 bliana ó seoladh an Scéim Caipiteal Síl agus Fiontair;
- D'fhoilsigh Straitéis réigiúnach nua, Na Réigiúin a Chumhachtaí, a bhfuil d'aidhm léi forbairt réigiúnach chothromaithe a bhrú chun cinn – cuireadh €45m ar fáil faoin gCiste Forbartha Fiontair Réigiúnaigh 3 agus riaradh €4.6m faoin gCiste um Braislí Teicneolaíochta Réigiúnacha;
- Sheol an tairiscint *Focus on Finance* chun cúnamh a thabhairt mar chuid den phleanáil don Bhreatimeacht trí bhíthin phlean mionsonraithe airgeadais agus gnó;
- Leanadh den Chiste Aimsithe Margaí nua a leathadh amach chun tacaíochtaí a chur fáil do ghnóthaí chun taighde a dhéanamh ar straitéisí nua inmharthana agus inbhuanaithe le dul isteach i margadh nua;
- Clinicí Comhairleacha faoin mBreatimeacht agus Sraith Seimineár Gréasáin - in 2019, reáchtáladh 6 Chlinic eile faoin mBreatimeacht ar fud na tíre agus forbraíodh 6 Sheimineár Gréasáin a dhírigh ar na réimsí seo a leanas: Bainistíocht Airgeadais agus Airgeadra; Foinsiú Straitéiseach; Iompar agus Lóistíocht, Gluaiseacht Daoine agus RGCS. Bhí os cionn 250 cruinniú duine-le-duine le sainchomhairleoirí i gceist leis sin agus ghlac 1011 chuideachta páirt i gclinicí agus seimineáir ghréasáin faoin mBreatimeacht;
- Leanadh den Chlár *'Act On'* a leathadh amach, inar cuireadh sainchomhairleoir neamhspleách ar fáil do chuideachtaí do chúrsa dhá sheisiún leathlae inar díríodh ar: (1) Bainistíocht Airgeadais agus Airgeadra; (2) Foinsiú Straitéiseach; agus (3) Custaim agus Lóistíocht;
- Imeachtaí *'Ag Ullmhú do Brexit'* – glacadh páirt san himeachtaí ceardlainne seo a d'eagraigh an Rialtas ar fud na hÉireann chun eolas agus comhairle a thabhairt faoi ullmhú don Breatimeacht agus faoin réimse bearta tacaíochta atá ar fáil ó na gníomhaireachtaí éagsúla. Tionóladh sé imeacht i gCorcaigh, Gaillimh, Muineachán, Baile Átha Cliath, Luimneach agus Leitir Ceanainn;
- Thug isteach agus riar *Clear Customs Financial Support* chun cabhair a thabhairt i leith na costais a bhaineann le cumas próiseála custam a chruthú sa ghnó;
- Chuir cúrsa Fhiontraíocht Éireann *Customs Insights* ar 2,000 cuideachta.

### GFT ÉIREANN

In 2019, lean GFT Éireann de bheith ag obair go díreach lena gcliaint reatha chun cabhrú leo dul i ngleic leis na dúshláin agus ag obair freisin chun tairbhe a bhaint as na deiseanna nua a bhaineann leis an mBreatimeacht.

I rith 2019, d'fhéach an Ghníomhaireacht lena lorg thar lear a threisiú chun a freagairt don Bhreatimeacht a neartú. Tá athstruchtúrú déanta ag an nGníomhaireacht ar a hoibríochtaí san Eoraip agus déantar gnó mhór-roinn na hEorpa de chuid na Gníomhaireachta a bhainistiú as Frankfurt anois agus caitear leis an Ríocht Aontaithe mar chríoch ar leith. D'oscail GFT oifig nua in Toronto. Mar chuid d'iarrachtaí chun deiseanna a thagann chun cinn i margaí infheistíochta dírí coigríche reatha a mhéadú agus chun díriú ar dheiseanna i margaí infheistíochta dírí coigríche nua neamh-traidisiúnta, bhunaigh an Ghníomhaireacht Foireann Margaí Ceannródaíocha chun díriú ar dheiseanna infheistíochta i margaí nua, amhail an Tuirc, Iosrael, An Afraic Theas agus Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha.

Sheol GFT feachtas idirnáisiúnta i bpríomh-mhargaí i mí an Mheithimh 2019 chun meabhrú d'infheisteoirí reatha agus ionchais gur thogra infheistíochta láidir atá in Éirinn fós agus go bhfuil sí neamhspleách ó na gníomhartha polaitiúla a ndéantar sa Ríocht Aontaithe. Chomh maith le sraith uirlisí airgeadais agus neamh-airgeadais a fhorbairt, rinne an Ghníomhaireacht uasghrádú ar a straitéisí margaíochta chun aird a tharraingt ar oiriúnacht na hÉireann do chuideachtaí atá ag iarraidh rochtain ar mhargadh an Aontais Eorpaigh a choimeád amach anseo. Rinneadh feachtas margaíochta sa tSeapáin agus i réigiún an Aigéin Chiúin chun cur leis an bhfeasacht ar Éirinn mar áit le trádáil agus infheistíocht a dhéanamh ann an t-am céanna a bhí Corn an Domhain sa Rugbaí 2019 ar siúl. Chuaigh GFT agus Fiontraíocht Éireann ar mhisean trádála chun na Seapáine freisin.

Ag deireadh na bliana, thuairiscigh GFT Éireann gur ghnóthaigh siad tuairim is 90 infheistíocht a bhain leis an mBreatimeacht agus a raibh poitéinseal fostaíochta do bhreis is 5,500 ról sa dá nó trí bliana amach romhainn i gceist leo. Baineann na poist agus na tionscadail a daingníodh go dtí seo le réimsí éagsúla den gheilleagar, lena n-áirítear na hEolaíochtaí Beatha, Teicneolaíocht, Seirbhísí Gnó, Seirbhísí Airgeadais agus Innealtóireacht. Leanann GFT de bheith ag obair go gníomhach lena chliaint chun cabhrú le dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann leis an mBreatimeacht agus chun leas a bhaint as deiseanna a bhaineann leis an mBreatimeacht.

### OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA

Tá tacaíochtaí Breatimeachta tríd an 31 Oifig Fiontair Áitiúil ar fud na tíre dírithe ar fhaisnéis agus feasacht, éagsúlú margaidh, iomaíochas méadaithe, agus nuálaíocht a chur chun cinn. Chomh maith leis an mBreatimeacht, meantóireacht lena mbaineann agus oiliúint, chuir na hOifigí Fiontair Áitiúla tionscnaimh a bhaineann go sonrach leis an mBreatimeacht ar fáil le haghaidh micrifhiontar, lena n-áirítear:

- D'fhreastail 6,847 rannpháirtí ar imeachtaí eolais faoin mBreatimeacht a bhí dírithe ar chliaint lárnacha agus neamhlárnacha;

- spreagadh cliaint le páirt a ghlacadh sna Seónna Bóthair Breatimeachta a d'eagraigh Fiontraíocht Éireann;
- Cuireadh Deontais Cúnaimh Theicniúil don Mhicr-Easpórtáil sa tsraith deontas mar spreagadh do chliaint deiseanna nua margaidh a fhiosrú agus a fhorbairt. Ceadaíodh cúnamh do 424 chliant faoin mbeart sin in 2019. Sainaithnítear leis an tairiscint Lean4Micro do chliaint mhicrifhiontair saincheisteanna agus réimsí a d'fhéadfaí feabhas a chur orthu, rud a chuireann ar chumas fiontair coigilteas agus feabhsúcháin ar chumas agus acmhainneacht soláthair a bhaint amach. In 2019, bhí 278 gcliant rannpháirteach sa chlár ag na hOifigí Fiontair Áitiúla.

## IDIR-THRÁDÁIL ÉIREANN

Toisc go bhféadfadh an Breatimeacht tionchar mór a imirt ar na fiontair bheaga agus mheánmhéide ar thug Idir-Thrádáil Éireann cúnamh dóibh, sholáthair an Roinn maoiniú breise d'Idir-Thrádáil Éireann in 2019. Chuir sé sin ar chumas Idir-Thrádáil Éireann tuilleadh feabhsúcháin a dhéanamh ar:

- Seirbhís Chomhairleach an Bhreatimeachta a chuireann réimse tacaíochtaí oiriúnaithe ar fáil. San iomlán, bhí Seirbhís Chomhairleach an Bhreatimeachta ag plé go díreach le hos cionn 5,416 FBManna ar fud an oileáin.
- Dearbháin *'Start to Plan'* don Bhreatimeacht, dar luach €2,250, chun a chur ar chumas cuideachtaí sainchomhairle a fháil ar cheisteanna ar nós pleanáil airgeadra, taraifí agus custam, ceanglais rialála agus ceisteanna cánach. In 2019, fuair Idir-Thrádáil Éireann 1,283 iarratas ar dhearbháin *'Start to Plan'* do FBManna.
- I mí an Mhárta 2019, sheol Idir-Thrádáil Éireann dearbhán cur i bhfeidhm Breatimeachta nua. Leis an dearbhán sin, tugtar tacaíocht airgeadais suas go €5,625, agus is í Idir-Thrádáil Éireann a íocann 50% den chostas. Tugann an dearbhán sin deis do ghnólachtaí athruithe criticiúla a chur i bhfeidhm ar sainaithníodh iad i bpróiseas chéim a haon, rud a fhágann go mbíonn siad níos ullmhaithe chun déileáil le caidreamh trádála nua. Fuair Idir-Thrádáil Éireann 60 iarratas ar Dhearbháin Chur i bhFeidhm in 2019.

## AN tÚDARÁS UM CHAIGHDEÁIN NÁISIÚNTA NA hÉIREANN (NSAI)

Ina cháil mar Chomhlacht Náisiúnta na hÉireann um Chaighdeáin, díríonn NSAI, ó thaobh an Bhreatimeachta de, ar scrúdú a dhéanamh ar na rioscaí agus ar na deiseanna do ghnólachtaí maidir le deimhniú táirgí agus caighdeáin ISO, an Aontais Eorpaigh agus na Breataine a chur i bhfeidhm i ndiaidh an Bhreatimeachta.

Tá tacaíochtaí faisnéise cruthaithe ag NSAI chun cabhrú le gnólachtaí Éireannacha ina gcuid ullmhúchán chun tionchar an Bhreatimeachta a íoslaghdú, a slabhraí soláthair a chosaint agus rochtain ar mhargadh na Ríochta Aontaithe a choimeád.

Thug NSAI roinnt tionscnamh isteach sa bhliain 2019, ina measc:

- Ceardlanna Faisnéise NSAI faoin mBreatimeacht sa Chabhán, i Muineachán agus i mBéal Feirste.

- Ceardlanna Foirgníochta NSAI i gCorcaigh agus i Luimneach.
- Seisiúin faisnéise Foirgníochta ón Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil do phríomhpháirtithe leasmhara san earnáil foirgníochta.
- Bileoga Eolais faoin mBreatimeacht ó NSAI i bpríomhréimsí amhail Foirgníocht, Agraibhia, Soláthar Glas, Feistí Leighis agus Deimhniú Táirgí
- Tairseach saintiomanta don Bhreatimeacht ar láithreán gréasáin an NSAI agus seoladh ríomhphoist saintiomanta le haghaidh cheisteanna faoin mBreatimeacht.
- Cainteanna faoin mBreatimeacht ag Comhdhálacha Enginex agus ELECTEX

Thacaigh an NSAI le clár an Rialtais trí bhíthin:

- Imeachtaí *'Ag Ullmhú do Brexit'* trí bhíthin rannpháirtíocht i gceardlanna ar fud na hÉireann chun faisnéis agus comhairle a thabhairt maidir le hUllmhacht don Bhreatimeacht agus an raon beart tacaíochta i measc na ngníomhaireachtaí.

## CLÁR MÉADREOLAÍOCHTA NA hEORPA UM TAIGHDE

Is comhpháirtí í an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta de chuid an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann sa Chlár Méadreolaíochta Eorpach um Nuálaíocht agus Thaighde (EMPIR) a chomhordaíonn tionscadail taighde chun dul i ngleic le dúshláin mhóra i gcúrsaí sláinte, fuinnimh, comhshaoil agus tionscail, chomh maith le hacmhainn taighde a chothú ar fud bhallstáit an Aontais Eorpaigh.

I rith 2019, glac an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta páirt i gceithre thionscadal taighde chomhoibríocha EMPIR, agus chomhordaigh sí ceann amháin díobh. Bhí an NSAI ina chomhalta den chuibhreannas ar éirigh leis maoiniú a fháil do thionscadal faoi Ghlao 2019. Cuirfear tús leis an tionscadal sin i lár 2020.

In 2019, bhí an tSaotharlann Náisiúnta Méadreolaíochta ina comh-údar ar thrí pháipéar eolaíochta. Cuireadh péire de na páipéir i láthair ag comhdháil IMEKO faoi theocht agus bogthaise an Domhain in Chengdu, an tSín, agus foilsíodh iad san iris eolaíochta idirnáisiúnta *"Measurement Science and Technology"*. Cuireadh an tríú páipéar, *"Practical precision electrical impedance measurements for the 21st Century"* i láthair ag an Congres International de Metrologie sa Fhrainc.

Is cuid lárnach den chlár EMPIR í Forbairt Acmhainne chomh maith agus toghadh Ceann Shaotharlainn Náisiúnta Méadreolaíochta an NSAI ina Thionólaí ar Mheitheal EURAMET don Fhorbairt Acmhainne (WG-CB). An cuspóir atá leis an meitheal sin, bonn taca a chur leis an bhfís de líonra Méadreolaíochta soiléir, éifeachtach, inbhuanaithe agus comhtháite san Eoraip, trí bhíthin cabhrú le gach comhalta EURAMET a mbonneagar náisiúnta Méadreolaíochta a fhorbairt, agus taighde agus nuálaíocht a spreagadh.

# Sprioc 7: INFHEISTIÚ INÁR bhFOIREANN AGUS TACÚ LEO CHUN AN ACMHAINN AONAIR AGUS CHOMHCHOITEANN A FHEABHSÚ A THUILLEADH, ARDCHAIGHDEÁIN RIALACHAIS CHORPARÁIDIGH A CHINNTIÚ AGUS AN LEAS IS FEARR A BHAINT AS ÁR nACMHAINNÍ AR FAD CHUN ÁR STRAITÉIS, MISEAN AGUS SPRIOCANNA A BHAINT AMACH

Leis an Rannóg Seirbhísí Corparáideacha, tugtar le chéile réimsí tras-roinne an Rialachais, Acmhainní Daonna, TF, Airgeadais, Cumarsáide agus Seirbhísí Gnó.

## ATHBHREITHNIÚ AR INNIÚLACHT EAGRAÍOCHTÚIL

Foráiltear leis an bPlean Athnuachana don Státseirbhís (Gníomh 20) do chlár d'athbhreithnithe inniúlachta ar fud na Ranna Rialtais.

Thug Foireann Athbhreithnithe Inniúlachta neamhspleách faoin athbhreithniú i gcomhar le foireann na Roinne, a hOifigí agus a Gníomhaireachtaí agus raon páirtithe leasmhara seachtracha. Dhírigh an mhodheolaíocht athbhreithnithe ar cheithre phríomhréimse: Ceannaireacht, Straitéis, Soláthar agus Inniúlacht Eagraíochtúil.

Cuireadh Athbhreithniú Inniúlachta na Roinne i gcrích go deireanach i mí na Nollag 2018 agus thug an Rialtas dá aire é sin, mar aon le Plean Cur i bhFeidhm na Roinne mar fhreagairt do na torthaí, i mí Aibreáin 2019. Tá an dá dhoiciméad foilsithe ar láithreán gréasáin na Roinne.

Bhí príomhthorthaí an athbhreithnithe an-dearfach. Aithnítear go bhfuil cuntas teiste láidir ag an Roinn maidir le cuspóirí éagsúla straitéiseacha agus gnó a bhaint amach le blianta beaga anuas agus go bhfuil meas ar an Roinn ar fud an Rialtais. Roinneadh roinnt moltaí san athbhreithniú. Thug an Rialtas aghaidh ar chuid díobh i rith 2019 agus déanfaimid tuilleadh dul chun cinn ar na cinn eile i rith 2020.

## ÁR nACMHAINN CÓIRÍOCHTA A FHEABHSÚ OIREAD AGUS IS FÉIDIR AGUS FREAGAIRT INMHEÁNACH NA ROINNE AR DHÚSHLÁN AN GHNÍOMHAITHE AR SON NA hAERÁIDE A CHEAPADH

I rith 2019, thug an Roinn, i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí, faoi raon tionscnamh chun ár n-acmhainn cóiríochta a fheabhsú tuilleadh sna foirgnimh ar Shráid Chill Dara, Shráid Dhásain agus Ionad Phort an Iarla. Cabhraíonn oibreacha den sórt sin le bonn taca a chur faoi fhreagairt inmheánach na Roinne ar dhúshlán an ghníomhaithe ar son na haeráide trí bhíthin ár “Plean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní 2019/20” (REAP).

## PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA UM ÉIFEACHTÚLACHT ACMHAINNÍ 2019/20

I bPlean Gníomhaíochta um Éifeachtúlacht Acmhainní de chuid na Roinne, leagtar amach os cionn 50 gníomh dhifriúla atá ar bun againn go hinmheánach inár bhfoirgnimh ar fad. Dírítear ar cheithre réimse théamacha: Fuinneamh, Bainistiú Dramhaíola, úsáid Uisce agus

Éiceolaíocht/Plandaí. “Foireann Ghlas” thar a bheith gníomhach ina bhfuil os cionn 30 comhalta ó gach cuid den Roinn agus dá hOifigí a stiúrann an REAP. Oibríonn siad i gcomhar chun feasacht ar chúrsaí “Glasa” a ardú. Cabhraíonn an “Fhoireann Ghlas” le tionscnaimh nua a chothú freisin, amhail dramhbhia a lárú, araidí dramhaíola ginearálta a chomhdhlúthú, úsáid uisce a laghdú, athchúrsáil a fheabhsú agus cur leis an méid plandaí i bhfoirgnimh, nuair is féidir sin. Tá an REAP foilsithe ar ár láithreán gréasáin ag https://dbei.gov.ie/en/Publications/RGFN-Resource-Efficiency-Action-Plan.html

## FEIDHMÍOCHT FUINNIMH 2019

Foilsíonn Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) tuarascáil bhliantúil faoi éifeachtúlacht fuinnimh na hearnála poiblí. Léiríonn na sonraí SEAI ó 2019 go bhfuil coigilteas fuinnimh 49.5% bainte amach againn ón mbonnbhliain (2009), méid atá go maith os cionn an sprioc thosaigh 33% a leagadh amach do chomhlachtaí poiblí.

## TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID CHUN ÉIFEACHTÚLACHTAÍ A LORG AGUS CHUN SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ A FHEABHSÚ

I mí an Mhárta 2019, thug an Roinn córas ríomhshonrasctha isteach trínar féidir sonraisc leictreonacha a fháil agus a phróiseáil, rud a chinntíonn comhlíonadh leis an Treoir ón Eoraip maidir le ríomhshonrascadh (2014/55/AE) le haghaidh Ranna Rialtais.

Chuir an Roinn roinnt tionscnamh TFC nua i gcrích i rith na bliana chun seachadadh seirbhísí do chustaiméirí a fheabhsú. Áiríodh orthu sin seirbhísí nua a sheoladh do Chlárlann na gCara-Chumann agus na feidhmeanna iniúchta agus forfheidhmithe don Choimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Rinneadh feabhsúcháin ar Chóras Bainistíochta na gCeadanna Fostaíochta chun éifeachtúlacht próiseála a fheabhsú oiread agus ab fhéidir.

Go hinmheánach, tugadh faoi thionscnaimh éagsúla chun éifeachtacht na n-oibríochtaí inmheánacha a fheabhsú, ina measc inlíon nua corparáideach a sheoladh chun tacú le níos mó comhoibre agus feidhm maoirseachta fheabhsaithe do thionscadail TFC a bhunú chun maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ar thionscadail TFC. Rinneadh feabhsuithe freisin ar chóras suirbhéireachta fostaíochta na Roinne, chun éifeachtúlacht an phróisis don suirbhé bliantúil fostaíochta a mhéadú. Cuireadh tionscadail i gcrích freisin chun maoirseacht slándála níos fearr a chur ar fáil do chórais na Roinne agus chun athléimneacht córais níos fearr a sholáthar.

## CUMARSÁID

I rith 2019, lean an tAonad Cumarsáide dá ról maidir le hobair ár nAirí agus na Roinne a chur in iúl dár bpáirtithe leasmhara, do na meáin agus don phobal, chomh maith le tacú le cumarsáid éifeachtach inmheánach sa Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

I ndiaidh phróiseas tairisceana iomaíoch, d’fhostaigh an tAonad cuideachta dearadh grafach thar ceann na Roinne i mí na Samhna seo caite, le go ndéanfar an dearadh grafach ar fad in aon áit amháin.

Leanann an tAonad Cumarsáide de chumas a fhorbairt maidir le táirgeadh inneachair i gcónaí ar raon leathan ardán meán agus de scileanna na foirne a fhorbairt agus a mhéadú chun tacú níos fearr le hobair na nAirí agus ár gcomhghleacaithe sa Roinn. Díríodh go mór ar tháirgeadh inmheánach físeán agus grianghraf san Aonad in 2019. Léiríodh go hinmheánach 36 chinn de na 54 fhíseán a postáladh ar chuntais mheáin shóisialta na Roinne.

In 2019, d'eisigh an Phreasoifig 107 bpreasráiteas agus rannchuidigh le 208 bpreasráiteas eile. Phléigh an Phreasoifig le raon cuimsitheach ceisteanna ó iriseoirí i rith na bliana. Clúdaíodh obair na Roinne, a cuid Airí, a cuid oifigí agus a cuid gníomhaireachtaí 11.6k scéal sna meáin chlóite, chomh maith le i 43 mhír theilifíse agus i 509 mír raidió.

Stiúir an Phreasoifig eagrú agus bainistiú roinnt seoladh feachtas seachtrach náisiúnta agus imeachtaí le haghaidh na Roinne. Áiríodh air sin tacú le seisiúin eolais faoin mBreatimeacht ar fud na tíre, imeachtaí chun Future Jobs Ireland 2019 a sheoladh agus a chur chun cinn, na Pleanannna Fiontraíochta Réigiúnacha a leathadh amach, an Scéim Iasachta d'Fhás sa Todhchaí a sheoladh, Straitéis Spáis na hÉireann don Fhiontraíocht a sheoladh, Glao 2 do Chiste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha a sheoladh, láithreacht na Roinne ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta a chomhordú, Athbhreithniú an OECD ar bheartais maidir le Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Fiontraíocht in Éirinn a sheoladh, an Straitéis Tionscal 4.0 a sheoladh, agus na fógraí maidir le leasuithe ar an Reachtaíocht um Dhearbháin Bhronntanais agus Scéim Ghinearálta an Bhille um Cheadanna Fostaíochta.

Déanann an tAonad Cumarsáide maoirseacht ar inneachar d'inlíon na Roinne agus bainistiú ar láithreán gréasáin na Roinne.

Thug an tAonad tacaíocht do chomhghleacaithe freisin ó thaobh imeachtaí inmheánacha agus imeachtaí le páirtithe leasmhara, thug sí comhairle ar bhrandáil, cabhair le grianghrafadóireacht agus tacaíocht leis na meáin shóisialta. Ar shamplaí den mhéid sin bhí an Cruinniú Bricfeasta do Phríomhfheidhmeannaigh agus Ceannairí na Freagrachta Sóisialta Corparáidí in Amharclann Smock Alley i mí an Mheithimh agus an chomhdháil *Countess Markievicz Conference – Celebrating Women Leaders in Ireland* i Seomra Theach na dTiarnaí, Faiche an Choláiste i mí na Samhna 2019.

In 2019, tháinig fás 14% go dtí 23,000 ar leantóirí chuntas Twitter na Roinne (@EnterInnov) agus fuair tvuíteanna na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta os cionn 6m imprisean. I measc ábhar rialta na tvuíteanna bhí tacaíochtaí don Bhreatimeacht, Future Jobs Ireland agus Ciste Nuálaíochta na dTeicneolaíochtaí Suaiteacha.

Tháinig fás mór ar chuntas LinkedIn na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta in 2019 freisin. Bhí 4,700 leantóir ann ag tús na bliana agus tuairim is 9,600 leantóir ag deireadh na bliana. Is í an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta an dara roinn Rialtais is mó a leantar ar i

ndiaidh na Roinne Airgeadais. Breathnaíodh ar na 20 físeán a postáladh ar LinkedIn i rith na bliana os cionn 19k uair in éindí.

## RIALACHAS CORPARÁIDEACH

### Creat Rialachais

Tá sé d'aidhm ag Creat Rialachais na Roinne dearbhú a thabhairt go bhfuil beartais agus cleachtais dea-rialachais leabaithe sa Roinn. Leagtar amach ann a bhfuil i gceist againn nuair a luaimid rialachas, an chúis a bhfuil sé tábhachtach, an chaoi a ndéanann an Roinn a cuid oibre agus an chaoi a n-oibríonn sí chun a sainordú agus feidhmeanna a bhaint amach. Cinntítear go bhfuil an chaoi a ndéanann an Roinn cinntí agus a gcuireann sí beartais i bhfeidhm níos trédhearcaí don phobal agus, chomh tábhachtach céanna, d'fhoireann na Roinne. Foilsíodh Creat Rialachais 2019 nuashonraithe agus athbhreithnithe i mí an Mhárta 2019.

### Creat Comhlíonta

Moladh i gCaighdeán Rialachas Corparáideach na Státseirbhíse gur cheart do Ranna Rialtais Creat Comhlíonta a fhorbairt le cur leis an gCreat Rialachais. Tugtar forléargas sa Chreat sin ar an ghníomhaíocht ar fad sa Roinn a bhaineann le dearbhú comhlíonta agus sainaithnítear cé atá freagrach as gach oibleagáid chomhlíonta. Foilsíodh Creat Comhlíonta 2019 na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta i mí an Mhárta 2019.

### Bainistiú Riosca

Soláthraíodh sraith seisiún oiliúna maidir le feasacht ar riosca i rith 2019, do bhaill foirne ar ghrád Príomhoifigigh agus Príomhoifigigh Chúnta. Foireann Rialachais agus an tAonad Tacaíochta Bainistíochta a cheap agus a sholáthair an cúrsa.

## INIÚCHÓIREACHT INMHEÁNACH

Bunaithe ar chaighdeáin a nglactar leo go hidirnáisiúnta agus ar ghlac an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leo ar son na Státseirbhíse, thug Aonad Fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí dearbhú agus comhairle don Ard-Rúnaí in 2019 maidir le próisis agus nósanna imeachta inmheánacha airgeadais agus eile na Roinne.

## AN RIALACHÁN GINEARÁLTA MAIDIR LE COSAINT SONRAÍ (GDPR) & AN tACHT UM CHOSAINT SONRAÍ, 2018

Tháinig an Rialachán Ginearálta nua maidir le Cosaint Sonraí (an "GDPR") i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Tugtar cearta feabhsaithe maidir le cosaint sonraí do dhaoine aonair (i.e. ábhair sonraí) leis an Rialachán, agus leagtar béim ar a thábhachtaí atá trédhearcacht, slándáil agus cuntasacht i ngach gníomhaíocht próiseála sonraí a bhaineann le Sonraí Pearsanta. Méadaíonn an GDPR go mór oibleagáidí agus freagrachtaí eagraíochtaí agus gnóthaí sa chaoi a mbailíonn siad, a n-úsáideann siad agus a gcosnaíonn siad Sonraí Pearsanta.

Le linn 2019, lean Oifigeach Cosanta Sonraí lánaimseartha de bheith ag obair le hAonaid Ghnó ar fud na Roinne agus a cuid oifigí chun athbhreithniú a dheanamh ar a gcleachtais Sonraí Pearsanta, cabhrú le beartais agus prótacail nua a cheapadh, seisiúin oiliúna agus eolais a chur ar fáil don fhoireann, agus eolas a thabhairt don phobal maidir le cosaint sonraí agus a gcuid ceisteanna a fhreagairt. Rinneadh dul chun cinn ar fheachtas príobháideachais nua a dhearadh chun aird a tharraingt ar na prionsabail dea-chleachtais maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil. Seolfar an feachtas go luath in 2020.

In 2019, fuair an Roinn agus a cuid Oifigí 43 Iarratas Rochtana Sonraí agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018.

### AN tACHT UM BRÚSTOCAIREACHT A RIALÁIL, 2015

Ceapadh an tAcht um Brústocaireacht chun faisnéis a thabhairt don phobal faoi cé atá i mbun brústocaireachta, cé leis agus céard faoi. Nuashonraíodh liosta dár nOifigigh Phoiblí Ainmnithe faoin Acht seo in 2019, agus foilsíodh é ar ár suíomh gréasáin.

### AN tACHT UM NOCHTADH COSANTA, 2014

D’fhoilsigh an Roinn a Tuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta le haghaidh 2018 ar láithreán gréasáin na Roinne i mí an Mheithimh 2019.

### AN tACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

I rith 2019, d’fhoilsigh an Roinn tuairiscí feidhmíochta íocaíochta gach ráithe ar a suíomh gréasáin don Roinn agus do na comhlachtaí faoina cúram.

### AN tACHT UM THÚS ÁITE DO LEANAÍ, 2015

Tá Ráiteas um Chosaint Leanaí i bhfeidhm ag an Roinn. Forbraíodh an ráiteas i gcomhréir leis na riachtanais faoin Acht um Thús Áite do Leanaí 2015, Treoir Náisiúnta maidir le Tús Áite do Leanaí agus Treoir Tusla maidir le Cosaint Leanaí: Treoir beartais, nós imeachta agus cleachtais. Tá an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta tiomanta don Ráiteas um Chosaint Leanaí seo a chur i bhfeidhm, chomh maith leis na nósanna imeachta a thacaíonn lenár rún leanaí a choinneáil slán ó dhíobháil agus iad ag obair le foireann na Roinne.

### AN tACHT FÁ CHOIMISIÚN NA hÉIREANN UM CHEARTA AN DUINE AGUS COMHIONANNAS, 2014

I gcomhréir lenár n-oibleagáidí faoin Acht seo, tá an Roinn tiomanta a beartais, nósanna imeachta agus seirbhísí níos leithne ar feadh a réimsí gnó a dhéanamh díonach lena chinntiú go gcomhlíonann an Roinn a cuid riachtanas sa réimse cearta an duine agus comhionannas:

### Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Is comhlacht neamhspleách é an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre a bunaíodh de réir dlí chun gearáin maidir le hidirdhealú a fhiosrú nó chun idirghabháil a dhéanamh ina leith. Cuimsítear an Coimisiún faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine. Idirdhealú is ea nuair nach gcaitear chomh fabhrach céanna le duine amháin seachas duine eile. Cumhdaítear íospairt faoin reachtaíocht freisin.

### Freagracht Shóisialta Chorparáideach

Cuireann an Roinn an rúnaíocht ar fáil d'Fhóram Páirtithe Leasmhara na Freagrachta Sóisialta Corparáidí atá faoi stiúir fiontar, agus a mhaoirsíonn cur i bhfeidhm na ngníomhartha i bPlean Náisiúnta na Freagrachta Sóisialta Corparáidí. Is coincheap í Freagracht Shóisialta Chorparáideach ina ndéanann gnóthaí agus eagraíochtaí eile a bhfreagrachtaí sóisialta agus comhshaoil a cheangal lena bhfeidhmiúcháin ghnó, agus go ndéantar cinntí gnó le haird ar cheisteanna inbhuanaitheachta níos forleithne.

### Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní

Déantar ionadaíocht don Roinn ar Choiste Straitéiseach Straitéis Náisiúnta na mBan agus na gCailíní, 2017–2020. Cuirimid le gníomhartha coitinne, ar nós saineolas inmheánach i ngníomhaíochtaí príomhshruthaithe inscne a fhorbairt agus machnamh a dhéanamh ar thionchar inscne ar fhorbairt straitéisí nua.

### An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas

Glactar le cur chuige uile-Rialtais sa Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas 2017–2021 i leith saol daoine atá faoi mhíchumas a fheabhsú go praiticiúil agus sna deiseanna is fearr is féidir a chruthú do dhaoine atá faoi mhíchumas chun go mbainfidh siad a lánchumas amach.

Tá ionadaíocht ag an Roinn ar an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas, 2017–2021 agus ar an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine Faoi Mhíchumas 2015–2024 agus cuirimid gníomhartha an dá Straitéis chun cinn.

In 2019, tháinig Coiste Comhairleach Míchumais na Roinne le chéile trí huaire. Tá ionadaithe ón nGrúpa Páirtithe Leasmhara Míchumais, ón Údarás Náisiúnta Míchumais agus comhaltaí foirne ón Roinn agus a hOifigí agus Gníomhaireachtaí ar an gCoiste. Dírítear, ag cruinnithe an Choiste, ar ghníomhartha na Roinne faoin Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Daoine faoi Míchumas, agus i measc na réimsí ar díríodh orthu in 2019 bhí 'oiliúint um fheasacht ar mhíchumas'; 'feasacht ar uathachas'; 'caighdeáin mar chumasóirí eagraíochtaí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh'

### Nuálaíocht 2020

Leis an straitéis trasrialtais do thaighde agus forbairt, eolaíocht agus teicneolaíocht, aithnítear tábhacht an chothromais inscne i dtaighde.

Luaitear sa straitéis go bhfuil deis anseo in Éirinn ár gcáil idirnáisiúnta don chomhionannas inscne a fhorbairt le rannphháirtíocht níos mó ban i ngníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta, agus leagtar amach gníomhartha chun dul i ngleic le saincheisteanna inscne maidir le dul chun cinn gairmiúil sa taighde agus sa nuálaíocht.

### Reachtaíocht Ábhartha Eile

Anuas ar an méid sin thuas, feidhmíonn an Roinn laistigh den dlí fostaíochta agus de reachtaíocht ábhartha eile lena ndéantar iarracht cearta an duine agus comhionannas a chinntiú i measc nithe eile, amhail:

Acht Rialaithe na Státseirbhíse, An tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, an tAcht um Shaoire agus Sochar Atharthachta, an tAcht um Chomhionannas, an tAcht um Chaidreamh san Áit Oibre, an tAcht um Chosaint Sonraí, an tAcht um Fhostaithe (Faisnéis agus Comhchomhairle a Sholáthar), an tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, an tAcht um Chosaint Mháithreachais, an tAcht um Shaoire Cúramóra, an tAcht um Eagrú Ama Oibre, an tAcht um Dhífhostú Éagórach.

### COTHROMAÍOCHT INSCNE AR BHOIRD STÁIT

Leanann an Roinn de chothromaíocht inscne i ngach ceapachán chuig boird stáit a spreagadh. Tugann Bainistíocht Shinsearach na Roinne aird ar chothromaíocht inscne i gcónaí agus iad ag roghnú comhaltaí boird. Déanann Airí breithniú ar chomhdhéanamh reatha boird ó thaobh inscne de i gcónaí agus ceapacháin á dhéanamh.

### SCÉIM NA GAEILGE 2019-2022

Chuaigh an tríú Scéim Gaeilge de chuid na Roinne, ar cheadaigh an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta í, i bhfeidhm an 18 Feabhra 2019. Leagtar amach sa Scéim na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus sainaithnítear réimsí le tuilleadh forbartha a dhéanamh orthu. Le linn 2019, chinntigh an Roinn gur cuireadh i bhfeidhm na gealltanais a tugadh i ndáil le soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge.

### CAIRT DO CHUSTAIMÉIRÍ AGUS PLEAN GNÍMH DO SHEIRBHÍSÍ DO CHUSTAIMÉIRÍ 2019-2021

Is ráiteas poiblí í Cairt nuashonraithe na Roinne do Chustaiméirí 2019-2021 ina leagtar amach na caighdeáin agus na leibhéil seirbhíse a bhféadfaidh custaiméirí súil leis agus iad ag plé lenár Roinn. Tugtar sonraí i bPlean Gnímh do Sheirbhísí do Chustaiméirí 2019–2021 ar na bealaí a gcuirfidh an Roinn na príomhghníomhartha a phléitear sa Chairt i bhfeidhm.

Le linn 2019, chinntigh an Roinn gur cuireadh i bhfeidhm na gealltanais i ndáil le soláthar seirbhísí do chustaiméirí a tugadh sa Chairt do Chustaiméirí 2019-2021 agus sa Phlean Gnímh do Sheirbhísí do Chustaiméirí 2019-2021 de chuid na Roinne.

Tháinig Coiste Monatóireacht Tras-rannáin inmheánach na Roinne le chéile uair sa ráithe in 2019. Déanann an Coiste monatóireacht ar chur i bhfeidhm na ngealltanas a rinneadh sa

Phlean Gnímh do Sheirbhísí do Chustaiméirí agus i Scéim Gaeilge na Roinne. Leis an bhfóram sin, cinntíodh go ndeachthas i ngleic le dúshlán ar bith a tháinig chun cinn maidir le gealltanais a bhí le soláthar in 2019 a chomhlíonadh.

## SAORÁIL FAISNÉISE (FOI)

Foilsíodh Scéim Foilsithe na Roinne maidir le Saoráil Faisnéise den chéad uair i mí Aibreán 2016 agus nuashonraíodh í in 2018 de réir Alt 8 of the tAcht um Shaoráil Faisnéise 2014. Leagtar faisnéis amach sa Scéim faoi 6 cheannteideal, chun cabhrú leis an bpobal an Roinn agus a feidhmeanna a thuiscint. In 2019, fuair an Roinn 211 iarratas ar Shaoráil Faisnéise agus próiseáladh iad i gcomhréir le forálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 2014..


In 2019, d'ullmhaigh an Roinn a céad tuarascáil ar achtú na reachtaíochta faoina sainchúram agus i gcomhréir le halt 41(3) den Acht um Shaoráil Faisnéise, 2014, agus cuireadh an tuarascáil sin ar aghaidh chuig an gComhchoiste ar Airgeadas, Caiteachas Poiblí agus Athchóiriú, agus chuig an Taoiseach.

## TEICNEOLAÍOCHT A ÚSÁID CHUN ÉIFEACHTÚLACHTAÍ A BHAINT AMACH AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ A FHEABHSÚ

Thug an Roinn faoi thionscnaimh nua TFC i rith na bliana chun soláthar seirbhísí dár gcustaiméirí a fheabhsú. Rolladh amach Clárlann nua d'Úinéirí Gnólachtaí agus thug Oifig Maoine Intleachtúla na hÉireann seirbhísí nua isteach chun paitinní agus teastais chosanta forlíontacha a chomhdú ar líne. Ina theannta sin, rinneadh athbhreithnithe athstruchtúraithe ar phróisis ghnó in Aonad na gCeadanna Fostaíochta agus san Aonad Ceadúnú Trádála. Beidh na hathbhreithnithe sin mar bhonn taca d'obair amach anseo chun seirbhísí ar líne agus seirbhísí cúloifige sna réimsí sin a fheabhsú tuilleadh. I réimse na hanailísíochta sonraí, forbraíodh deais bainistithe nua chun forléargas ardleibhéil a thabhairt ar phríomh-mhéadracht don Roinn, agus soláthraíodh deaiseanna bainistithe áitiúla i roinnt Oifigí de chuid na Roinne freisin chun tacú le soláthar seirbhísí. Tugadh athbhreithniú neamhspleách ar bheartais agus ar chleachtais chibearshlándála na Roinne chun críche freisin. Cé gur athbhreithniú dearfach a bhí ann, tríd is tríd, beidh sé mar bhonn taca do bhreis feabhsúchán i gcibearshlándáil na Roinne i gcaitheamh na céad bliana eile. Ar deireadh, díchoimisiúnaíodh roinnt córas i rith na bliana, rud a fhágann gur féidir acmhainní a dhíriú ar thionscnaimh nua.

## ACMHAINNÍ DAONNA

Le linn 2019, lean an tAonad Acmhainní Daonna dár lucht saothair a fhorbairt chun freastal ar ár riachtanais ghnó, chun bainisteoirí daoine den scoth a fhorbairt d'fhonn ár spriocanna a bhaint amach agus chun ról straitéiseach Acmhainní Daonna a leabú sa Roinn, mar a leagtar amach sa Straitéis Acmhainní Daonna Nasctha (2018–2020). Soláthraíodh ár spriocanna straitéiseacha trí bhíthin na samhla Comhpháirtí Gnó Acmhainní Daonna, in éineacht le Pleanáil Straitéiseach um Lucht Saothair, chun an tseirbhís is fearr is féidir a chur ar fáil don Roinn i gcomhthéacs na ndúshlán a bhí romhainn.




**Daoine agus Cumas**

margadh saothair dúshlánach agus leachtach, d'oibrigh an Roinn go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus le soláthraithe oiliúna chun baill foirne a earcú agus folúntais thábhachtacha a líonadh agus ár bhfoireann oibre a fhorbairt agus a neartú. Tá líon suntasach foirne fós ag oibriú ar thascanna nua de bharr an líon suaite sa Státseirbhís agus sa mhargadh saothair tríd is tríd. Tá an Roinn ag oibriú chun é sin a bhainistiú trína próiseas Pleanála don Líon Lucht Oibre. Chuige sin, tá an próiseas á bheachtú tuilleadh i bhfianaise phróifíl aoise na Roinne, ar tarraingíodh aird uirthi mar riosca suntasach i bpróiseas an Athbhreithnithe Inniúlachta Eagraíochtúla.

Thug an Roinn faoi shraith rannpháirtíochtaí trína hOifigí agus Rannáin chun tuiscint chothrom le dáta a ghabháil ar na tosaíochtaí straitéiseacha agus na ceanglais a leag siad sin ar an lucht saothair. De bhun na rannpháirtíochta sin, nuashonraíodh Plean don Líon Lucht Oibre trí bliana (2019-2021) agus cuireadh faoi bhráid na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é, a chuirfidh comhlachtaí lárnacha ar an eolas faoi cheanglais na Roinne agus a dhíreoidh ar idirghabhálacha agus tacaíochtaí Acmhainní Daonna chun bearnaí scileanna a dhúnadh agus ár lucht oibre a threisiú, de réir ár ndéimeagrafaice sonraí. Chuir Foghlaim agus Forbairt plean 18 mí i dtoll a chéile a thagann lenár sainordú straitéiseach agus gnó.

## FOGHLAIM AGUS FORBAIRT

Is sprioc straitéiseach agus príomhthosaíocht don Roinn seo é infheistiú inár bhfoireann chun saineolas agus cumas a mhéadú. Bhí an Roinn ar cheann de na chéad seacht Roinn a bhí ina gceannródaithe san aistriú go dtí an Córas Bainistithe Foghlama nua ar líne, mar chuid d'Athnuachan na Státseirbhíse, nuair a thosaigh an tAonad Foghlama agus Forbartha ag baint úsáide as an modheolaíocht nua, shruthlínithe chun oiliúint a sholáthar.

Is gnéithe lárnacha i gcónaí iad Cóitseáil agus Meantóireacht chun tacú le forbairt ár bhfoirne. Chríochnaigh 23 chomhghleacaí ar leibhéal na bainistíochta sinsearaí an Clár Cóitseála Feidhmiúcháin agus thosaigh 18 gcomhghleacaí ar an gclár i rith na bliana. Spreagadh na bainisteoirí líne ar fad freastal ar an gcúrsa *'Coaching for Performance'* le OneLearning, cúrsa ina dtaispeántar an tslí le stíl cóitseála a úsáid i mbainistiú foirne. Ina

theannta sin, cuireadh tús le clár meantóireachta athnuaite nua i rith na bliana, ar ghlac beagnach 50 duine páirt ann.

Seoladh Clár Forbartha d'Oifigigh Feidhmiúcháin agus tugadh dhá mhodúl as ceithre cinn chun críche. Cuimsíodh sna modúil sin Cumarsáid Éifeachtach agus Scaoileadh le Treallús agus Feidhmíocht. Bhí ár gcainteoirí inmheánacha féin páirteach ann agus roinn siad a dtaithí phraiticiúil féin leis na rannpháirtithe.

Reáchtáladh roinnt clár ceannaireachta i rith na bliana, lena n-áirítear Ceannas a Ghlacadh – Mná sa Cheannaireacht; Sármhaitheas a Bhaint Amach sa Cheannaireacht; Ceannaireacht chun Ardtionchar agus Torthaí a Bhaint Amach; An Clár Ceannaireachta Feidhmiúcháin do Phríomhoifigigh; agus an Chomhdháil um Bainistíocht Straitéiseach.

Is clár tábhachtach é an Scéim um Réamhíocaíocht Tháillí Foirne maidir le scileanna agus leibhéil saineolais a fhorbairt, agus chun tacú le hoifigigh sna réimsí féinfhorbartha agus foghlaim ar feadh an tsaoil. Ghlac 41 bhall foirne páirt sa scéim, i ndisciplíní amhail Dlí, Bainistiú Poiblí, Staidéar Gnó, Straitéis, Ceannaireacht, Bainistiú Airgeadais agus Staidéir Ríomhaireachta.

D'fhreastail 185 bhall foirne ar sheisiúin faisnéise ar ábhair amhail Shaoráil Faisnéise, RGCS, Státchabhair agus Future Jobs Ireland. Is clár nua eile é *'Meet the Expert'* ar cuireadh tús leis in 2019. Bhain an seisiún tosaigh le Lá i Saol Rúnaí sa Chúirt Oibreachais.

Tionóladh imeachtaí Lóin agus Foghlama agus imeachtaí Folláine Dé Céadaoin (tionscnaimh nua in 2019) – trí chinn déag ar an iomlán, agus d'fhreastail 469 gcomhghleacaí orthu. Cuimsíodh ábhair amhail an Straitéis Spáis don Fhiontraíocht, Fiontraíocht sa Bhithgheilleagar agus Measúnú a dhéanamh ar Thionchar an Digitithe ar Lucht Saothair na hÉireann.

I measc na dtionscnamh eile a cuireadh i gcrích agus ar tacaíodh leo bhí an Fóram Bainistíochta Sinsearaí, Clár Ionduchtaithe an Aontais Eorpaigh, *Hackathon* na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus an fhoireann tacaíochta imeachtaí.

### ATHNUACHAN NA STÁTSEIRBHÍSE

Cuireadh tús le sraith Fóraim Rannpháirtíochta Foirne le haghaidh gach gráid chun tuiscint níos fearr a fháil ar na ceisteanna a imríonn tionchar ar a rannpháirtíocht, go háirithe na téamaí sin ar a mbíonn tionchar ag iompar bainisteoirí agus dearcadh an phobail i leith na Seirbhíse Poiblí, i ndiaidh thorthaí an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse ó 2017.

Áirítear ar ghealltanas na Roinne i leith an tSuirbhé ar Rannpháirtíocht Fhostaithe na Státseirbhíse:

- Rannpháirtíochtaí idir Comhpháirtithe Gnó Acmhainní Daonna agus Bainisteoirí Líne;


- Ceardlanna Acmhainní Daonna ar an gCód Smachta agus Treoirlínte Tearcfheidhmithe
- PMDS a fhiosrú, ag treisiú stíl chóitseála san eagraíocht;
- Seachtain Nuálaíochta na Roinne a éascú;
- bunú líonraí bunaithe ar Ghráid nó ar Théamaí a fhiosrú;
- torthaí ón Suirbhé ar Shásamh Custaiméirí sa Státseirbhís a chur in iúl;
- obair na Roinne a cheiliúradh agus a chur in iúl trí ainmniúcháin na Roinne do Ghradaim Sármhaitheasa agus Nuálaíochta na Státseirbhíse agus imeachtaí Lóin agus Foghlama;
- Beartas Soghluaisteachta Inmheánaí na Roinne a chur i bhfeidhm;
- aistrithe trí Scéim Soghluaisteachta na Státseirbhíse a éascú; agus
- Deiseanna Iasachta chuig eagraíochtaí ábhartha a thabhairt isteach.

Ghlac an Roinn páirt sna Gradaim Nuálaíochta agus Feabhais sa Státseirbhís agus bhuaigh an duais sa chatagóir “Feabhas sa Nuálaíocht”. Ba é sin an chéad uair a bhain an Roinn duais ag na gradaim. Reáchtáil an foghrúpa Cultúr Nuálaíochta “Seachtain Nuálaíochta” thar a bheith rathúil in 2019. Cuireadh an Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre ar an ngearrliosta faoin gcatagóir “Athchóiriú a Stiúradh” agus cuireadh na Pleananna Fiontraíochta Réigiúnacha go dtí 2020 ar an ngearrliosta faoin gcatagóir “Sármhaitheas i bhForbairt Eagraíochtúil, Scileanna agus Daoine”.

### **dbei**nnovation

I mí Aibreáin 2019 rinneadh ‘Dóigheanna Úra Oibre’ a athbhrandáil mar dbeinnovation, chun tacú níos mó le cultúr nuálaíochta a leabú sa Roinn agus chun cumarsáid faoi na hiarrachtaí agus na tionscnaimh a dhéanann an grúpa agus a fhoghrúpaí a athnuachan.

Tá seacht bhfoghrúpa ann faoi láthair faoi **dbei**nnovation. Bainistíonn gach grúpa a chlár oibre féin agus tugann tuairisc ar an dul chun cinn ar a ghníomhartha féin chuig Grúpa Stiúrtha **dbei**nnovation ag cruinnithe ráithiúla.




Mar chuid de **dbei**nnovation, sheol an foghrúpa Soghluaisteachta agus an Roinn deis iasachta sheachtrach agus rinneadh an chéad socrúchán i bhFiontraíocht Éireann i rith 2019.

## ATHCHÓIRIÚ NA HEARNÁLA POIBLÍ (ÁR SEIRBHÍS PHOIBLÍ 2020)

Tá sé d'aidhm ag Gníomh 6 de 'Ár Seirbhís Phoiblí 2020' 'Cultúr nuálaíochta a spreagadh sa tseirbhís phoiblí'. Tá ról lárnach ag an Roinn sa dul chun cinn ar an nGníomh seo agus tá an tArd-Rúnaí, an Dr Orlaigh Quinn, agus Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fhiontraíocht Éireann, Julie Sinnamon, ina stiúrthóirí ainmnithe air. Is í an Rúnaí Cúnta Pauline Mulligan Urraí an Ghnímh agus is í cathaoirleach fhoireann Ghníomh 6 í, a bunaíodh i mí na Bealtaine 2018 agus ina bhfuil saineolaithe earnála ón tSeirbhís Phoiblí ar fad, ina measc na hearnálacha Cosanta agus Sláinte, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, an Garda Síochána, Fiontraíocht Éireann agus Státseirbhísigh ó na Ranna Oideachais, Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Cosanta, Sláinte, Leanaí agus Gnóthaí Óige.

De bharr cleachtadh scóipe tosaigh an ghrúpa, forbraíodh clár oibre ar a bhfuil 12 thionscnamh, agus tugadh tús áite do dhul chun cinn cúig cinn díobh:

1. Bonnlíne a aimsiú do chultúr nuálaíochta reatha na seirbhíse poiblí agus bacainní ar nuálaíocht;
2. Dearbhú faoi nuálaíocht na seirbhíse poiblí;
3. Líonra Nuálaíochta Sheirbhís Phoiblí na hÉireann a bhunú;
4. Ciste saintiomanta a bhunú chun tacú le nuálaíocht san earnáil phoiblí; agus

5. Scileanna Nuálaíochta agus bearnaí scileanna a shainaithint agus infheistiú iontu.

I measc an dul chun cinn a rinneadh in 2019 bhí

a) Bunaíodh Oifig Bainistithe Tionscadal Nuálaíochta nua sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ach samhail iasachta a úsáid chun foireann a earcú ón tSeirbhís Phoiblí

b) Cruthaíodh Dearbhú faoi Nuálaíocht i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus scaipeadh é ar na hEagraíochtaí Seirbhíse Poiblí ar fad. Iarradh ar Cheann gach eagraíochta an dearbhú a shíniú lena thaispeáint d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí go spreagtar nuálaíocht agus go bhfuil meas uirthi, chun tábhacht na nuálaíochta a chur in iúl agus chun tiomantas a n-eagraíochta do chultúr nuálaíochta a fhorbairt agus a chur chun cinn a dhearbhú.

c) Bunaíodh Líonra Nuálaíochta Sheirbhís Phoiblí na hÉireann agus tionóladh an chéad chruinniú an 30 Meán Fómhair 2019.

d) Iarraidh ainmniúcháin le haghaidh Ionadaí Nuálaíochta as gach eagraíocht Seirbhíse Poiblí le bheith rannpháirteach in imeachtaí líonra, chun nuálaíocht ina n-eagraíocht a chur chun cinn agus chun feidhmiú mar dhuine idirchaidrimh don Oifig Athchóirithe agus Soláthair sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

e) Seoladh an Ciste Nuálaíochta dar luach €500k an 16 Bealtaine 2019, ar bhonn píolótach. Is do chomhlachtaí poiblí é an ciste, chun tionscadail nuálacha a mhaoiniú nó a chómhaoiniú. Fuarthas 136 iarratas lenar iarr díreach faoi bhun €7m. Bhí ró-éileamh ar an gCiste - 14 iarratas iomarcacha. Deonaíodh maoiniú ar 18 dtionscadal, lena n-áirítear tionscadal ón Roinn seo ar an tslí le Físeáin ‘Conas a Dhéantar’ a dhéanamh chun tacú le haistriú eolais.

f) Tá cúrsaí oiliúna ar an nuálaíocht á bhforbairt ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ag an PMO Nuálaíochta, idir chúrsaí deimhnithe agus chúrsaí gan deimhniú, don tSeirbhís Phoiblí. I mí Mheán Fómhair 2019, cuireadh clár oiliúna dhá lá, “Bunriachtanais na Nuálaíochta” d’fhostaithe sa tSeirbhís Phoiblí chun cinn.

# Aguisín 1 BILLÍ A FOILSÍODH NÓ A ACHTAÍODH SA BHLIAIN 2019

- An tAcht um Shainmharcáil (Leasú) 2019: arna achtú an 14 Feabhra 2019
- An tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019: arna achtú an 25 Feabhra 2019
- Acht na gCuideachtaí (Leasú) 2019: arna achtú an 11 Aibreán 2019
- An tAcht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019: arna achtú an 26 Meitheamh 2019
- An tAcht Caidrimh Thionscail (Leasú) 2019: arna achtú an 7 Iúil 2019
- Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2019: arna achtú an 19 Samhain 2019
- An tAcht um Fhorbairt Tionscail (Leasú) 2019:  arna achtú an 22 Nollaig 2019

# Aguisín 2 IONSTRAIMÍ REACHTÚLA A RINNEADH SA BHLIAIN 2019

| | |
|---|---|
| • I.R. Uimh. 61 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Guine) 2019 |
| • I.R. Uimh. 62 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) 2019 |
| • I.R. Uimh. 63 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Veiniséala) 2019 |
| • I.R. Uimh. 64 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Súdáine Theas) 2019 |
| • I.R. Uimh. 65 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le an mBurúin) 2019 |
| • I.R. Uimh. 123 of 2019 | Ordú (Tosach Feidhme) an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 |
| • I.R. Uimh. 126 de 2019 | Rialachán maidir leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (Alt 71(2)) (an Chomhairle Fiaclóireachta) 2019 |
| • I.R. Uimh. 129 de 2019 | Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Foirgníocht) (Leasú) 2019 |
| • I.R. Uimh. 135 de 2019 | An tAcht um Painéal Táthcheangail na hÉireann, 1997 (Stocmhalartán Forordaithe) |
| • I.R. Uimh. 138 de 2019 | Rialacháin maidir le Ceadanna Fostaíochta (Leasú) 2019 |
| • I.R. Uimh. 168 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 2) 2019 |
| • I.R. Uimh. 169 de 2019 | (Bearta Sriantacha maidir leis an Túinéis) 2019 |
| • I.R. Uimh. 170 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiria) 2019 |
| • I.R. Uimh. 171 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Súdáine Theas) (Uimh. 2) 2019 |
| • I.R. Uimh. 172 de 2019 | Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht an Chongó) 2019 |
| • I.R. Uimh. 179 de 2019 | Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Cairéil) (Leasú) 2019 |
| • I.R. Uimh. 180 de 2019 | Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Tumadóireacht) (Leasú) 2019 |

- I.R. Uimh. 181 de 2019 Ordú maidir leis an Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005 (Comhaontú maidir le hAitheantas) 2019
- I.R. Uimh. 213 de 2019 Rialacháin maidir leis an Acht Ceimiceán 2008 (Rialachán Rotterdam) 2019
- I.R. Uimh. 234 de 2019 Ordú Fostaíochta Earnála (Earnáil Foirgníochta) 2019
- I.R. Uimh. 251 de 2019 Ordú Fostaíochta Earnála (Earnáil Conarthachta Leictrí) 2019
- I.R. Uimh. 277 de 2019 Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Iompar Earraí Contúirteacha de Bhóthar agus Úsáid Bhrú-Threalamh Iniompartha) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 291 de 2019 Rialacháin ón gComhphobal Eorpach (Aistriú Táirgí a bhaineann le Cosaint laistigh den Chomhphobal) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 333 de 2019 Rialacháin maidir le Ceadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 2) 2019
- I.R. Uimh. 362 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Sábháilteacht Bréagán) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 363 de 2019 Rialacháin maidir leis an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Táillí) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 439 de 2019 Ordú (Tosach Feidhme) maidir leis an Acht um Shainmharcáil (Leasú) 2019 2019
- I.R. Uimh. 440 de 2019 Rialacháin maidir le Sainmharcáil (Sainmharcanna Ceadaithe) 2019
- I.R. Uimh. 441 de 2019 Rialacháin maidir le Sainmharcáil (Caighdeáin Mhíne na hÉireann) 2019
- I.R. Uimh. 442 de 2019 Rialacháin maidir le Cosaint Tomhaltóirí (Faisnéis do Thomhaltóirí) (Earraí Miotail Lómhair) 2019
- I.R. Uimh. 444 de 2019 Ordú um an Acht Ceardchumann 1941 (Cúlghairm Ceadúnais Idirbheartaíochta) (Uimh. 1) 2019
- I.R. Uimh. 449 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiombáib) 2019
- I.R. Uimh. 450 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an tSiria) (Uimh. 2) 2019
- I.R. Uimh. 451 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin) 2019

- I.R. Uimh. 452 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir leis an Iaráin
- I.R. Uimh. 453 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na hAfraice Láir) 2019
- I.R. Uimh. 454 de 2019 Ordú maidir le hOnnmhairí a Rialú (Ítimí Dé-Úsáide) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 455 de 2019 Rialachán na gComhphobal Eorpach (Rialú Trádála maidir le hEarraí a d'Fhéadfaí a Úsáid chun Céasadh a Dhéanamh) 2019
- I.R. Uimh. 456 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 3) 2019
- I.R. Uimh. 498 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré) (Uimh. 4) 2019
- I.R. Uimh. 499 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Veiniséala) (Uimh. 2) 2019
- I.R. Uimh. 500 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha maidir le Poblacht na Súdáine Theas) (Uimh. 3) 2019
- I.R. Uimh. 505 de 2019 Rialacháin um Méadreolaíocht Dhlíthiúil (Ionstraimí Forordaithe)
- I.R. Uimh. 538 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Bearta Sriantacha in aghaidh Leathadh agus Úsáid na nArm Ceimiceach)
- I.R. Uimh. 586 de 2019 Ordú (Tosach Feidhme) maidir leis an Acht Cóipchirt agus Forálacha Eile um Dhlí na Maoine Intleachtúla 2019
- I.R. Uimh. 587 de 2019 Rialacháin um Dearaí Tionscail (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 588 de 2019 Rialacha maidir le Trádmharcanna (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 589 de 2019 Rialacha maidir le Paitinní (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 592 de 2019 Rialacháin maidir le Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair (Carcanaigin) (Leasú) 2019
- I.R. Uimh. 593 de 2019 Ordú Rialaithe Fostaíochta (Ordú Bunaithe Chomhchoiste Saothair Scoileanna Béarla) 2019
- I.R. Uimh. 595 de 2019 Ordú (Tosach Feidhme) maidir leis an Acht um Chosaint Tomhaltóirí (Dearbháin Bhronntanais) 2019 2019
- I.R. Uimh. 597 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Comhpháirtíochtaí Cáilitheachta: Cuntasacht agus Iniúchóireacht) 2019
- I.R. Uimh. 628 de 2019 Rialacha maidir le Trádmharcanna (Leasú) 2019

- I.R. Uimh. 630 de 2019 Beidh feidhm leis na Rialacháin maidir le Substaintí Dainséaracha (Leachtanna Inlasta agus Siopaí Miondíola Breoslaí) 2019 ón 1 Aibreán 2020
- I.R. Uimh. 631 de 2019 Beidh feidhm leis na Rialacháin maidir le Substaintí Dainséaracha (Leachtanna Inlasta agus Siopaí Dáilte agus Soláthair Tráchtála) 2019 ón 1 Aibreán 2020
- I.R. Uimh. 633 de 2019 Rialacháin maidir le Ceadanna Fostaíochta (Leasú) (Uimh. 3) 2019
- I.R. Uimh. 691 de 2019 Rialacháin ón Aontas Eorpach (Comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe um chosaint tomhaltóirí a fhorfheidhmiú) 2019